2025/2522

19.12.2025

CINNEADH (AE) 2025/2522 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2025

maidir le Státchabhair SA.38330 (2019/C) (ex 2016/FC) a chuir an Pholainn chun feidhme i gcás PCC MCAA Sp. z o. o.

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C (2025) 402)

(Is é an téacs Polainnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a), de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha sin ([1]), agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) An 14 Feabhra 2014, fuair an Coimisiún gearán (an 'gearán') a thaisc CABB GmbH ('an Gearánach'), inar líomhnaíodh gur dheonaigh Poblacht na Polainne ('an Pholainn') Státchabhair neamhdhleathach do PCC MCAA Sp. z o. o. ([2]) ('PCC') chun bunaíocht nua a chur ar bun chun aigéad monaclóraicéiteach ('MCAA') a tháirgeadh sa tSiléis Íochtarach. Líomhain an Gearánach nach bhfuil an chabhair sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(2) Chuir an Coimisiún an leagan neamhrúnda den ghearán ar aghaidh chuig an bPolainn an 28 Márta 2014. An 23 Iúil 2014, sholáthair údaráis na Polainne barúlacha maidir leis an ngearán.

(3) An 23 Meán Fómhair 2014, sheol an Coimisiún a réamh-mheasúnú ar an Státchabhair líomhnaithe chuig an nGearánach. Sholáthair an Gearánach barúlacha breise an 23 Deireadh Fómhair 2014, an 13 Bealtaine 2015, an 25 Lúnasa 2016, agus an 7 Meitheamh 2018.

(4) D'iarr an Coimisiún eolas forlíontach ar an bPolainn an 9 Feabhra 2015, an 2, an 11, agus an 24 Márta 2015, an 23 Meitheamh 2015, an 9 Deireadh Fómhair 2015, an 20 Samhain 2015, an 4 Meán Fómhair 2017, an 14 Meán Fómhair 2018, agus an 7 Nollaig 2018. Chuir an Pholainn tuilleadh eolais isteach an 5, an 16, agus an 30 Márta 2015, an 20 Iúil 2015, an 13 Samhain 2015, an 21 Nollaig 2015, an 12 Eanáir 2016, an 20 Eanáir 2017, an 12 Iúil 2017, an 8 Márta 2018, an 8, an 21 agus an 28 Bealtaine 2018, an 30 Deireadh Fómhair 2018, an 5 Samhain 2018, an 13, an 14 agus an 19 Márta 2019.

(5) An 25 Márta 2015, bhí cruinniú ag an gCoimisiún leis an nGearánach.

(6) Ar an 27 Eanáir 2017, thionóil an Coimisiún cruinniú le húdaráis na Polainne.

(7) Le cinneadh an 31 Deireadh Fómhair 2019, chuir an Coimisiún údaráis na Polainne ar an eolas gur chinn sé an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an 'Conradh') a thionscnamh i leith na cabhrach (an 'Cinneadh tosaigh').

([1]) IO C 144, 30.4.2020, lch. 42.
([2]) An tráth sin athraíodh an t-ainm 'PCC P4 Sp. z o. o.' go 'PCC MCAA SPÓŁKA Z OGRANICZONĄ ODPOWIEDZIALNOŚCIĄ' (PCC MCAA Sp. z o. o.) agus rinneadh iontráil ina leith in KRS (Clár Chúirt Náisiúnta na Polainne) an 28 Bealtaine 2014.

(8) Foilsíodh an Cinneadh Tosaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 30 Aibreán 2020 ([3]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach laistigh d'aon mhí amháin.

(9) Fuair an Coimisiún 26 aighneacht tar éis fhoilsiú an Chinnidh tosaigh. An 13 Bealtaine 2020, chuir Seda Group Sp. z o. o. barúlacha isteach. An 14 Bealtaine 2020, cuireadh barúlacha isteach ó fhostaí de chuid PCC (a chuir isteach barúlacha ó 25 fhostaí de chuid PCC), Riarachán Áitiúil Cheantar Wołowski, ARAPneumatik L.T.M. Kościelniak Sp. j., Główny Instytut Górnictwa, an Líonra Taighde 'Łukasiewicz' – PORT' Lárionad Forbartha Teicneolaíche na Polainne, agus ó Chomhlachas Thionscal na gCeimiceán sa Pholainn. An 15 Bealtaine 2020, cuireadh barúlacha isteach ó Rinnen Polska Sp. z o. o. Spedycja Międzynarodowa, Proton SC, Údarás Bardasach Miękinia, VTU Engineering GmbH, ABB Sp. z o. o., Bulk Tainer Logistics Limited, PC Logistic Sp. z o. o., agus ó PCC Autochem Sp. z o. o. o. Chuir Údarás Bardasach Brzeg Dolny dhá aighneacht isteach an dáta sin. An 18 Bealtaine 2020, fuair an Coimisiún barúlacha ó shaineolaí sa teicneolaíocht maidir le táirgí cosanta plandaí, PCC Exol SA, dhá aighneacht ó Bhord craobh NSZZ de cheardchumann na Siléise Íochtaraí, 'Solidarność', Politechnika Wrocławska, Údarás Bardasach Wołów, PCC SE sa Ghearmáin, Oifig Mharascal na Siléise Íochtaraí, agus ó PCC. An 1 Iúil 2020, chuir an Coimisiún na barúlacha ar aghaidh chuig an bPolainn ([4]); fuarthas a cuid barúlacha mar fhreagairt orthu le litir dar dáta an 3 Lúnasa 2020 (cuireadh isteach arís i mBéarla iad le litir a cláraíodh sa Choimisiún an 15 Meán Fómhair 2020).

(10) Níor chuir an Gearánach barúlacha isteach tar éis fhoilsiú an Chinnidh Tosaigh.

(11) An 11 Lúnasa 2020, thionóil ranna an Choimisiúin teileachomhdháil le húdaráis na Polainne.

(12) An 16 Deireadh Fómhair 2020, fuair an Coimisiún tuilleadh barúlacha ó PCC.

(13) D'iarr an Coimisiún tuilleadh eolais ar an bPolainn an 18 Bealtaine agus an 16 Iúil 2021, an 7 agus an 8 Aibreán, agus an 13 agus an 16 Bealtaine, an 23 Meitheamh agus an 6 Iúil 2022. Chuir an Pholainn eolas isteach an 16 Meitheamh agus an 1 Meán Fómhair 2021, an 21 Márta, an 4 agus an 10 Bealtaine, an 14 agus an 6 Meitheamh, agus an 6 Iúil 2022.

(14) An 29 Meán Fómhair 2022 agus an 9 Eanáir 2023, chuir PCC tuilleadh eolais faoi bhráid an Choimisiúin. An 28 Márta 2023, d'iarr an Coimisiún eolas ar PCC, rud a sholáthair PCC an 24 Aibreán 2023. An 17 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún an leagan neamhrúnda d'aighneacht PCC ar aghaidh chuig údaráis na Polainne, agus d'iarr sé tuilleadh eolais orthu. Chuir údaráis na Polainne a bhfreagairtí isteach an 28 Meitheamh agus an 10 Iúil 2023.

(15) An 22 Meán Fómhair 2023, d'iarr an Coimisiún tuilleadh eolais ar an bPolainn, rud a soláthraíodh an 30 Deireadh Fómhair 2023.

2. TUAIRISC MHIONSONRAITHE AR AN TIONSCADAL AGUS AR AN gCABHAIR LÍOMHNAITHE

2.1. Faighteoir na cabhrach

(16) Is é PCC, fiontar ar le PCC SE ('grúpa PCC') é faighteoir na cabhrach. Cáilítear PCC mar fhiontar mór, agus cuireadh ar bun é in 2010 chun an infheistíocht a chur chun feidhme ar mhaithe le gléasra a thógáil lena dtáirgtear MCAA ultraíon ('UP MCAA').

(17) Is grúpa idirnáisiúnta é grúpa PCC atá gníomhach i roinnt earnálacha, cuir i gcás ceimiceáin, lóistíocht agus fuinneamh. Tá 3 300 fostaí ag grúpa PCC, agus tá suíomhanna aige i 17 dtír ([5]).

([3]) Cf. fonóta 1.

([4]) Níor chuir an Coimisiún na barúlacha a chuir PCC isteach ar aghaidh, toisc gur marcáladh iad mar bharúlacha rúnda agus gur cumhdaíodh iad le pribhléid dlíodóra.

([5]) Féach Companies of the PCC Group - nearly 1 000 chemical products (arna rochtain go deireanach an 29 Iúil 2024).

2.2. **An tionscadal infheistíochta**

(18) Is éard atá i gceist leis an tionscadal infheistíocht tosaigh a dhéanamh i ngléasra nua chun UP MCAA a tháirgeadh in Brzeg Dolny, an tSiléis Íochtarach, atá i réigiún PL51 Dolnośląskie (an 'Tionscadal'). Is iad costais na sócmhainní ábhartha nua, mar atá talamh, foirgnimh agus trealamh a fháil, a bhí sna costais incháilithe don Tionscadal.

(19) Tá an Tionscadal suite i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Wałbrzych.

(20) Ba é ab aidhm don Tionscadal saoráid táirgeachta nuálach a bhunú le haghaidh UP MCAA, foirm MCAA ina bhfuil cion suas le 90 csm (codanna sa mhillún) d'aigéad déchlóraicéiteach ('DCAA'), agus lena ngabhann acmhainneacht táirgeachta bhliantúil uasta (acmhainneacht 'ainmniúil') 42 kt go teoiriciúil.

(21) Is táirge idirmheánach é MCAA a úsáidtear i roinnt mhaith próisis sintéise orgánaí, cuir i gcás táirgí cosanta plandaí, leasacháin, plaistigh, glantaigh, péinteanna, cosmaidí agus táirgí sláinteachais phearsanta a dhéanamh. Is chun ceallalós carbocsaimeitile ('CMC') a dhéanamh an phríomhúsáid a bhaintear as MCAA, agus úsáidtear CMC i ndéanamh greamachán, glantach, gallúnach, tiúsóra péinte eibleachta, agus tiúsóra bia, eiblitheora agus oibreáin chobhsaithigh, mar shampla. Úsáidtear é freisin i dtáirgeadh béitíní (gníomhaithe dromchlacha amfaiteireacha úsáidtear i dtáirgí gruaige), aigéad tiaigliocólach ('TGA') mar shampla, i dtionscal na n-agraiceimiceán, agus ar bhealaí éagsúla eile ([6]).

2.3. **Cuspóir na mbeart cabhrach**

(22) In 2012 agus 2013, dhámh údaráis na Polainne dhá bheart cabhrach ar leithligh le haghaidh an Tionscadail, beart amháin i bhfoirm deontais dhírigh agus an beart eile mar dhíolúine ó cháin (na 'bearta cabhrach', agus ar bhonn aonair, 'beart cabhrach'). Bhíothas ag féachaint le tacú le forbairt an réigiúin tríd an Tionscadal, ar réigiún é a bhí, tráth a deonaíodh na bearta cabhrach, ina limistéar a bhí incháilithe do chúnamh faoi Airteagal 107(3), pointe (a), den Chonradh. Faoin mapa den chabhair réigiúnach a bhí i bhfeidhm in 2012 agus 2013 ('Mapa de chabhair réigiúnach na Polainne 2007-2013') ([7]), ba é 40 % uasteorainn na cabhrach don réigiún lena mbaineann i gcás fiontar mór.

2.4. **Na bearta cabhrach**

2.4.1. *An chéad bheart cabhrach (an deontas)*

(23) An 4 Aibreán 2012, dhámh Aireacht Geilleagair na Polainne cabhair ar PCC i bhfoirm deontais dhírigh dar méid PLN 66 995 311,50 (EUR 16 124 798,18 ([8])), i luach lascainithe, le haghaidh tionscadal infheistíochta lenar ghabh costais incháilithe PLN 223 317 705 (EUR 53 749 327 ([9])), i luach lascainithe (an 'deontas').

(24) Maítear gur dámhadh an deontas de bhun scéim Státchabhrach (an 'scéim deontais') arbh é ab aidhm di deonú cabhrach airgeadais a éascú le haghaidh infheistíochtaí a bhfuil an-tábhacht leo don gheilleagar faoin gClár Oibriúcháin 'Geilleagar Nuálach', 2007-2013 ('IEOP'). Cuireadh an scéim deontais i bhfeidhm mar bheart cabhrach faoi choinne infheistíocht réigiúnach faoi Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 800/2008 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2008 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach ag luí leis an gcómhargadh i gcur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 den Chonradh ('Rialachán 800/2008') ([10]).

(25) Ba é Rialachán ón Aire an 8 Bealtaine 2009 maidir le hinfheistíochtaí airgeadais a bhfuil mórtháibhacht eacnamaíoch leo i gcomhthéacs an Chláir Oibriúcháin 'Geilleagar Nuálach', ('Rialachán IEOP') bunús dlí náisiúnta na scéime deontais ([11]). Sonraíodh i Roinn 19 de Rialachán IEOP go dtiocfadh sé i bhfeidhm dáta a fhoilsithe. Foilsíodh é, agus tháinig sé i bhfeidhm, an 20 Bealtaine 2009. Leagtar amach sa scéim deontais na coinníollacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí ó IEOP, cuir i gcás an líon post atá le cruthú le tionscadal agus uasteorainn na cabhrach atá ar fáil.

([6]) From shampoo to glyphosate or where monochloroacetic acid is used - Tairseach Tháirgí Ghrúpa PCC (arna rochtain go deireanach an 29 Iúil 2024).

([7]) Cinneadh C(2006) 4010 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2006 i gcás SA.21529 (N 531/06) – An Pholainn – Mapa de chabhair réigiúnach 2007-2013 (IO C 256, 24.10.2006, lch. 6).

([8]) Arna ríomh trí ráta malairte EUR/PLN 4.1548 arbh infheidhme an 4 Aibreán 2012 a chur i bhfeidhm, an dáta a deonaíodh an chabhair (IO C 102, 5.4.2012, lch. 28).

([9]) Ibid.

([10]) IO L 214, 9.8.2008, lch. 3, http://data.europa.eu/eli/reg/2008/800/oj.

([11]) Rozporządzenie Ministra Gospodarki z dnia 8 maja 2009 r. w sprawie udzielania pomocy finansowej dla inwestycji o dużym znaczeniu dla gospodarki w ramach Programu Operacyjnego Innowacyjna Gospodarka, 2007-2013 (Dz. U. z 2009 r. nr 75, poz. 638).

(26) Faoi Airteagal 9(1) de Rialachán 800/2008, cuirfidh an Ballstát eolas achomair maidir le scéim cabhrach ar aghaidh chuig an gCoimisiún laistigh de 20 lá oibre tar éis theacht i bhfeidhm scéime cabhrach.

(27) Le litir ón Aireacht Geilleagair, dar dáta an 29 Iúil 2009, chuir údaráis na Polainne eolas achomair ar aghaidh chuig an gCoimisiún faoin scéim deontais. Cláraíodh an scéim deontais sa Choimisiún an 29 Iúil 2009, faoin uimhir SA.29131 (X 656/2009), don tréimhse ón 20 Bealtaine 2009 go dtí an 31 Nollaig 2013.

(28) Trí bhíthin Rialachán ón Aire an 2 Márta 2010 ('Rialachán Leasaitheach IEOP') ([12]), leasaigh údaráis na Polainne Rialachán IEOP, chun foráil a dhéanamh, *inter alia*, maidir le laghdú ar an líon íosta post a cheanglaítear a chruthú le hinfheistíochtaí a dhéantar san earnáil monaraíochta, ó 200 go 150, agus maidir le méadú ar uasteorainn na cabhrach atá ar fáil do thionscadail a chuirtear chun feidhme san earnáil monaraíochta, ó 25 % go 30 %.

(29) Sonraíodh i Roinn 3 de Rialachán Leasaitheach IEOP go dtiocfadh sé i bhfeidhm dáta a fhoilsithe. Foilsíodh é, agus tháinig sé i bhfeidhm, an 16 Márta 2010. Níor chuir an Pholainn eolas achomair nuashonraithe ar aghaidh chuig an gCoimisiún maidir leis an scéim leasaithe ('an scéim deontais leasaithe').

(30) An 15 Nollaig 2010 ([13]), rinne PCC iarratas ar dheontas don Tionscadal faoin scéim deontais leasaithe. Tugadh faoi deara san iarratas ar dheontas go mbeadh méid PLN 223 317 705 i gceist leis na costais incháilithe don Tionscadal agus iarradh cabhair dar méid PLN 66 995 311,50. San fhoirm iarratais, shonraigh PCC, de thoradh an deontais, go mbeifí in ann an Tionscadal 'a chur chun feidhme go hiomlán ar chríoch an Aontais Eorpaigh – na Polainne'. Cáilíodh an Tionscadal mar 'mórthionscadal' de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ([14]) ón gComhairle ('Rialachán 1083/2006'). Mar chuid dá iarratas, sholáthair PCC dearbhuithe á rá nár cáilíodh é mar ghnóthas i gcruachás. D'fhíoraigh údaráis na Polainne staid airgeadais PCC agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a iarratas. Mar a shoiléirigh údaráis na Polainne le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, an 2 Márta 2011, scríobh na húdaráis sin chuig PCC, á shonrú gur chinn siad an deontas a dhámhachtain. Sa litir sin, d'iarr údaráis na Polainne ar PCC 'iomlán na ndoiciméad a sholáthar chun go ndeimhneodh an Coimisiún Eorpach an chabhair' ([15]).

(31) An 4 Aibreán 2012, dhámh údaráis na Polainne an deontas ar PCC, trí chomhaontú deontais a thabhairt i gcrích ([16]) (an 'Comhaontú Deontais'). Sa bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú Deontais, meabhraíodh, *inter alia*, forálacha Rialachán IEOP (arna leasú) agus Rialachán 800/2008. Luadh i Roinn 1(1) den Chomhaontú Deontais go ndéanfaí an Tionscadal faoi Fhobheart 4.5.1 de IEOP, 'Tacaíocht d'infheistíochtaí san earnáil monaraíochta'. Sonraíodh i Roinn 5(27) den Chomhaontú Deontais, dá gcuirfeadh an tairbhí tionscadal mór chun feidhme ([17]) de réir bhrí Rialachán IEOP (arna leasú le Rialachán Leasaitheach IEOP), go n-íocfaí an deontas ar choinníoll gur údaraigh an Coimisiún an chabhair, nó go meastar é a bheith údaraithe aige, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle ('Rialachán 659/1999') ([18]). Sonraíodh i Roinn 4(3) den Chomhaontú Deontais, dá dtiocfadh méadú ar chostas an Tionscadail de bhreis ar na costais incháilithe a luaitear, is é sin, PLN 223 317 705 (EUR 53 749 327), nach mbeadh an méadú sin incháilithe do thacaíocht agus gur PCC a sheasfadh an costas sin.

([12]) Rozporządzenie Ministra Gospodarki z dnia 2 marca 2010 r. zmieniające rozporządzenie z dnia 8 maja 2009 r. w sprawie udzielania pomocy finansowej dla inwestycji o dużym znaczeniu dla gospodarki w ramach Programu Operacyjnego Innowacyjna Gospodarka, 2007-2013 (Dz. U. z 2010 r. nr 40, poz. 231).

([13]) Tar éis iarratas tosaigh ar chabhair an 2 Samhain 2010.

([14]) Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25, http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1083/oj).

([15]) 'Ponadto, zwracam się z prośbą o przekazanie pełnej dokumentacji dot. Potwierdzenia pomocy przez Komisję Europejską.'

([16]) Comhaontú Deontais an 4 Aibreán 2012 Uimh. POIG.04.05.01-00.028/10-00 le haghaidh an tionscadail 'Gléasra nuálach chun aigéad monaclóraicéiteach ultra-íon (U_P MCAA) a tháirgeadh' faoi Fhobheart 4.5.1 *Tacaíocht d'infheistíochtaí san earnáil táirgeachta*, Beart 4.5 *Tacaíocht d'infheistíochtaí a bhfuil tionchar suntasach acu ar an ngeilleagar – Ais Tosaíochta 4 Infheistíochtaí i ngnóthais nuálacha faoin gClár Oibríochtúil 'Geilleagar Nuálach' 2007-2013 (IEOP 2007-2013)*.

([17]) Déantar tagairt i Roinn 7 de Rialachán IEOP (arna leasú le Rialachán Leasaitheach IEOP) do mhórthionscadail infheistíochta mar na tionscadail sin ina sáraíonn luach iomlán na cabhrach a bheartaítear ó na foinsí uile, *inter alia*, EUR 30 milliún i gcás ina ndéantar an infheistíocht i réigiún inarb é 40 % uasteorainn na cabhrach.

([18]) Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 83, 27.3.1999, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/1999/659/oj).

(32) I bhfianaise go bhfuil na costais incháilithe de bhreis ar EUR 50 milliún i gceist, is mórthionscadal infheistíochta é an Tionscadal de réir bhrí Airteagal 2(12) ([19]) de Rialachán 800/2008. Faoi Airteagal 9(4) den Rialachán sin, cuireadh de cheangal ar na Ballstáit eolas achomair a sholáthar don Choimisiún maidir le cabhair réigiúnach do mhórthionscadail infheistíochta, arna deonú ar bhonn scéime, laistigh de 20 lá oibre ón lá a deonaíodh an chabhair. Chuir údaráis na Polainne eolas achomair i leith an deontais faoi bhráid an Choimisiúin an 25 Meitheamh 2012 ([20]).

(33) In 2014, mar chuid dá chleachtadh monatóireachta *ex post* bliantúil ar shampla de bhearta cabhrach a chuir na Ballstáit chun feidhme faoi Rialachán 800/2008, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an scéim deontais leasaithe, agus ar a cur i bhfeidhm i leith roinnt tairbhithe ([21]). An tráth sin, níor shainaithin an Coimisiún aon ábhar imní a mhéid a bhain le comhlíonadh Rialachán 800/2008 ag an scéim deontais leasaithe.

(34) An 25 Meán Fómhair 2014, d'fhormheas an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais leis an Tionscadal ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE') ('an Cinneadh maidir le Mórthionscadal'). ([22])

2.4.2. *An dara beart cabhrach (an díolúine ó cháin)*

(35) Le linn an réamhscrúdaithe ar an ngearán, fuair an Coimisiún amach gur dheonaigh an Pholainn an dara beart cabhrach do PCC i leith an Tionscadail (an 'díolúine ó cháin'), ar bhonn scéim Státchabhrach chun infheistíochtaí i gcriosanna eacnamaíocha speisialta na Polainne ('CES') a éascú ('an scéim díolúine ó cháin').

(36) Ba é bunús dlí náisiúnta na scéime díolúine ó cháin an Rialachán ó Chomhairle na nAirí an 10 Nollaig 2008 maidir le cabhair phoiblí d'fhiontraithe a oibríonn ar bhonn ceada chun gníomhaíocht eacnamaíoch a shaothrú i gcriosanna eacnamaíocha speisialta ('an Rialachán CES') ([23]), a tháinig i bhfeidhm an 30 Nollaig 2008, in éineacht leis an Acht um Chriosanna Eacnamaíocha Speisialta an 20 Deireadh Fómhair 1994 (an 'tAcht CES') ([24]), agus an tAcht um Cháin Chorparáide an 15 Feabhra 1992 ([25]). Mar a thugtar le fios in Airteagail 2 agus 3 den Acht CES, féadfar CES a bhunú i gcodanna neamháitrithe den Pholainn, chun dlús a chur le forbairt eacnamaíoch páirte den tír. De bhun Airteagal 12 agus Airteagal 16(1) den Acht CES agus Airteagal 17(1)(34) den Acht um Cháin Chorparáide, bheadh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéantar i gcrios eacnamaíoch speisialta de bhun ceada i dteideal díolúine ó cháin chorparáide.

(37) Cuireadh an scéim díolúine ó cháin i bhfeidhm mar bheart cabhrach faoi choinne infheistíocht réigiúnach faoi Airteagal 13 de Rialachán 800/2008. Chuir údaráis na Polainne an t-eolas achomair faoin scéim faoi bhráid an Choimisiúin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 9(1) de Rialachán 800/2008 (aithris (26)), le litir ón Aireacht Geilleagair dar dáta an 12 Feabhra 2009.

(38) Cláraíodh an scéim díolúine ó cháin sa Choimisiún an 12 Feabhra 2009, faoi uimhir SA.27752 (X 193/2009), don tréimhse ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2013.

(39) An 15 Eanáir 2013, d'fhoilsigh Wałbrzyska Specjalna Strefa Ekonomiczna IP Sp. z o. o. (an 'Bainisteoir CES') cuireadh chun iarratas a dhéanamh ar chead chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh in 'Invest-Park' WSSE, ar cead é a d'eiseofaí tar éis próiseas idirbheartaithe (an 'Cuireadh chun Tairisceana'). Tugadh le fios sa Chuireadh chun Tairisceana go n-eiseofaí ceadanna ar bhonn an Achta CES agus an Rialacháin CES, agus go mbeidís faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a luaitear sna sonraíochtaí (na 'Sonraíochtaí Tairisceana'). Tugadh le fios

([19]) Luaitear in Airteagal 2(12): ciallaíonn 'mórthionscadal infheistíochta' infheistíocht a dhéantar i sócmhainní seasta lena ngabhann costais incháilithe os cionn EUR 50 milliún, á ríomh de réir na bpraghsanna agus na rátaí malairte an dáta a dheonaítear an chabhair'.

([20]) Cláraithe sa Choimisiún faoi chás-uimhir SA.35025 (2012/MF).

([21]) Cláraithe sa Choimisiún faoi chás-uimhir SA.29131 (2014/MX).

([22]) Cinneadh C(2014) 6943 final ón gCoimisiún an 25.9.2014, maidir le mórthionscadal 'Trealamh nuálach chun aigéad monaclóraicéiteach ultra-íon (U-P MCAA) a tháirgeadh', atá ina chuid den chlár oibríochtúil 'Geilleagar Nuálach' le haghaidh cúnamh struchtúrach ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi chuspóir an Chóineasaithe sa Pholainn.

([23]) Rozporządzenie Rady Ministrów z dnia 10 grudnia 2008 r. w sprawie pomocy publicznej udzielanej przedsiębiorcom działającym na podstawie zezwolenia na prowadzenie działalności gospodarczej na terenach specjalnych stref ekonomicznych (Dz. U. z 2008 r. nr 232, poz. 1548).

([24]) Obwieszczenie Marszałka Sejmu Rzeczypospolitej Polskiej z dnia 14 lutego 2007 r. w sprawie ogłoszenia jednolitego tekstu ustawy o specjalnych strefach ekonomicznych (Dz. U. z 2007 r. nr 42, poz. 274).

([25]) Obwieszczenie Marszałka Sejmu Rzeczypospolitej Polskiej z dnia 9 marca 2011 r. w sprawie ogłoszenia jednolitego tekstu ustawy o podatku dochodowym od osób prawnych (Dz. U. z 2011 r. nr 74, poz. 397).

sna Sonraíochtaí Tairisceana go seolfaí an chaibidlíocht ar bhonn, *inter alia*, an Achta CES, Acht an 30 Aibreán 2004 lena leagtar amach na rialacha nós imeachta maidir le Státchabhair ('an Gníomh um Státchabhair') ([26]), an Rialachán CES, Rialachán 800/2008, na Treoirlínte maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta do 2007-2013 ('Treoirlínte 2007') ([27]), agus Rialachán Chomhairle na nAirí an 13 Deireadh Fómhair 2006 maidir le mapaí den chabhair réigiúnach a bhunú ([28]) ('Rialachán na Mapaí um chabhair réigiúnach').

(40) An 11 Feabhra 2013, rinne PCC iarratas chuig an mBainisteoir CES ar chead chun an Tionscadal a dhéanamh sa Chrios Eacnamaíoch Speisialta, rud a d'fhágfadh go mbeifí i dteideal an díolúine ó cháin a fháil ina leith. San fhoirm iarratais, thug PCC le fios gurbh é PLN 200 000 000 costais incháilithe an Tionscadail, agus i bplean gnó a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas, luadh gurbh é PLN 200 000 000 ar a laghad a bheadh sna chostais incháilithe, agus gurbh é PLN 300 000 000 a bheadh sna costais incháilithe uasta. In anailís airgeadais a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas, tugadh le fios go mbeadh PLN 301 478 910 i gceist leis na costais infheistíochta. Sholáthair PCC tuilleadh eolais airgeadais freisin, chun a léiriú nár cáilíodh é mar ghnóthas i gcruachás. San iarratas, dhearbhaigh PCC go raibh an deontas faighte aige, uasmhéid PLN 66.9 milliún. Thug sé le fios go soláthródh sé ranníocaíocht airgeadais don Tionscadal, de bhreis agus 25 % de na costais incháilithe, i bhfoirm atá saor ó aon tacaíocht phoiblí. Dhearbhaigh PCC freisin nach raibh tús curtha aige leis an obair ar an Tionscadal sular cuireadh an t-iarratas isteach, agus gur ghlac sé le téarmaí na caibidlíochta agus leis na Sonraíochtaí Tairisceana, gan forchoimeádas.

(41) An 12 Feabhra 2013, rinneadh an chaibidlíocht idir PCC agus an coiste caibidlíochta, a bhí bunaithe ag an mBainisteoir CES maidir le hiarratas PCC ar chead. Tarraingíodh suas taifead ar na himeachtaí (an 'Tuarascáil Caibidlíochta'), inar tugadh le fios gur aontaíodh go ndeonófaí cead do PCC chun an Tionscadal a dhéanamh sa Chrios Eacnamaíoch Speisialta. Bheadh costais an Tionscadail níos mó ná PLN 200 000 000, agus is é PLN 300 000 000 a bheadh sna costais incháilithe uasta. Luadh sa Tuarascáil Caibidlíochta gur cuireadh PCC ar an eolas gur leagadh síos na coinníollacha maidir le Státchabhair a dheonú i ndlí na Polainne agus i ndlí an Aontais, go háirithe, san Acht um Státchabhair, Rialachán na Mapaí um chabhair réigiúnach, an Rialachán CES, Rialachán 800/2008, agus Treoirlínte 2007.

(42) An 19 Feabhra 2013, d'eisigh an Bainisteoir CES cead do PCC gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Wałbrzych (an 'cead CES') ([29]). Leis sin, bhí PCC i dteideal díolúine ó cháin chorparáide a fháil i dtaca leis an Tionscadal. Sonraíodh leis an gcead CES, chun an díolúine ó cháin a fháil, nach mór, *inter alia*, costais incháilithe PLN 200 000 000 (EUR 47 985 796) ([30]) (luach ainmniúil) agus uasmhéid PLN 300 000 000 (EUR 71 978 694) ([31]) (luach ainmniúil) a thabhú leis an Tionscadal. Chuir údaráis na Polainne in iúl don Choimisiún gurbh é PLN 271 513 408 (EUR 65 143 935) costais incháilithe uasta an Tionscadail i luach lascainithe ó dháta an cheada CES ([32]).

(43) Níor sonraíodh sa chead CES an méid cabhrach a mbeadh PCC ina teideal de thoradh na díolúine ó cháin, ná níor luadh go bhfuair PCC an deontas, ná a mhéid.

(44) Ós rud é gur mórthionscadal infheistíochta atá sa Tionscadal de réir bhrí Rialachán 800/2008 (aithris (30)), cuireadh de cheangal ar údaráis na Polainne, faoi Airteagal 9(4) den Rialachán sin, eolas achomair a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 20 lá ón lá a deonaíodh an chabhair. Chuir an Pholainn an t-eolas achomair isteach an 16 Iúil 2015 ([33]), is é sin, breis agus 2 bhliain tar éis eisiúint an cheada CES.

([26]) Ustawa z dnia 30 kwietnia 2004 r. o postępowaniu w sprawach dotyczących pomocy publicznej, (Dz. U. z 2004 r. nr 123, poz. 1291).
([27]) IO C 54, 4.3.2006, lch. 13.
([28]) Rozporządzenie Rady Ministrów z dnia 13 października 2006 r. w sprawie ustalenia map pomocy regionalnej (Dz. U. z 2006 r. nr 190, poz. 1402).
([29]) Cead Uimh. 255 an 17 Feabhra 2013 gníomhaíocht eacnamaíoch a shaothrú in 'Invest Park', Crios Eacnamaíoch Speisialta Wałbrzych.
([30]) Arna ríomh trí ráta malairte EUR/PLN 4.1679 arbh infheidhme an 19 Feabhra 2013 a chur i bhfeidhm (IO C 49, 20.2.2013, lch. 8). Tugtar faoi deara, sa chinneadh sin, go n-úsáideann an Coimisiún an ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach don dáta ábhartha. Fágann sé sin go bhfuil difríocht bheag idir na méideanna agus na méideanna a luaigh an Pholainn agus PCC, agus sa Chinneadh Tosaigh, inar úsáideadh rátaí malairte difriúla, uaireanta.
([31]) Ibid.
([32]) San eolas achomair uaithi maidir leis an díolúine ó cháin, d'úsáid an Pholainn ráta malairte PLN/EUR 4.1495, lena bhfágtar PLN 271 513 408 (EUR 65 432 801) dá bharr, ach úsáideann an Coimisiún ráta malairte PLN/EUR 4.1679, arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach don 19 Feabhra 2013 (IO C 49, 20.2.2013, lch. 8), lena bhfágtar méid PLN 271 513 408 (EUR 65 143 935) dá bharr.
([33]) Cláraithe sa Choimisiún faoi chás-uimhir SA.42750 (2015/MF).

(45) San eolas achomair sin, thug údaráis na Polainne le fios gurbh é PLN 95 797 682 (EUR 23 086 560) ([34]), i luach lascainithe, uasmhéid na cabhrach le haghaidh an Tionscadail. Thug siad le fios freisin gur cheart méid PLN 66 995 311,50 (EUR 16 124 798,18) (aithris (23)) den chabhair a soláthraíodh don Tionscadal cheana féin a chur san áireamh, rud a chiallaíonn gurb é PLN 28 802 370 (EUR 6 910 523) ([35]) ar a mhéad a bheadh sa díolúine ó cháin, i luach lascainithe – is é sin, an difríocht idir an dá mhéid sin.

(46) Le linn réamh-imscrúdú an Choimisiúin, tháinig údaráis na Polainne ar an tuairim gur dámhadh an díolúine ó cháin de shárú ar Airteagal 8(2) de Rialachán 800/2008, lena gcuirtear de cheangal ar an tairbhí iarratas a dhéanamh ar chabhair sula gcuirtear tús le hoibreacha ar an tionscadal dá dtugtar cabhair. Mheas an Pholainn gur chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal an 14 Meán Fómhair 2012, d'ainneoin nach ndearna sé iarratas ar an díolúine ó cháin go dtí an 11 Feabhra 2013. Dá réir sin, an 31 Márta 2016, thionscain Aire Forbartha agus Airgeadais na Polainne imscrúdú maidir le neamhdhleathacht na díolúine ó cháin, agus, ina dhiaidh sin, chuir sé tús le himeachtaí *ex-officio* chun an cead CES a neamhniú. Le Cinneadh Uimh. 290/DI/16 an 30 Nollaig 2016, neamhnigh an tAire Forbartha agus Airgeadais an cead CES, ar an bhforas go raibh éifeacht dreasachta in easnamh ar an gcabhair.

(47) An 23 Eanáir 2017, d'iarr PCC athbhreithniú ar an gcinneadh cúlghairme, á mhaíomh nach ndearna sé ach 'staidéir indéantachta' sular cuireadh isteach ar an gcead CES, agus nach raibh tús curtha le hoibreacha. Tar éis na hiarrata sin, rinne an Aireacht Fiontar agus Teicneolaíochta athbhreithniú ar an gcás, agus, an 6 Márta 2018, d'eisigh Cinneadh Uimh. 46/DI/18, lenar seasadh leis an gcúlghairm.

(48) An 11 Aibreán 2018, thaisc PCC achomharc in aghaidh an chinnidh sin ag Cúirt Riaracháin Réigiúnach Várs á. An 28 Samhain 2018, neamhnigh an Chúirt Riaracháin Réigiúnach cúlghairm an cheada CES ([36]). An 25 Feabhra 2019, thaisc údaráis na Polainne achomharc in aghaidh an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Riaracháin Uachtaraí.

(49) An 22 Meán Fómhair 2022, dhíbh an Chúirt Riaracháin Uachtarach an t-achomharc a rinne údaráis na Polainne, agus dheimhnigh gur neamhníodh cinntí 2016 agus 2018 ó údaráis na Polainne ([37]) (an 'breithiúnas ón gCúirt Riaracháin Uachtarach'). Dá bhrí sin, tá lánfheidhm agus lánéifeacht ag an cead CES faoi láthair ([38]).

2.5. **An gearán**

(50) Is cuideachta monaraíochta ceimiceán é an Gearánach, a bhfuil a ceanncheathrú sa Ghearmáin, agus a oibríonn, *inter alia*, saoráidí chun MCAA a tháirgeadh san Aontas agus go hidirnáisiúnta. Is iomaitheoir díreach in aghaidh PCC ar mhargadh MCAA é an Gearánach, agus dá bhrí sin cáilítear é mar 'pháirtí leasmhar' de réir bhrí Airteagal 1, pointe (h), de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ([39]) ('Rialachán 2015/1589') agus Airteagal 1, pointe (h), de Rialachán 659/1999, a bhí i bhfeidhm tráth a cuireadh an gearán faoi bhráid an Choimisiúin.

(51) Bhain an gearán leis an deontas go heisiach. Maíonn an Gearánach gur dámhadh an deontas go neamhdhleathach, agus nach bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Go sonrach, d'áitigh an Gearánach go raibh éifeacht dreasachta in easnamh ar an deontas, agus go raibh sé spriocdhírithe ar mhargadh a raibh ró-acmhainn ann. I ndáil leis sin, mhaígh an Gearánach gurb é an margadh le haghaidh MCAA ultra-íon ('UP MCAA') atá i gceist leis an margadh táirgí ábhartha, seachas an margadh le haghaidh MCAA ina iomláine, agus gurb é an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) an margadh geografach ábhartha, go háirithe toisc go bhfágann costais arda iompair nach bhfuil earraí easpórtála chuig SAM brabúsach. Déantar achoimre mhionsonraithe ar an ngearán sa Chinneadh Tosaigh, go háirithe in aithrisí (20) go (30).

([34]) Thug an Pholainn ráta malairte PLN/EUR 4.1495 le fios san eolas achomair.

([35]) Thug an Pholainn ráta malairte PLN/EUR 4.1495 le fios san fhaisnéis achomair, lena bhfágtar PLN 28 802 370 (EUR 6 941 166) dá bharr, ach úsáideann an Coimisiún ráta malairte PLN/EUR 4.1679, arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach don 19 Feabhra 2013 (IO C 49, 20.2.2013, lch. 8), lena bhfágtar PLN 28 802 370,24 (EUR 6 910 523) dá bharr.

([36]) Tagairt an Chomhaid VI SA/Wa 1642/18.

([37]) Tagairt an Chomhaid II GSK 823/19. Ní dhearnadh cinneadh fíorais sa bhreithiúnas ón gCúirt Riaracháin Uachtarach maidir le cathain a chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal.

([38]) Shoiléirigh údaráis na Polainne go bhfuil an cead CES i bhfeidhm ón 28 Samhain 2018, nuair a neamhnigh an Chúirt Riaracháin Réigiúnach cúlghairm an cheada. Ós rud é nár thaifead PCC ioncam lena bhféadfaí tairbhiú den díolúine ó cháin go dtí 2019, ní dhearnadh aon éileamh ar riaráistí na díolúine ó cháin ó PCC de dheasca chúlghairm an cheada CES.

([39]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9, http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1589/oj).

3. AN FORAS CHUN AN NÓS IMEACHTA A THIONSCNAMH

(52) Thionscain an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil an 31 Deireadh Fómhair 2019. Sa Chinneadh Tosaigh, a glacadh an dáta sin, sholáthair sé a réamh-mheasúnú ar an tacaíocht a sholáthair údaráis na Polainne do PCC.

(53) Mar a leagtar amach in aithrisí (57) go (62) den Chinneadh Tosaigh, ba é conclúid an Choimisiúin gur Státchabhair a bhí sa deontas agus sa díolúine ó cháin de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh, rud nár chuir údaráis na Polainne ina aghaidh (aithris (62) den Chinneadh Tosaigh). Chuir an Coimisiún a ábhar amhrais in iúl, ansin, i dtaca le comhlíonadh na rialachán ábhartha maidir le blocdhíolúine ag na bearta cabhrach agus maidir lena gcomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach faoi na treoirlínte is infheidhme.

3.1. Comhlíonadh na rialachán maidir le blocdhíolúine ag na bearta cabhrach

3.1.1. *Comhlíonadh ó thaobh na scéime deontais leasaithe de*

(54) Mheas an Coimisiún go ndearnadh athruithe substaintiúla ar an scéim deontais leis an Rialachán Leasaitheach maidir le Clár Oibriúcháin 'Geilleagar Nuálach' (IEOP), agus, ós rud é nár chuir an Pholainn eolas achomair nuashonraithe isteach, ná nár thug sí fógra faoin scéim deontais leasaithe de bhun Airteagal 108(3) den Chonradh, gur cuireadh an scéim sin i bhfeidhm go neamhdhleathach ón 2 Márta 2010, nuair a achtaíodh na leasuithe (aithrisí (65) go (70) den Chinneadh Tosaigh).

3.1.2. *Comhlíonadh ó thaobh an deontais de*

(55) Dámhadh an deontas ar bhonn na scéime deontais leasaithe. Dá thoradh sin, agus i bhfianaise nach raibh feidhm ag Airteagal 13(1) de Rialachán 800/2008 a bhaineann le cabhair fhorlíontach réigiúnach ad hoc, bhí sé infhógartha faoi Airteagal 108(3) den Chonradh, agus, de bhrí nár thug an Pholainn fógra dó, mheas an Coimisiún go raibh sé neamhdhleathach (aithrisí (71) go (73) den Chinneadh Tosaigh).

(56) Mar bhonn tánaisteach lena chinneadh, thug an Coimisiún dá aire, fiú dá n-athródh sé a réamhchonclúid maidir leis an scéim deontais leasaithe, go measfadh sé, dá ainneoin sin, nach bhfuil an deontas faoi raon feidhme Rialachán 800/2008, toisc nach raibh na tagairtí sainráite a cheanglaítear le hAirteagal 3(1) de Rialachán 800/2008 sa ghníomh deonúcháin cabhrach, agus nár chuir an Pholainn eolas achomair isteach i leith an deontais, mar a cheanglaítear le hAirteagal 9(4) (aithris (30)) (aithrisí (74) go (78) den Chinneadh Tosaigh).

3.1.3. *Comhlíonadh ó thaobh na scéime díolúine ó cháin de*

(57) Thug an Coimisiún dá aire, cé chuir an Pholainn eolas achomair isteach maidir leis an scéim díolúine ó cháin laistigh de 20 lá oibre, mar a cheanglaítear le hAirteagal 9(1) de Rialachán 800/2008, gur cuireadh an teip sin ina ceart ón 12 Feabhra 2009. Níor léirigh aon ní eile don Choimisiún nár comhlíonadh coinníollacha infheidhme eile de Rialachán 800/2008 (aithris (81) den Chinneadh Tosaigh).

3.1.4. *Comhlíonadh ó thaobh na díolúine ó cháin de*

(58) Thug an Coimisiún dá aire seasamh na Polainne nár chomhlíon an díolúine ó cháin Airteagal 8(2) de Rialachán 800/2008, toisc gur chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal sula ndearna sé iarratas ar an gcabhair sin (aithris (46)). D'aontaigh an Coimisiún leis an measúnú sin roimh ré, ach thug sé dá aire nach raibh cúlghairm an cheada CES dá éis sin tagtha in éifeacht go dtí seo, toisc gur chuir PCC in aghaidh na cúlghairme agus go raibh an cás faoi réir imeachtaí dlíthiúla náisiúnta leanúnacha, (aithris (82) den Chinneadh Tosaigh).

(59) Mar sin féin, shainaithin an Coimisiún údair bhreise amhrais i dtaobh cé acu a chomhlíon an díolúine ó cháin Rialachán 800/2008 nó nár chomhlíon. Ar an gcéad dul síos, bhí amhras ar an gCoimisiún gur fhíoraigh an Pholainn cé acu a dhéanfaí an Tionscadal sa réigiún in éagmais na cabhrach nó nach ndéanfaí, mar a cheanglaítear le hAirteagal 8(3), pointe (d), den Rialachán sin, agus thug sé dá aire nach raibh feidhm ag an eisceacht ón gceanglas sin, a leagtar síos in Airteagal 8(4), (aithrisí (85) go (87) den Chinneadh Tosaigh).

(60) Ar an dara dul síos, thug an Coimisiún dá aire, leis an gcead CES, go bhfuil PCC i dteideal úsáid a bhaint as an díolúine ó cháin i ndáil le costais incháilithe suas le PLN 271.5 milliún (EUR 65.4 milliún), i luach lascainithe ([40]), ach gurbh é PLN 223 mhilliún (EUR 56.2 milliún) an caiteachas incháilithe a sainaithníodh san iarratas ar dheontas, i luach lascainithe. Is cosúil nach raibh an méadú sin ar chostais ann de thoradh méadú ar mhéid nó ar raon feidhme an Tionscadail (aithris (88) den Chinneadh Tosaigh).

(61) Ar an tríú dul síos, ós rud é nár sainaithníodh uasmhéid na cabhrach a deonaíodh sa chead CES, nár luadh ann gur dámhadh an deontas, agus nár forchuireadh uasteorainn leis maidir le carnadh, níor chomhlíon an cead Airteagal 7(1) de Rialachán 800/2008 (aithris (89) den Chinneadh Tosaigh).

(62) Ar an gceathrú dul síos, ní raibh an Coimisiún in ann a chur as an áireamh go mbeadh an díolúine ó cháin ann sa bhreis ar an deontas, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go sáródh an chabhair uasteorainn na cabhrach incheadaithe faoi Mhapa de chabhair réigiúnach na Polainne 2007-2013 agus Airteagal 13(3) de Rialachán 800/2008 (aithris (90) den Chinneadh Tosaigh).

(63) Ar an gcúigiú dul síos, ba chosúil gur sháraigh méid comhcheangailte cabhrach den sórt sin an tairseach fógartha aonarach is infheidhme, rud a d'fhág gur sáraíodh Airteagal 6(2) de Rialachán 800/2008 (aithris (90) den Chinneadh Tosaigh).

(64) Ar an séú dul síos, níor chuir an Pholainn an bhileog eolais achomair isteach i leith na díolúine ó cháin go dtí an 16 Iúil 2015 (aithris (44)), rud a bhí de shárú ar Airteagal 9(4) de Rialachán 800/2008 (aithris (91) den Chinneadh Tosaigh).

(65) Ar deireadh, ní raibh na tagairtí sainráite éigeantacha a cheanglaítear le hAirteagal 3(2) de Rialachán 800/2008 (aithris (92) den Chinneadh Tosaigh) sa ghníomh deonúcháin cabhrach maidir leis an díolúine ó cháin (is é sin, an cead CES).

(66) Mar bhreithniú tánaisteach, thug an Coimisiún dá aire nach raibh feidhm ag Airteagal 13(1) de Rialachán 800/2008 (aithris (93) den Chinneadh Tosaigh).

(67) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid nach bhféadfadh an díolúine ó cháin tairbhiú den bhlocdhíolúine faoi Rialachán 800/2008, agus gur deonaíodh go neamhdhleathach í (aithris (93) den Chinneadh Tosaigh).

3.1.5. *Cur i bhfeidhm cúlghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún*

(68) Mheas an Coimisiún an bhféadfadh an deontas agus an díolúine ó cháin tairbhiú de chur i bhfeidhm cúlghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ('Rialachán 651/2014') ([41]), de bhun Airteagal 58(1) de.

(69) Sonraíodh in Airteagal 14(12) de Rialachán 651/2014 nach sáróidh an déine cabhrach i gcoibhéis deontais chomhláin ('GGE') uasteorainn na cabhrach a bhí i bhfeidhm sa limistéar lena mbaineann tráth a deonaíodh an chabhair. Cé gur chloígh an deontas, ina aonar, leis an uasteorainn faoi Mhapa de chabhair réigiúnach na Polainne 2007-2013, níor léir gur cloíodh leis an uasteorainn sin agus é comhcheangailte leis an díolúine ó cháin (aithris (96) den Chinneadh Tosaigh).

([40]) Tugadh figiúr uasta PLN 300 000 000 (ainmniúil) le fios sa chead CES. Sa bhileog eolais achomair a bhain leis an díolúine ó cháin, luaigh an Pholainn gurb é PLN 271 513 408,70 an méid lascainithe ábhartha.

([41]) IO L 187, 26.6.2014, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj.

(70) Ina theannta sin, agus i gcomhréir lena chás-chleachtas roimhe ([42]), mheas an Coimisiún gur ceanglaíodh le hAirteagal 14(2), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2, pointe (27), de Rialachán 651/2014, go gcloífí leis na leibhéil déine cabhrach i Mapa de chabhair réigiúnach na Polainne 2014-2020 ([43]) freisin. Laghdaíodh an uasteorainn chaighdeánach i gcás fiontar mór in PL51 Dolnośląskie go 25 % GGE le haghaidh 2014-2020. Trí uasteorainn nuashonraithe na cabhrach réigiúnaí a chur i bhfeidhm, mar aon leis an bhfoirmle i leith scálú anuas is infheidhme maidir le mórthionscadail infheistíochta, i dtaca leis na costais incháilithe a dearbhaíodh san iarratas ar dheontas, fágadh gurbh é EUR 12 968 666 uasmhéid incheadaithe na cabhrach (déine cabhrach 24.13 %). Bhí cabhair dar méid EUR 23 086 560 ar a laghad deonaithe ag an bPolainn i luach lascainithe (déine cabhrach 38.6 %). Dá réir sin, ní fhéadfadh an díolúine deontais agus an díolúine ó cháin, in éineacht le chéile, tairbhiú de chur i bhfeidhm cúlghabhálach Rialachán 651/2014 (aithrisí (96) go (99) den Chinneadh Tosaigh).

(71) Ós rud é gur tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid nach raibh feidhm ag Rialachán 800/2008 maidir leis an scéim deontais leasaithe, agus nach raibh feidhm ag Rialachán 800/2008 ná Rialachán 651/2014 maidir leis an deontas, ná maidir leis an díolúine ó cháin, mheas sé gurbh iad Treoirlínte 2007 an bunús ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhoiriúnacht (aithrisí (100) agus (101) den Chinneadh Tosaigh).

3.2. **Comhoiriúnacht faoi Threoirlínte 2007**

(72) Rinne an Coimisiún réamhscrúdú ar chomhoiriúnacht na scéime deontais leasaithe agus na mbeart cabhrach faoi Threoirlínte 2007.

3.2.1. *An scéim deontais leasaithe*

(73) Thug an Coimisiún dá aire nach bhféadfadh sé a dheimhniú gur chomhlíon an scéim deontais leasaithe míreanna 38 nó 74 de Threoirlínte 2007. Dá bhrí sin, ba é a réamhthuairim nach bhféadfaí a dhearbhú go bhfuil an scéim deontais leasaithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach (aithrisí (102) go (107) den Chinneadh Tosaigh).

3.2.2. *Na bearta cabhrach*

(74) Bhí amhras ar an gCoimisiún maidir le míreanna 38, 67 agus 71 de Threoirlínte 2007 a bheith á gcomhlíonadh ag na bearta cabhrach a deonaíodh do PCC ([44]).

(75) A mhéid a bhaineann le mír 38, thug an Coimisiún dá aire gur chosúil nár eisigh údarás inniúil na Polainne '*litir intinne, ar choinníoll go bhformheasfadh Coimisiún an beart, chun cabhair a dhámhachtain*' sular cuireadh tús leis an obair ar an Tionscadal, i gcas an deontais nó na díolúine ó cháin (aithrisí (108) go (112) den Chinneadh Tosaigh).

(76) Maidir le mír 67, níor léir don Choimisiún cén fáth ar sholáthair PCC costais incháilithe dhifriúla san iarratas ar dheontas agus san iarratas ar dhíolúine ó cháin. D'úsáid an Coimisiún an méid a tugadh le fios le haghaidh an deontais (PLN 223 317 710 (EUR 53 749 328), i luach lascainithe) chun uasteorainn cabhrach 38.6 % a ríomh. Bhí amhras ar an gCoimisiún go gcloífeadh na bearta cabhrach comhcheangailte leis an uasteorainn sin (aithrisí (113) go (123) den Chinneadh Tosaigh).

(77) I ndáil le mír 71, mheas an Coimisiún gur cheart do na húdaráis deonúcháin ábhartha a chinntiú go gcloífear le rialacha maidir le carnadh tráth a dheonaítear an chabhair, agus ní díreach nuair a dhéantar íocaíocht agus an tráth sin amháin, rud nach cosúil go ndearnadh i gcás na díolúine ó cháin. Bhí amhras ar an gCoimisiún go gcloífí leis na huasteorainneacha maidir le carnadh (aithrisí (124) agus (125) den Chinneadh Tosaigh).

([42]) Cinneadh ón gCoimisiún C(2017) 5050 final ón gCoimisiún, an 20.7.2017, i gcás SA.38121 (2016/FC) – An tSlóvaic – Cabhair infheistíochta don táirgeoir gloineghainimh Slóvacach NAJPI a.s. (IO C 336, 6.10.2017, lch. 1). Ní dhearnadh agóid in aghaidh an tseasaimh sin i mbreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Meán Fómhair 2020, *Kerkosand* v *an Coimisiún*, T-745/17, EU:T:2020:400, lenar neamhníodh an cinneadh atá i gceist – féach mír 81 den bhreithiúnas sin.

([43]) Cinneadh ón gCoimisiún C(2014) 865 final ón gCoimisiún an 20.2.2014, i gcás SA.37485 (2013/N) – An Pholainn – Mapa de chabhair réigiúnach 2014-2020 (IO C 210, 4.7.2014, lch. 1).

([44]) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na scéime díolúine ó cháin faoi Threoirlínte 2007, ós rud é, i bhfianaise nár chomhlíon an díolúine ó cháin ceanglais uile na scéime, nach mór í a mheas mar chabhair *ad hoc* lasmuigh den scéim sin (fonóta 74 den Chinneadh Tosaigh).

(78) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid nach raibh na bearta cabhrach comhcheangailte comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Threoirlínte 2007. Mar sin féin, thug sé dá aire go bhféadfadh sé go raibh an deontas, ann féin, comhoiriúnach, dá bhféadfaí a thaispeáint go gcomhlíonann sé mír 38 (aithrisí (126) agus (127) den Chinneadh Tosaigh).

3.3. Cur i bhfeidhm na dtástálacha dá bhforáiltear i míreanna 68(a) agus (b) de Threoirlínte 2007

(79) In aithris (129) den Chinneadh Tosaigh, thug an Coimisiún dá aire nach bhféadfadh sé a chur as an áireamh gur tháinig an chabhair le haghaidh an Tionscadail faoi mhír 68 de Threoirlínte 2007 ([45]), agus ní raibh sé in ann teacht ar chonclúid maidir leis an margadh ábhartha táirgí agus na margadh geografacha a shainaithint (aithrisí (132) go (146) den Chinneadh Tosaigh). Ina theannta sin, ní fhéadfadh sé a chur as an áireamh go gcomhlíonfaí na tairseacha i míreanna 68(a) agus (b), agus mar sin ní fhéadfadh sé a chur as an áireamh gur gá fíorú mionsonraithe a dhéanamh chun féachaint go raibh an chabhair riachtanach chun éifeacht dreasachta don infheistíocht a sholáthar, agus gur mhó tairbhí na cabhrach ná an saobhadh iomaíochta agus an éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit a bheadh ann de dheasca na cabhrach (aithrisí (147) go (160) den Chinneadh Tosaigh).

(80) Thug an Coimisiún dá aire freisin, fiú mura raibh air na tástálacha a leagtar amach i mír 68 a dhéanamh, nó murar ghá measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar thoradh na dtástálacha sin, nach bhféadfadh sé a shuí gur léir go raibh formhór na n-éifeachtaí dearfach, idir éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na cabhrach, agus nach raibh saobhadh iomaíochta do-ghlactha ann de dheasca na cabhrach (aithrisí (161) agus (162) den Chinneadh Tosaigh).

4. BARÚLACHA Ó THRÍÚ PÁIRTITHE

(81) Déantar achoimre sa roinn seo ar na barúlacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an gCinneadh Tosaigh ó PCC agus 24 thríú páirtí eile.

(82) Chuir PCC aighneachtaí dlíthiúla substainteacha isteach, a raibh forluí idir cuid mhór díobh agus na barúlacha tosaigh maidir leis an gCinneadh Tosaigh a chuir an Pholainn isteach. Rinne na tríú páirtithe eile, den chuid is mó, ráitis a bhain leis na tairbhí a thug an Tionscadal don réigiún.

4.1. Barúlacha ó PCC

4.1.1. *Scéim deontas leasaithe*

(83) I leith na scéime deontais leasaithe, thug PCC dá aire nár foráladh i dTreoirlínte 2007 maidir le líon íosta post a bheadh le cruthú le hinfheistíocht. Dá bhrí sin, ba mhionleasú é an laghdú sa Rialachán Leasaitheach maidir le Clár Oibriúcháin 'Geilleagar Nuálach' (IEOP) (aithris (28)), ar an líon post a cheanglaítear a chruthú le hinfheistíocht, agus ní dhearna sé difear do chomhoiriúnacht na scéime deontais leasaithe le Treoirlínte 2007.

(84) Easaontaíonn PCC leis nár cuireadh de cheangal leis an scéim deontais leasaithe ar an údarás riaracháin, tar éis an iarratais ar chabhair, a dheimhniú i scríbhinn, faoi réir fíorú mionsonraithe, go gcomhlíonann an tionscadal, i bprionsabal, na coinníollacha incháilitheachta a leagtar síos sa scéim. Leagtar amach an ceanglas sin sna téarmaí agus sna coinníollacha lena rialaítear an próiseas um iarratas ar chabhair, agus, thairis sin, is amhlaidh a fuair PCC deimhniú den sórt sin, le litir dar dáta an 3 Eanáir 2011. Thairis sin, sular cuireadh tús le hoibreacha ar an Tionscadal, is amhlaidh a deonaíodh an chabhair do PCC.

4.1.2. *Éifeacht dreasachta*

4.1.2.1. Méadú ar chostais

(85) Mhínigh PCC cén fáth, sna hiarratais uaidh ar an deontas agus ar an díolúine ó cháin, gur luaigh sé costais incháilithe dhifriúla le haghaidh an Tionscadail (aithris (60)).

([45]) Toisc nach bhféadfadh sé a chur as an áireamh gur sháraigh méid iomlán na cabhrach ó na foinsí uile le haghaidh an Tionscadail 75 % den uasmhéid a d'fhéadfadh infheistíocht lenar bhain caiteachas EUR 100 milliún a fháil, agus an uasteorainn chaighdeánach cabhrach atá i bhfeidhm i gcás fiontar mór sa mhapa formheasta den chabhair réigiúnach á cur i bhfeidhm, an dáta a dheonaítear an chabhair, is é sin EUR 30 milliún.

(86) Mhínigh PCC, go raibh clistí tromchúiseacha i margadh MCAA sainaitheanta ag grúpa PCC, roimh an Tionscadal, ar clistí iad a bhí ann go príomha de dheasca easpa nuálaíochta ó na monaróirí móra ceannasacha atá ag oibriú sa mhargadh. Rinne grúpa PCC, agus breithniú á dhéanamh aige ar cé acu ba cheart infheistíocht a dhéanamh i mbunaíocht monaraíochta nua nó nár cheart, an rogha saoráid nua a shaothrú, bunaithe ar theicneolaíocht nuálach, go háirithe i bhfianaise na Státchabhrach a bheadh ar fáil chun tacú leis sin. Is é thart ar PLN 223 000 000 an meastachán tosaigh a tugadh ar na costais don Tionscadal..

(87) Ós rud é nach raibh taithí ag grúpa PCC ar infheistíochtaí casta den sórt sin, d'fhostaigh sé comhairleoir seachtrach, Siemens Group ('Siemens'), chun leibhéal an chaiteachais chaipitiúil a dheimhniú agus chun cúnamh a thabhairt le cinneadh a dhéanamh maidir le cuir chuige theicniúla shonracha. Tar éis dó anailís a dhéanamh, thug Siemens de chomhairle gur ghá an caiteachas caipitiúil íosta riachtanach a mhéadú go dtí thart ar PLN 300 000 000. Ós rud é go mbeadh an toradh ar an infheistíocht ró-íseal, ansin, chinn PCC iarratas a dhéanamh ar an díolúine ó cháin, sa bhreis ar an deontas. Tugann PCC le fios, ón uair a bhí sé ar an eolas faoin ngá le méadú a dhéanamh ar an gcaiteachas don Tionscadal, gur thagair sé don fhigiúr níos airde sa chomhfhreagras uile le húdaráis na Polainne agus leis an gCoimisiún.

(88) Maíonn PCC gur díreach tar éis dó deimhniú a fháil go bhfaigheadh sé an díolúine ó cháin, i mí Feabhra 2013, gur chinn PCC an Tionscadal a chur chun feidhme.

4.1.2.2. Tús na n-oibreacha

(89) Dhíospóid PCC an measúnú ón bPolainn, a chomhroinn an Coimisiún roimh ré (aithris (58)), go raibh tús curtha aige le hoibreacha ar an Tionscadal sula ndearna sé iarratas ar an díolúine ó cháin. Shonraigh PCC gur cuireadh tús le hoibreacha tógála an 5 Aibreán 2013 ([46]), agus go ndearna sé a chéad ghealltanas daingean trealamh a bhain leis an Tionscadal a ordú an 16 Lúnasa 2013 ([47]). Roimh na gníomhaíochtaí sin, ní raibh ach staidéir indéantachta ullmhúcháin déanta aige le haghaidh an Tionscadail, de réir gnáthchleachtas gnó.

(90) Leag PCC béim ar na gnéithe nuálacha a bheadh i gceist leis an modh táirgthe a d'úsáidfí tar éis an Tionscadail. Ó bhí 2008 ann, tá sé ag comhoibriú le sainchomhairleoirí tríú páirtí chun an coincheap tosaigh a fhorbairt. Tá roinnt próiseas i gceist leis an modh táirgthe nach féidir a shamhaltú i gceart gan tástáil eimpíreach, mar gheall, *inter alia*, ar a gcastacht agus ar an tionchar a bhaineann le hathróga iomadúla. Dá bhrí sin, is faoi dhálaí saotharlainne amháin is féidir na sonraí riachtanacha a bhailiú. […]. Measadh go mbeadh riosca iomarcach ag baint le tástálacha a dhéanamh i ngléasra ar scála tionsclaíoch, […]. […] ([48]) […]. Dá bhrí sin, chinn PCC, ar chomhairle Siemens, oibreacha a dhéanamh ar scála leath-theicniúil, agus úsáid á baint as suiteáil phíolótach lena gcuirfí dálaí ar fáil a bheadh cosúil leis na dálaí a bhíonn in imoibreoirí tionsclaíocha, chun indéantacht an Tionscadail a thástáil […].

(91) Mhínigh PCC gur tacar roinnt feistí beaga a bhí sa tsuiteáil phíolótach féin, agus í suite ar dhá fhráma cruach thart ar 2 mhéadar ar airde, lenar cumhdaíodh achar beag (1 mhéadar x 2 mhéadar agus 1 mhéadar x 1 mhéadar) i gceann de na seomraí a beartaíodh a úsáid mar spás taighde. Níor feistíodh an tsuiteáil go buan ar an talamh, agus d'fhéadfaí í a dhíchóimeáil agus a aistriú go háit eile go héasca. Níor ghá aon oibreacha tógála a dhéanamh chun í a choimisiúnú. Go deimhin, aistríodh comhpháirteanna uile na suiteála píolótaí chuig Siemens, sa Ghearmáin, díreach tar éis dóibh a bheith seachadta chuig PCC.

(92) Thart ar EUR 150 000 an costas iomlán a bhí ar an tsuiteáil phíolótach, suim atá ina méid diomaibhseach de chostas foriomlán an Tionscadail, mar a luaigh PCC. An 17 Deireadh Fómhair 2012, níor cheannaigh PCC ach cúpla mioneilimint den tsuiteáil phíolótach, arbh fhiú PLN 23 854,19 (EUR 5 814) iad (cáin bhreisluacha san áireamh) ([49]); tabhaíodh an chuid is mó den chostas tar éis don chead CES a bheith eisithe.

(93) Luaigh PCC, dá mba rud é go raibh torthaí an treoirthionscadail míshásúil, go mbeadh sé in ann tarraingt siar as an Tionscadal, gan ach mionchostais na n-oibreacha ullmhúcháin a thabhú. Thairis sin, mheas PCC, sa chás sin, go ndéanfadh sé na cearta maoine intleachtúla a bhí nasctha leis an treoirthionscadal a dhiúscairt, chun aon chaillteanas a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú nó deireadh a chur leo. Dá bhrí sin, thug PCC le fios gur thaifead sé na costais uile a bhain leis an treoirthionscadal mar mhír ar leithligh ina chuntasaíocht chostála, chun é a chur ar a chumas a chostas monaraíochta a nascadh leis an íosphraghas díola a bheadh de dhíth air le haghaidh na maoine intleachtúla sin.

([46]) Mar a léirítear leis an gcéad iontráil sa loga tógála a bhunaigh PCC i leith an Tionscadail.
([47]) Comhaontú soláthair a thabhairt i gcrích le […](*) maidir le cuid den trealamh chun MCAA a tháirgeadh. *[* Eolas rúnda]*.
([48]) […].
([49]) Arna ríomh trí ráta malairte EUR/PLN 4.1029 arbh infheidhme an 17 Deireadh Fómhair 2012 a chur i bhfeidhm (IO C 314, 18.10.2012, lch. 2).

(94) D'áitigh PCC, go háirithe i gcomhréir le Treoirlínte 2007 agus Rialachán 651/2014, nach féidir a mheas gurb ionann tabhairt faoi staidéir indéantachta ná suiteáil phíolótach agus tús na n-oibreacha.

(95) Ina theannta sin, tar éis bhreithiúnas na Cúirte Riaracháin Uachtaraí (aithris (49)), thug PCC dá aire gurbh é seasamh oifigiúil Stát na Polainne nár cheart an cead CES a neamhniú mar gheall ar theip an ceanglas foirmiúil maidir le héifeacht dreasachta a chomhlíonadh. Ós rud é nár chuir an Coimisiún, sa Chinneadh Tosaigh, aon amhras dá chuid féin in iúl ina leith sin, ba cheart, dá bhrí sin, go dtiocfadh an Coimisiún ar an gconclúid chéanna.

4.1.3. *Comhlíonadh Threoirlínte 2007*

4.1.3.1. Mír 68 – Measúnú cuimsitheach

(96) D'áitigh PCC nach raibh aon ghá leis an measúnú cuimsitheach a dhéanamh faoi mhír 68 de Threoirlínte 2007, toisc nár comhlíonadh aon cheann de na tairseacha a leagtar amach sa mhír sin.

4.1.3.1.1. Mír 68 – tairseach 75 %

(97) Tugann PCC dá aire, chun go mbeidh feidhm ag mír 68 de Threoirlínte 2007, nach mór méid iomlán na cabhrach ó na foinsí uile a bheith níos mó ná 75 % den uasmhéid cabhrach a d'fhéadfadh infheistíocht lena ngabhann caiteachas incháilithe EUR 100 milliún a fháil, agus uasteorainn chaighdeánach na cabhrach réigiúnaí atá i bhfeidhm i gcás fiontar mór sa mhapa formheasta den chabhair réigiúnach á cur i bhfeidhm, an dáta atá an chabhair le deonú (an 'tairseach 75 %'). Tugann PCC dá aire freisin nach bhfuil sé faoi dhíospóid gur EUR 30 milliún a bhí sa mhéid ábhartha, tráth a deonaíodh an deontas agus an díolúine ó cháin araon ([50]). Cuireann PCC i bhfios go láidir go bhfuil méid an deontais, ann féin, i bhfad níos lú ná an méid sin.

(98) Maíonn PCC, thairis sin, go bhfuil an díolúine ó cháin teoranta trí fheidhmiú dlí, sa chaoi nach féidir an méid sin a shroicheadh leis na bearta cabhrach, in éineacht le chéile. Tugann PCC le fios go luaitear an méid seo a leanas i Roinn 4, mír 5, den Rialachán maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta: 'i gcás ina sáródh luach iomlán na cabhrach réigiúnaí arna dheonú ó na foinsí uile 75 % d'uasluach na cabhrach is féidir a dheonú chun infheistíochtaí a chur chun feidhme lena ngabhann costais incháilithe atá coibhéiseach le EUR 100 milliún,, agus úsáid á baint as na huasteorainneacha caighdeánacha Státchabhrach is infheidhme maidir le fiontair mhóra sa mhapa fhormheasta den chabhair réigiúnach an dáta a dheonaítear an chabhair, ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoin tionscadal cabhrach aonair'.

(99) Tugann PCC dá aire, thairis sin, faoi Roinn 1 de Rialachán CES, nach bhféadfaí Státchabhair a dheonú faoin scéim díolúine ó cháin ach amháin i gcomhréir le coinníollacha Rialachán 800/2008. Dá réir sin, méid a sháraíonn an tairseach 75 %, nach bhféadfadh tairbhiú den bhlocdhíolúine faoin Rialachán sin, ní fhéadfaí é a dheonú faoin scéim sin. Mar fhianaise bhreise air sin, tugann PCC dá aire, in Airteagal 17(1)(34) den Acht um Cháin Chorparáide, ([51]) go sonraítear 'nach ceadmhach go sáróidh méid na Státchabhrach a dheonaítear trí bhíthin [na scéime díolúine ó cháin] an méid Státchabhrach do ghnóthas[,] is airde is féidir a fháil[,] do limistéir atá incháilithe do chabhair, i gcomhréir le forálacha ar leithligh'. Cuimsítear an Rialachán CES leis na 'forálacha ar leithligh' sin, an tairseach 75 % san áireamh. De réir PCC, is é éifeacht an Rialacháin CES agus an Achta um Cháin Chorparáide, nuair a bhaineann cabhair an tairseach 75 % amach, go gcailleann an t-infheisteoir, trí fheidhmiú dlí amháin, an teidlíocht chun aon díolúine bhreise ó cháin atá nasctha le tionscadail a shaothraítear i gCrios Eacnamaíoch Speisialta.

(100) Thairis sin, cuireann PCC i dtábhacht gur cuireadh an teorainn leis na tairseacha a leagtar amach i ndlí an Aontais isteach i reachtaíocht na Polainne mar chuid d'athchóiriú suntasach ar na criosanna eacnamaíocha speisialta mar chuid d'aontachas na Polainne leis an Aontas. Roimhe sin, is ó thaobh ama de amháin a bhí na díolúintí cánach teoranta, agus ní ó thaobh méid de.

(101) Tugann PCC le fios, ós rud é go dtagann an tairseach 75 % go díreach ó fhoráil dlí is infheidhme go ginearálta, arna glacadh ag údarás inniúil agus arna fógairt go cuí, go bhfuil an tairseach sin go hiomlán trédhearcach agus inrochtana do na páirtithe leasmhara uile. Dá réir sin, bheadh aon fhiontraí ar an eolas, gan beann ar na forálacha a bhaineann le cead ar leith chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh i gcrios eacnamaíoch speisialta, go bhfuil feidhm ag an tairseach 75 %. Aon fhiontraí a d'éileodh díolúine ó cháin os cionn na teorann sin fós, bheadh an méid cánach atá dlite á ghannmheas go neamhdhleathach aige, agus bheadh sé de cheart ag na húdaráis fhioscacha riaráistí cánach a aisghabháil, in éineacht le hús. D'fhéadfadh dliteanas coiriúil a bheith i gceist fiú de dheasca suimeanna barrachais a éileamh d'aon ghnó.

([50]) 40 % x (75 % x EUR 100 milliún) = EUR 30 milliún.
([51]) B'infheidhme é an tráth a eisíodh an cead CES do PCC.

(102) I ndáil leis sin, tugann PCC dá aire nach mór do ghnóthais a ndíolúine ó cháin a thuairisciú ina ndearbhú cánach bliantúil, agus go bhfuil sé d'oibleagáid orthu taifid a bhaineann leis an díolúine ó cháin a choimeád. Tá uirlisí éifeachtacha dlíthiúla, nós imeachta agus teicneolaíochta eolais ag na húdaráis fhioscacha chun a chinntiú go ndéanfar fíorú éifeachtúil ar mhéid na díolúine ó cháin a bhfuil gnóthas ina theideal, chomh maith leis an gceart chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnóthais a thairbhíonn de dhíolúine ó cháin.

(103) Maíonn PCC, agus an fhoirmle i leith scálú anuas á cur i bhfeidhm, gurb é EUR 23 086 560 an t-uasmhéid cabhrach a d'fhéadfadh sé a fháil don Tionscadal, méid atá níos lú ná an tairseach 75 % a spreagfadh mír 68. Tugann PCC le fios gur tharla sé roimhe nach ndearna Ballstát ach gealltanas a thabhairt go gcuirfí na rialacha maidir le scálú anuas faoi Threoirlínte 2007 i bhfeidhm, agus gur ghlac an Coimisiún leis sin ([52]) agus, dá réir sin, go mbeadh sé díréireach teacht ar an gconclúid gur neamhleor riail de chuid dhlí na Polainne, mar aon le coimircí éagsúla nós imeachta agus smachtbhannaí airgeadais agus coiriúla ag tacú leo, chun a chinntiú go gcomhlíontar na Treoirlínte.

4.1.3.1.2. Mír 68 – margaí ábhartha

(104) D'ainneoin nach bhfuair sé cabhair os cionn na tairsí 75 %, áitíonn PCC nár comhlíonadh na tairseacha a leagtar amach i míreanna 68(a) agus (b). Chun é sin a chinneadh, shainaithin PCC an margadh ábhartha táirgí agus na margaí geografacha seo a leanas.

4.1.3.1.2.1. Margadh táirgí

(105) Shonraigh PCC gur MCAA ann féin an táirge lena mbaineann an Tionscadal, seachas táirge a ndearnadh athrú sonrach air, agus d'aontaigh sé leis na ráitis sa Chinneadh Tosaigh ([53]) a raibh claonadh acu le bheith ar son an tseasaimh sin. Thug PCC dá aire, mar chuid den Tionscadal, go gcuirtear raon iomlán aicmí, gnéithe agus feidhmeanna íonachta MCAA ar fáil, ag brath ar riachtanais na gceannaitheoirí, agus nach láimhseáiltear iad sin mar tháirgí ar leithligh. Tá DCAA, dúil cheimiceach bhunúsach MCAA, in MCAA de gach aicme, agus, dá réir sin, déantar imoibrithe ceimiceacha comhchosúla ar MCAA de gach aicme, rud a thugann torthaí comhchosúla. Braitheann an rogha maidir le haicme íonachta ar leith ar theicneolaíocht agus ar chinntí tráchtála na gcliant; ní fíor a rá go bhfuil aicmí íonachta áirithe riachtanach chun táirgí áirithe a fhorbairt. Ní gá go mbeadh sé fíor ach oiread go gcosnaíonn na haicmí íonachta níos airde níos mó ná MCAA atá ar ghrád teicniúil, toisc go gcinntear praghsanna faoi threoir riachtanais agus phróifílí na gcustaiméirí.

(106) Thug PCC dá aire, de réir Threoirlínte 2007, go gcuimsítear sa mhargadh táirgí ábhartha an táirge agus na táirgí atá ann ina ionad, agus atá aitheanta mar an táirge sin nó táirgí ina ionad ag an tomhaltóir nó ag an táirgeoir, trí sholúbthacht na suiteálacha táirgthe ([54]). Leis na suiteálacha atá faoi chuimsiú an Tionscadail, is beag nach dtugtar solúbthacht gan teorainn do PCC chun aistriú ó aicme íonachta amháin a tháirgeadh go haicme íonachta eile. Mheabhraigh PCC gur admhaigh an Gearánach freisin go gcuirtear solúbthacht iomlán ar fail a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht aicmí íonachta uile MCAA a tháirgeadh ag a ghléasraí féin chomh maith leis na gléasraí de chuid Akzo Nobel ([55]).

(107) Thug PCC dá aire freisin go léirítear i dTreoirlínte 2007 ([56]), le haghaidh mhír 68, go saineofar díolacháin agus tomhaltas dealraitheach ar an leibhéal iomchuí d'aicmiú Prodcom ([57]). Ní hamháin go gcumhdaítear leibhéil íonachta uile MCAA le cód aicmiúcháin Prodcom, ach cumhdaítear na haigéid chlóraicéiteacha iolraíocha éagsúla eile leis freisin, rud a fhágann go bhfuil an cód i bhfad níos leithne ([58]).

([52]) Mar shampla, Cinneadh C(2008) 3507 final ón gCoimisiún, an 6 Iúil 2010, maidir le Státchabhair C 34/2008 (ex N 170/2008) a bhfuil sé beartaithe ag an nGearmáin é a chur chun feidhme i bhfabhar Deutsche Solar AG (IO L 7, 11.1.2011, lch. 40, http://data.europa.eu/eli/dec/2011/4(1)/oj), aithris (58).

([53]) Aithrisí (26), (134), (137), (139), (140), (149), agus (157).

([54]) Treoirlínte 2007, mír 69.

([55]) Mar a shonraigh an Gearánach le linn an réamhscrúdaithe ar na bearta, ina aighneacht chuig an gCoimisiún an 7 Meitheamh 2018 (aithris (3)).

([56]) Treoirlínte 2007, mír 70.

([57]) Rialachán (CEE) Uimh. 3924/91 ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le suirbhé Comhphobail ar tháirgeadh tionsclaíoch a bhunú (IO L 374, 31.12.1991, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/1991/3924/oj).

([58]) 20.14.32.20 –Aigéid mhona-clóraicéiteacha, dhé-, nó thrí-chlóraicéiteacha; aigéid phróipianacha, bhútánócha agus pheantánócha; a gcuid salann agus eistear.

(108) Thug PCC dá aire, thairis sin, gur sainmhíníodh margadh MCAA mar aon mhargadh amháin i gcinntí ón gCoimisiún roimhe seo ([59]).

4.1.3.1.2.2. Margadh geografach

(109) Maidir leis an margadh geografach ábhartha, maíonn PCC gurb é margadh MCAA lena gcumhdaítear ar a laghad an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('LEE'), Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Theas, atá sa mhargadh sin agus, i gcomhréir le mír 70 de Threoirlínte 2007, nach bhfuil margadh LEE iomchuí, agus go bhfuil staitisticí le fáil go héasca i leith dheighilt cheart an mhargaidh lena aghaidh ([60]). Luann PCC gur ábhar sásaimh di go sainaithníonn an Coimisiún rud i maíomh an Ghearánaigh a thagann salach ar an ráiteas gurb é LEE an margadh, toisc go ndearna an Gearánach, é féin, tagairt d'earraí iompórtála ón tSín chuig LEE, agus go dtuairiscítear earraí easpórtála Eorpacha chuig SAM sna staitisticí trádála ([61]).

(110) Maíonn PCC go mbaineann an t-éileamh ar MCAA in LEE, i Meiriceá Thuaidh agus i Meiriceá Theas go príomha le táirgí lena mbaineann aicmí íonachta réasúnta ard, nach dtáirgeann ach táirgeoirí Eorpacha (agus, i méideanna beaga, táirgeoirí áitiúla Mheiriceá Thuaidh). Ní dhéanann táirgeoirí Áiseacha na táirgí sin.

(111) Go traidisiúnta, is é easnamh domhain i soláthar MCAA atá le sonrú ar phríomh-shaintréithe réigiúin Mheiriceá Thuaidh agus Mheiriceá Theas, rud a fhágann go lorgaíonn custaiméirí MCAA lena mbaineann cáilíocht leormhaith ó chuideachtaí dé-oplachta na hEorpa, ón nGearánach agus ó Akzo Nobel. Tá an Gearánach ceannasach i margadh MCAA, gan beann ar an réigiún, agus, in 2006, bhí sciar 47 % den mhargadh in LEE aige, 40 % i Meiriceá Thuaidh, agus 55 % i Meiriceá Theas aige. Idir an dá linn, bhí sciar 39 %, 23 % agus 14 % ag Akzo Nobel sna margaí sin, faoi seach ([62]). Dá bhrí sin, is saintréith den mhargadh é an struchtúr dé-oplachta sin, agus is rud é is coiteann don mhargadh geografach iomlán lena gcumhdaítear LEE, Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Theas ([63]). I bhfianaise go bhfuil sciartha chomh mór sin de mhargaí Mheiriceá Thuaidh agus Mheiriceá Theas ag an nGearánach, áitíonn PCC nach féidir seasamh le maímh an Ghearánaigh go bhfuil na réigiúin sin scartha ó LEE agus nach féidir le monaróirí Eorpacha freastal orthu ar bhonn inmharthana.

(112) Thairis sin, thug PCC le fios go bhféadfaí argóint a dhéanamh fiú gurb é an margadh domhanda an margadh geografach ábhartha, toisc go soláthraíonn monaróirí na hÁise méid éigin de MCAA ar lú a íonacht do LEE, Meiriceá Thuaidh agus do Meiriceá Theas (is glaneaspórtálaithe MCAA iad an tSín agus an India). Mar sin féin, is ar chríocha ar nós na Tuirce agus na hAstráile go príomha a dhíríonn na monaróirí sin de chuid na hÁise. Dá réir sin, measann sé gurb é LEE, agus Meiriceá Thuaidh agus Theas an margadh geografach ceart.

([59]) Cinneadh ón gCoimisiún C(2004) 4876 final ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2005 maidir le himeacht de bhun Airteagal 81 de Chonradh CE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE in aghaidh Akzo Nobel NV agus eile – Cás Uimh. COMP/E-1/.37.773 – MCAA), Cinneadh Achoimre an 19.1.2005 (IO L 353, 13.12.2006, lch. 12, http://data.europa.eu/eli/dec/2006/897/oj) (leagan neamhrúnda den chinneadh ón gCoimisiún i gcás Uimh. COMP/E-1/.37.773 – MCAA https://ec.europa.eu/competition/antitrust/cases/dec_docs/37773/37773_143_1.pdf), agus Cinneadh ón gCoimisiún C(2004) 2026 final ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2004 i gcás SA.14224 (N 304/2003) – An Ísiltír – Cabhair do Akzo Nobel chun teorainn a chur le hiompar clóirín (IO C 81, 2.4.2005, lch. 4).

([60]) Sonraítear an méid seo a leanas i mír 70 de Threoirlínte 2007: 'Is ar an mBallstát atá an dualgas a chruthú nach bhfuil feidhm ag na cásanna dá dtagraítear i míreanna 68(a) agus (b). Chun pointí (a) agus (b) a chur i bhfeidhm, saineofar díolacháin agus tomhaltas dealraitheach ar an leibhéal iomchuí d'aicmiú Prodcom, sa LEE de ghnáth, nó, mura bhfuil an t-eolas sin ar fáil nó mura bhfuil sé ábhartha, ar bhonn aon deighilt mhargaidh eile a bhfuil glacadh coitianta léi agus a bhfuil sonraí staitistiúla le fáil go héasca ina leith' (fonótaí fágtha ar lár).

([61]) Cinneadh tosaigh, aithris (143).

([62]) Maíonn PCC go léirítear é sin i dtuarascáil 2006 ó Tecnon OrbiChem – *Monochloroacetic Acid 2005 2015: A Comprehensive World Survey, Forecast and Analysis* – tuarascáil nár sholáthair sé cóip di, ach a sholáthair údaráis na Polainne le linn a gcomhfhreagrais le ranna an Choimisiúin (aithris (133)).

([63]) Déanann PCC tagairt do phlécháipéis 2013 ó Deloitte: '*Chloroacetic acids products – International trade flows*', ina léirítear dé-oplacht leanúnach an Ghearánaigh agus Akzo Nobel in imeacht na mblianta, de réir mar a mhaíonn PCC. Níor sholáthair PCC cóip den tuarascáil sin, ach sholáthair údaráis na Polainne an tuarascáil le linn a gcomhfhreagrais le ranna an Choimisiúin.

4.1.3.1.3. Mír 68(a) – an sciar de dhíolacháin na dtáirgí

(113) Faoi mhír 68(a) de Threoirlínte 2007, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcabhair i gcás ina dtagann níos mó ná 25 % de dhíolacháin an táirge/na dtáirgí lena mbaineann ar an margadh nó ar na margaí lena mbaineann roimh an infheistíocht, ó thairbhí na cabhrach agus, nó go dtiocfaidh níos mó ná 25 % uaidh tar éis na hinfheistíochta.

(114) Maidir leis an margadh ábhartha, meabhraíonn PCC gurb é margadh MCAA na n-aicmí íonachta uile atá i gceist, lena gcumhdaítear LEE, agus Meiriceá Thuaidh agus Theas ar a laghad. Tugann PCC le fios nach mbainfeadh sé sciar 25 % de dhíolacháin amach sa mhargadh sin tar éis don Tionscadal a bheith tugtha i gcrích, agus gur léir é sin fiú ón eolas a sholáthair an Coimisiún sa Chinneadh Tosaigh, bunaithe ar shonraí neamhspleácha ([64]). Go deimhin, léiríonn an t-eolas sin freisin nach mbainfeadh PCC sciar den sórt sin de dhíolacháin amach fiú má tá an margadh geografach teoranta do LEE ([65]). Áitíonn PCC nach bhfuil ríomhanna an Ghearánaigh féin ([66]) ceart.

(115) Dá bhrí sin, maíonn PCC nach bhfuil gá le measúnú cuimsitheach de bhun mhír 68(a) de Threoirlínte 2007 sa chás sin.

4.1.3.1.4. Mír 68(b) – an sciar den acmhainneacht táirgeachta

(116) Faoi mhír 68(b) de Threoirlínte 2007, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcabhair i gcás ina bhfuil an acmhainneacht táirgeachta a chruthaítear le tionscadal níos mó ná 5 % den mhargadh arna tomhas trí úsáid a bhaint as sonraí maidir le tomhaltas dealraitheach (táirgeacht móide earraí allmhairiúcháin lúide earraí onnmhairiúcháin) i gcás an táirge lena mbaineann, mura rud é go bhfuil meánráta fáis bliantúil an tomhaltais dhealraithigh sin le 5 bliana anuas os cionn mheánráta fáis bliantúil olltáirgeacht intíre ('OTI') LEE.

(117) Easaontaíonn PCC leis an modheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún sa Chinneadh Tosaigh chun rátaí fáis an mhargaidh a ríomh, toisc nár chomhlíon an mhodheolaíocht ceanglais Threoirlínte 2007 agus nach ndeimhnítear na sonraí a úsáideadh le sonraí neamhspleácha eile. In aon chás, áitíonn PCC go ndéantar neamhaird le modheolaíocht an ráta fáis iolraithe bliantúil ('CAGR') de luaineachtaí a tharlaíonn le linn tréimhse agus nach gcuirtear san áireamh ach na scoithbhlianta. Sa chás sin, tríd an modheolaíocht sin a chur i bhfeidhm, gan toimhdí breise, d'fhéadfadh sé go dtiocfaí ar chonclúidí míchearta maidir le dinimic bhunúsach an mhargaidh. 2011 agus 2012 – na blianta sular dámhadh na bearta cabhrach aonair ar PCC – ní gnáthbhlianta a bhí iontu i dtimthriall eacnamaíoch agus é ag forbairt mar is gnách, ach blianta a bhí ina gcuid d'idirthréimhse idir an ghéarchéim airgeadais agus an téarnamh. Dá réir sin, ní tagarmharc iontaofa é luach an tomhaltais dhealraithigh sna scoithbhlianta chun measúnú a dhéanamh ar mhargadh MCAA. Measann PCC, i bhfianaise gur saobhadh an tréimhse thagartha de dheasca géarchéim eacnamaíoch nach bhfacthas a leithéid riamh, go bhfuil sé níos tábhachtaí fás dinimiciúil an mhargaidh ag deireadh na tréimhse sin a thuar.

(118) Dá bhrí sin, maíonn PCC nach bhfuil gá le measúnú cuimsitheach de bhun mhír 68(b) de Threoirlínte 2007 sa chás sin.

4.1.3.2. Tástáil chothromúcháin

(119) Meabhraíonn PCC cásdlí *Smurfit Kappa* ([67]), ar dá réir a fhéadfaidh an Coimisiún tástáil chothromúcháin a dhéanamh i leith na cabhrach i gcás nach léir gur mó a héifeachtaí dearfacha ná na héifeachtaí diúltacha. I ndáil leis sin, cuireann PCC i bhfios go láidir nach mór don Choimisiún scrúdú dícheallach neamhchlaonta a dhéanamh ar na bearta cabhrach atá ina n-ábhar agóide, chun go mbeidh an t-eolas is iomláine agus is iontaofa is féidir aige lena aghaidh

([64]) Cinneadh tosaigh, aithris (150).

([65]) Tugann PCC dá aire, ar mhaithe le cruinneas, sa Chinneadh Tosaigh, i gcomhthéacs an mhéid díolachán tar éis don infheistíocht a bheith tugtha i gcrích, nach dtugann an Coimisiún le fios ach sonraí maidir le díolacháin MCAA ó 2015 (dar méid 242.9 kt – rud a chuirfeadh as an áireamh go bhféadfadh PCC teacht i ngiorracht 25 % de thomhaltas infheicthe MCAA fiú), cé nár tugadh an infheistíocht i gcrích ach in 2016. Mar sin féin, ag glacadh leis nach raibh difríocht shuntasach idir leibhéal thomhaltas infheicthe MCAA in 2016 agus an leibhéal a thug an Coimisiún le fios do 2015, ní bhainfeadh PCC, in aon chás, an leibhéal tomhaltais infheicthe 25 % amach tar éis na hinfheistíochta.

([66]) Achoimre air in aithris (26) den Chinneadh Tosaigh.

([67]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 10 Iúil 2012, *Smurfit Kappa Group plc* v *an Coimisiún*, T-304/08, EU:T:2012:351.

sin, agus an cinneadh críochnaitheach á ghlacadh aige. Dá réir sin, maíonn sé nach féidir leis an gCoimisiún a chinneadh go bhfuil Státchabhair neamh-chomhoiriúnach ar bhonn toimhde dhiúltach a eascraíonn as easpa eolais a d'fhágfadh gur féidir a mhalairt a chinneadh, agus ar an mbonn sin amháin. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún a chinneadh go raibh margadh MCAA ag dul i laghad nó go raibh rósholáthar ann toisc nár chuir an Pholainn nó páirtí eile fianaise ar a mhalairt ar fáil. Le haghaidh na deimhneachta dlíthiúla, ní mór don Choimisiún a bheith in ann cúiseanna lena thorthaí a sholáthar, seachas a bheith ag brath ar thoimhdí amháin.

(120) Cuireann PCC leis an méid sin á shonrú, má ghlactar leis nach féidir fianaise inchreidte, shonrach agus iontaofa ar mhargadh MCAA 2006 – 2011 a chur ar fáil, go bhfuil sé réasúnta go bhfuil údar le scrúdú a dhéanamh ar shonraí tar éis 2011 freisin, ar sonraí iad a léiríonn forbairt iarbhír mhargadh MCAA tar éis na tréimhse sin. Níl srian ar an gCoimisiún, agus an tástáil chothromúcháin á déanamh aige, gan scrúdú a dhéanamh ach ar na tréimhsí roimh an infheistíocht agus orthu sin amháin – is féidir leis eolas *ex post* a úsáid chun tionchar iarbhír na Státchabhrach ar an margadh ábhartha a fhíorú ([68]).

4.1.3.2.1. Éifeachtaí dearfacha na cabhrach

(121) Áitíonn PCC gur mó i bhfad éifeachtaí dearfacha na Státchabhrach don Tionscadal ná aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an gcabhair sin.

(122) Athdhearbhaíonn PCC a sheasamh go raibh éifeacht dreasachta fhoirmiúil ag an gcabhair. Tugann sé dá aire go bhfuil an chabhair comhréireach, toisc go gcloítear leis an uasteorainn cabhrach réigiúnaí is infheidhme, an sásra um scálú anuas san áireamh.

(123) Sula ndearna sé iarratas ar an gcabhair, ríomh PCC ionchas infheistíochta an Tionscadail, agus ba é a chonclúid, in éagmais na mbeart cabhrach, go mbeadh glanluach láithreach diúltach ('NPV') –PLN [1.3-1.5] milliún ann de thoradh na hinfheistíochta, agus ráta toraidh airgeadais ('FRR') –[6.8-7.9] % ann. Agus na bearta cabhrach ann, bhainfeadh an Tionscadal amach glanluach láithreach thart ar PLN [62-72] milliún, agus bheadh FRR [12.7-15] % ann. Mura mbeadh na bearta cabhrach faighte aige, bheadh srian curtha leis an infheistíocht ag PCC agus ní thógfadh sé ach suiteáil shimplí tuaslagaíochta, ar chostas measta PLN [48-58] milliún, lena mbainfeadh glanluach láithreach thart ar PLN [15-18] milliún agus FRR [8.6-10.2] %. Tugann PCC dá aire go bhfuil méid iarbhír na Státchabhrach de thoradh na díolúine ó cháin ag brath ar a bhrabúsacht, rud ar léiriú breise é nach dtéann an chabhair thar an méid lena bhfuil gá chun tabhairt faoin Tionscadal.

(124) Feiceann PCC gur fhíoraigh agus gur dheimhnigh an Coimisiún, é féin, gur bhain éifeacht thar a bheith dearfach leis an gcabhair le linn an nós imeachta chun go bhformheasfaí ranníocaíocht airgeadais leis an Tionscadal ó CFRE (aithris (34)).

4.1.3.2.2. Struchtúr agus treochtaí an mhargaidh

(125) Tráth a deonaíodh an chabhair do PCC, chruthaigh an Gearánach agus Akzo Nobel dé-oplacht eatarthu i margadh MCAA, agus is beag brú ar bith a bhí orthu ó iomaitheoirí. Chinn an Coimisiún go raibh siad ag feidhmiú mar chuid de chairtéal i gcás MCAA ó 1984 go 1999 ('an cinneadh maidir le Cairtéal') ([69]). Dá bhrí sin, trí iontráil iomaitheoir nua a éascú, bheadh éifeachtaí dearfacha ag an gcabhair ar an margadh. Ina theannta sin, fuair Akzo Nobel thart ar EUR 64 mhilliún de Státchabhair – i bhfad níos mó ná an méid a deonaíodh do PCC – chun saoráidí táirgthe clóirín agus MCAA a athlonnú san Ísiltír, rud a d'fhormheas an Coimisiún in 2004 ([70]). Creideann PCC go ndearna an Gearánach an gearán ina aghaidh díreach chun cur isteach ar a oibríochtaí agus é sin amháin, agus chun rannpháirtí nua i margadh MCAA a bhrú amach.

([68]) Maíonn PCC go dtagann an cur chuige sin le míreanna 38, 41, 42, 45, agus 47 den Communication from the Commission concerning the criteria for an in-depth assessment of regional aid to large investment projects [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na critéir le haghaidh measúnú cuimsitheach ar chabhair réigiúnach do mhórthionscadail infheistíochta] (IO C 223, 16.9.2009, lch. 3).

([69]) Cinneadh ón gCoimisiún C(2004) 4876 final ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2005 maidir le himeacht de bhun Airteagal 81 de Chonradh CE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE, Cás Uimh. COMP/E-1/.37.773 – MCAA (IO L 353, 13.12.2006, lch. 12, http://data.europa.eu/eli/dec/2006/897/oj). Bhain an cinneadh maidir le Cairtéal le cuideachtaí réamhtheachtacha an Ghearánaigh, Clariant AG agus Hoescht AG.

([70]) Cinneadh ón gCoimisiún C(2004) 2026 final ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2004 i gcás SA.14224 (N 304/2003) – An Ísiltír – Cabhair i bhfabhar Akzo Nobel chun iompar clóirín a íoslaghdú (IO C 81, 2.4.2005, lch. 4).

(126) Tugann PCC dá aire, thairis sin, go bhfágann tréithe dé-oplachta an mhargaidh gur minic a bhíonn tomhaltóirí ceangailte le soláthróir ar leith, agus nach mbíonn roghanna eile acu i gcás acmhainneacht táirgeachta neamhleor. Bíonn sé casta MCAA a tháirgeadh, agus is minic a bhíonn aonaid mhonaraíochta faoi réir sosanna cothabhála dosheachanta. Dá dheasca sin, bíonn ganntanais soláthair go tráthrialta ann, go háirithe toisc go bhfuil saoráidí stórála teoranta ag an nGearánach agus ag Akzo Nobel trínar féidir socruithe a dhéanamh chun déileáil le stopadh den sórt sin. Cuidíonn láithreacht PCC, tríd an Tionscadal, leis an bhfadhb sin a mhaolú, agus leis an margadh a chobhsú. Go deimhin, tugann PCC le fios, ón tráth a chuaigh an Tionscadal i seirbhís, gur iarr an Gearánach, é féin, ar PCC MCAA a sholáthar dó de dheasca stopadh ghléasra an Ghearánaigh ar chúiseanna cothabhála.

(127) Maíonn PCC, thairis sin, gur fearr le custaiméirí MCAA cáilíocht a sheirbhíse do chustaiméirí ná cáilíocht chuideachtaí na dé-oplachta atá ann faoi láthair, toisc go soláthraíonn sé seirbhís níos oscailte agus níos saincheaptha, mar aon le cur chuige nuálach.

(128) Maidir le ceist na ró-acmhainne sa mhargadh, áitíonn PCC go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar MCAA go seasta, i ndáil le táirgeadh béitíní chomh maith (oibreáin cúraim phearsanta agus ghlantacháin) agus CMC (a úsáidtear mar thiúsóir le haghaidh feidhmeanna bia, táirgí cógaisíochta, cúraim phearsanta, agus fracála); Tugann PCC le fios, gan foinsí a shainaithint, go bhfuil ráta fáis iolraithe bliantúil (CAGR) os cionn [3.3-4]-[5.8-7] % ag na hearnálacha sin. Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar bhéitíní (grúpa gníomhaithe dromchlacha), go háirithe, agus tugann PCC réamhaisnéis dá n-aire go n-úsáidfear [98-118] kt/bliain i margadh na Stát Aontaithe. Má ghlactar leis go bhfuil tomhaltas MCAA i dtáirgeadh béitíní thart ar [11.4-12.8] %, thabharfadh sé sin le fios go mbeadh tomhaltas MCAA [11.5-12.7] kt/bliain ann don chuid shonrach sin de mhargadh na ngníomhaithe dromchlacha ina haonar. Idir an dá linn, is é táirgeadh ceallalóis charbocsaimeitile (CMC) an dara húsáid is mó a bhaintear as MCAA, agus bhí coinne leis go mbeadh fás suntasach air go dtí 2023 ([71]). Thug PCC dá aire go bhfuil méadú ag teacht ar earraí easpórtála CMC ón Aontas ([72]), rud a léiríonn go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar MCAA de thionscnamh an Aontais, agus rud a thagann salach ar líomhaintí an Ghearánaigh go bhfuil margadh MCAA ag dul i laghad nó marbhánta.

(129) Cuireann PCC i bhfios go láidir go bhfuil an treocht sheasta in airde i margadh MCAA ina cuid de phatrún níos ginearálta d'earnáil iomlán na gceimiceán, rud a léiríonn, tar éis meathlú láidir in 2009, fás cobhsaí fadtéarmach ([73]). Cuireann PCC i bhfios go láidir freisin go bhfuil margadh na Stát Aontaithe ina mhargadh suntasach díolachán do tháirgeoirí MCAA san Aontas ([74]), agus go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh méadú seasta air.

(130) Áitíonn PCC, nuair a thugann an Gearánach le fios go sáraíonn leibhéil soláthair MCAA an t-éileamh, go mbaineann sé an chiall chontráilte as na sonraí. Áitíonn an Gearánach gur táirgeadh 200 kt/bliain de MCAA sa mhargadh Eorpach ó 2010 go 2016, ach nár ídíodh ach thart ar 144-147 kt/bliain, rud a chiallaíonn go bhfuil an 42 kt/bliain a tháirg PCC tar éis an Tionscadail iomarcach (féach aithrisí (26) agus (27) den Chinneadh Tosaigh). Maíonn PCC maidir leis an modheolaíocht róshimplí, lena suimítear acmhainneachtaí uasta ainmniúla na saoráidí táirgthe, nach léirítear an réaltacht, is é sin, go bhfuil láithreáin mhonaraíochta faoi réir bristeacha sistéamacha, tráthrialta agus dosheachanta sa táirgeadh mar ghnáthchuid dá bpróiseas cothabhála: tá an acmhainneacht táirgeachta iarbhír níos gaire do 80-90 % den acmhainneacht ainmniúil ([75]). Tugann PCC le fios go mbeadh an t-éileamh comhiomlán i margadh MCAA i gcás na hEorpa agus na Stát Aontaithe thart ar [255-305] kt/bliain, agus go soláthraítear [215-258] kt/bliain – comhfhreagraíonn an gannchion [34-40] kt/bliain d'acmhainneacht soláthair iarbhír an Tionscadail – seachas dá acmhainneacht ainmniúil.

(131) Feiceann PCC go dtagann gníomhaíochtaí an Ghearánaigh féin salach ar an léirmhíniú a mhaíonn sé a bheith aige féin ar an margadh. Ina thuarascálacha margaíochta oifigiúla, chuir an Gearánach MCAA i láthair arís agus arís eile mar mhargadh a bhfuil gealladh faoi agus ina bhfuil fás dinimiciúil ag tarlú, agus leag sé béim freisin ar a neamhábaltacht freastal ar éileamh custaiméirí (tuarascáil 2013). In 2018, d'fhógair sé freisin go mbeadh a acmhainneacht táirgeachta agus stórála á leathnú aige ([76]).

([71]) Luann PCC an Tuarascáil Markets & Markets Research, ina léirítear méadú [4-4.6] % (i dtéarmaí luacha) ar mhargadh CMC 2015-2020, agus an réamhaisnéis ó Global Market Insights, a léiríonn méadú os cionn [4-4.2] % CAGR (ag brath ar an úsáid) in 2017-2023.

([72]) In 2016, easpórtáladh thart ar 50 kt de CMC ón Aontas, agus coinne leis go dtiocfadh méadú go dtí 100 kt air sin do 2018. Níor sholáthair PCC foinsí le haghaidh na bhfigiúirí sin.

([73]) Déanann PCC tagairt do thuarascáil Chemdata International 2018 ón gComhairle Eorpach um Thionscal na gCeimiceán ('CEFIC') (Facts & Figures of the European chemical industry).

([74]) Cumhdaítear thart ar 80 % d'éileamh MCAA sna Stáit Aontaithe le hearraí iompórtála ó dhé-oplacht an Ghearánaigh agus Akzo Nobel; Níl méadú le teacht ar tháirgeacht intíre SAM de réir na réamh-mheastachán. Níor sholáthair PCC foinsí don mhaíomh sin.

([75]) Tugann PCC le fios go gcomhthacaíonn Siemens agus CEFIC leis an bhfigiúr sin.

([76]) Tugann PCC dá aire gur fhógair Akzo Nobel go dtógfaí gléasra nua MCAA san India freisin.

(132) I dtéarmaí an ionchais mhargaidh, tugann PCC dá aire gur fhógair Akzo Nobel agus an Gearánach araon go ndearna siad infheistíochtaí in MCAA le blianta beaga anuas ([77]). Maíonn PCC go gcruthaíonn sé sin nach ndearna na bearta cabhrach laghdú ar acmhainneacht mhargaidh na gcuideachtaí ceannasacha. Ina theannta sin, i mí Lúnasa 2020, d'fhógair Nouryon (arbh é Akzo Nobel roimhe seo) go méadódh sé a acmhainneacht táirgeachta MCAA san Ísiltír, á lua, go háirithe, go bhfreastalaíonn MCAA ar earnálacha ardfháis, cuir i gcás táirgí cosanta plandaí i gCríocha Mheiriceá, agus táirgí cógaisíochta san India agus i margaí eile atá i mbéal forbartha. Maíonn PCC gur spreagadh an infheistíocht sin mar gheall ar an éileamh dinimiciúil céanna ba chosúil a bheith sa mhargadh agus a bhí mar bhonn taca leis an Tionscadal. Tugann PCC dá aire freisin go gcomhthacaíonn fógra Nouryon le dearcadh PCC féin go bhfuil margadh MCAA comhdhéanta de LEE agus SAM ar a laghad, fiú mura margadh domhanda atá ann.

(133) Cuireann PCC i dtábhacht go ndearna sé scrúdú ar na sonraí ábhartha a bhí ar fáil tráth a rinne sé a chinneadh infheistíocht a dhéanamh sa Tionscadal. De réir na tuarascála maidir le MCAA 2008 – 2018 ó Tecnon Orbichem ('tuarascáil Orbichem Tecnon'), rinneadh réamhaisnéis gurbh é [2-2.4] % an ráta fáis iolraithe bliantúil a bheadh ann i gcás thomhaltas MCAA idir 2005 – 2015 don Eoraip agus do Chríocha Mheiriceá, agus go bhféadfadh ráta fáis iolraithe bliantúil [2.5-3] % – [3-3.6] % a bheith ann ar fud an domhain. I dtuarascáil a ullmhaíodh in 2010, rinne Kline & Company réamhaisnéis go ndéanfaí méaduithe móra ar tháirgeacht bhliantúil CMC([3-3.6] %) agus aigéid thiaigliocólaigh (TGA) ([2.5-3] %) san Eoraip – arb iad sin príomhfheidhmeanna MCAA. I dtuarascáil 2011 ó SRI Consulting ('Tuarascáil 2011 SRI') ([78]), idir an dá linn, luadh gurbh amhlaidh, i Meiriceá Thuaidh, go raibh an tionchar is mó ar thomhaltas MCAA ag margadh na ngníomhaithe dromchlacha, agus go raibh éileamh méadaithe ar CMC sa tionscal peitriceimiceach agus staid an-mhaith sa tionscal clóiríde polaivinile ('PVC'), ina n-úsáidtear TGA. Tugadh le fios sa tuarascáil go raibh méadú ag teacht go tráthrialta ar an tomhaltas aigéid sna Stáit Aontaithe le haghaidh na tréimhse 2004-2008, rud nár cuireadh isteach air ach le linn na géarchéime eacnamaíoch domhanda in 2009. Thuairiscigh Tecnon Orbichem gur thángthas ar thorthaí comhchosúla i gcás an mhargaidh Eorpaigh, agus gur tháinig méadú ar thomhaltas MCAA i gcás gníomhaithe dromchlacha ([2.5-3] %-[3-3.6] % in aghaidh na bliana), CMC ([1.9-2.3] % in aghaidh na bliana), agus TGA ([0.9-1.1]-[1.9-2.3] % in aghaidh na bliana). Léirigh sonraí margaidh de chuid SRI freisin gur tháinig méadú láidir ar an éileamh ar MCAA i Lár agus in Oirthear na hEorpa (CAGR [8.2-9.5] % idir 2002-2010).

(134) Cuireann PCC i dtábhacht gurbh é príomhréasúnaíocht an Tionscadail an slabhra luacha clóirín atá ann cheana laistigh de ghrúpa PCC a leathnú chun substaintí a chuimsiú a bhfuil gealladh faoina n-ionchas margaidh. Measadh go raibh MCAA ag teacht leis an straitéis sin, toisc gurb é clóirín an príomh-amhábhar lena tháirgeadh, agus gur measadh go raibh luaineacht theoranta ag baint le margadh MCAA mar gheall ar a éagsúlacht leathan i margaí deiridh, a raibh treocht i dtreo fás domhanda le sonrú ar na príomh-mhargaí ina measc. Dá réir sin, i bhfianaise struchtúr dé-oplachta mhargadh MCAA, an dea-úsáid a bhaintear as acmhainneachtaí chomhaltaí na dé-oplachta i margaí an Aontais agus na Stát Aontaithe, go bhfuil l méadú ag teacht go seasta ar an éileamh ar MCAA agus nach ndéanann luaineachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha an gheilleagair difear dó a bheag nó a mhór, agus soláthar clóirín inmheánach iomchuí laistigh de ghrúpa PCC, measadh go raibh an Tionscadal ina infheistíocht dhlisteanach agus réasúnta.

4.1.3.2.3. Tionchair réigiúnacha na cabhrach

(135) Meabhraíonn PCC go bhfuil an infheistíocht suite i limistéar atá incháilithe do chabhair réigiúnach faoi Airteagal 107(3), pointe (a), den Chonradh, nach raibh OTI per capita ann idir 2007-2013 ach 47.52 % de mheán-OTI AE-25. Bhí an limistéar sin fós ina limistéar 'a' do thréimhse 2014-2021, agus OTI per capita ann arbh é 65.33 % de mheán AE-25. Thairis sin, tá an limistéar sonrach ina bhfuil an tionscadal lonnaithe faoi mhíbhuntáiste níos mó fós ná an limistéar ina iomláine, agus, sa tréimhse roimh an infheistíocht, bhí ráta dífhostaíochta 21.6 % ann, a raibh 46 % den líon sin dífhostaithe go fadtéarmach.

(136) Cruthaíodh 150 post go díreach de thoradh an Tionscadail, le haghaidh innealtóirí ardoilte agus bainisteoirí táirgthe chomh maith. Meastar gur cruthaíodh thart ar 600 post go hindíreach dá thoradh freisin, do sholáthraithe áitiúla chomh maith. Tá na dálaí oibre ag PCC níos fearr ná an phróifíl chaighdeánach sa limistéar, e.g., trí rochtain ar oiliúint agus ar shochair chomhchineáil.

([77]) Meabhraíonn PCC, i bhfonótaí (36) agus (37) den Chinneadh Tosaigh, gur thug an Coimisiún dá aire go ndearna an Gearánach méadú 22 kt ar acmhainneacht táirgeachta a ghléasra san India in 2008 agus méadú 25 kt ar a ghléasra sa tSín in 2013, agus go ndearna Akzo Nobel méaduithe 25 kt, 60 kt, agus 100 kt ar a ghléasra MCAA in 2002, 2010, agus 2012, faoi seach.

([78]) Chemical European Handbook – SRI Consulting Marketing Research Report Monochloroacetic Acid, Iúil 2011.

(137) Oibríonn PCC i ndlúthchomhar le hollscoileanna agus le pobail mac léinn, cuir i gcás trí shocrúcháin oibre, ceardlanna, agus oiliúint a sholáthar, trí bheith ina chomhpháirtí le haghaidh comórtas, oiliúint phraiticiúil a thairiscint, chomh maith le bónais le haghaidh torthaí oideachais, cláir phátrúnachta a bhunú le scoileanna áitiúla, agus páirt a ghlacadh i raon leathan imeachtaí sóisialta.

(138) Tugann PCC le fios gur dreasaíodh infheistíochtaí comhthaobhachta sa réigiún ó ghnólachtaí eile de thoradh an Tionscadail, ar gnólachtaí iad atá nasctha le saoráid MCAA, rud a bhaineann go háirithe le cuideachtaí laistigh de ghrúpa PCC, ach le cuideachtaí seachtracha áirithe eile freisin (e.g. soláthraithe lóistíochta seachtracha). Ina theannta sin, bhí príomhaidhmeanna nuálaíochta an Tionscadail ina dtúsphointe le haghaidh gníomhaíochtaí breise taighde agus forbartha ('T&F') laistigh de PCC, agus ag PCC i gcomhar le líonra bunaíochtaí eolaíochta agus sainghnólachtaí T&F, mar shampla, […], rud a chruthaigh toradh iarmhartach ó thaobh an eolais de. Sholáthair an Tionscadal túsphointe spreagtha freisin do thionscadail T&F ina dhiaidh, a roghnaíodh le haghaidh tacaíocht ar leithligh a bhí maoinithe ag an Aontas.

(139) Ina theannta sin, soláthraíonn an Tionscadal ardán le haghaidh gníomhaíochtaí a ceapadh chun an tionchar ar an gcomhshaol a bhaineann le déanamh MCAA a mhaolú, mar shampla, trí úsáid íseal fuinnimh ina phróiseas nuálach táirgthe.

(140) Tá sineirgí suntasacha le gléasraí eile de chuid PCC agus le gníomhaíochtaí réigiúnacha cruthaithe ag an Tionscadal, rud atá tairbhiúil don chomhshaol agus a sheachnaíonn iompar na n-ábhar guaiseach de bhóthar.

(141) De thoradh an Tionscadail, aistríodh méideanna suntasacha cánach chuig an mbuiséad poiblí, agus cuireadh feabhas ar an mbonneagar tionsclaíoch sa limistéar, rud a chuaigh chun tairbhe do na gnólachtaí áitiúla uile.

4.2. **Tuairimí ó thríú páirtithe eile** ([79])

(142) Thug PCC SE, cuideachta sealbhaíochta Ghrúpa PCC, dá aire go bhfuil PCC […] tar éis don ghléasra a bheith tugtha i gcrích (tosaíodh ar bhorradh a chur faoi MCAA agus ar na díolacháin tráchtála de ag deireadh 2016). Soláthraíonn PCC Rokita an clóirín a úsáideann PCC ina phróiseas táirgthe, agus tá PCC Rokita lonnaithe ar an láithreán céanna, agus, dá réir sin, soláthraíonn sé an MCAA atá de dhíth ar […] dó chun gníomhaithe dromchlacha a tháirgeadh. Oibríonn PCC i ndlúthchomhar le fochuideachtaí lóistíochta PCC Autochem Sp. z o. o. agus PCC Intermodal SA.

(143) Tugann PCC SE dá aire nach bhfuil ach trí chuideachta ann ar fud an domhain a bhfuil a dteicneolaíocht féin acu chun MCAA den chéad scoth a tháirgeadh, go bhfuil PCC ar cheann díobh sin, agus gurb í an tsaoráid táirgthe nuálach dá chuid an t-aon saoráid dá cineál in Oirthear na hEorpa. Faigheann PCC aiseolas den scoth ó chustaiméirí, agus bhuaigh sé gradaim as an inbhuanaitheacht (mar atá buaite ag PCC Exol). Tugann PCC SE tuairisc ar thionchar dearfach PCC Rokita sa réigiún, agus tugann sé dá aire gurb éard atá i gceist leis an Tionscadal go bhfuiltear ag leanúint de rath […], á chomhdhlúthú, agus á neartú. Iarrann PCC SE ar an gCoimisiún sineirgí, éifeachtúlachtaí agus tionchar dearfach na hinfheistíochta ó PCC sa tSiléis Íochtarach a chur san áireamh, ar éifeachtaí iad sin nach mbeadh ann gan an chabhair atá i gceist.

(144) Thairis sin, chuir PCC SE a aighneacht isteach an athuair an 14 Márta 2019, agus í soláthraithe i gcomhthéacs réamhscrúdú an Choimisiúin ar na bearta cabhrach, á lua go raibh sí fós ábhartha. San aighneacht sin, thug sé dá aire, go háirithe, tréithe dé-oplachta mhargadh MCAA, na tairbhí a thug PCC isteach, agus an imní atá air go ndearna an Gearánach gearán mí-ionraic leis an gCoimisiún chun iarracht a dhéanamh rialacha maidir leis an Státchabhair a úsáid mar uirlis troda chun brú a chur ar iomaitheoir nua.

(145) Tá PCC Autochem Sp. z o. o. ina speisialtóir in iompar na gceimiceán leachtach de bhóthar agus san iompar idirmhódúil ina leith, agus leag sé amach na tairbhí a bhain dó as an gcomhoibriú le PCC, cuir i gcás feabhas atá curtha ar shábháilteacht na n-oibrithe (trí mhéadú a dhéanamh ar oiliúint na foirne mar ullmhúchán chun táirgí PCC a iompar, mar shampla), méadú ar iomaíochas (trí infheictheacht agus creidiúnacht níos airde ag branda PCC Autochem, mar shampla), cobhsaíocht a chumhachta sa mhargadh, agus forbairt a thaithí.

([79]) Sa Roinn 4.2 seo, déanann an Coimisiún achoimre ar na barúlacha a fuarthas ó thríú páirtithe tar éis an Chinnidh Tosaigh, gan beann ar cé acu a cháileofaí nó nach gcáileofaí na tríú páirtithe sin mar 'pháirtithe leasmhara' de réir bhrí Airteagal 1, pointe (h), de Rialachán 2015/1589.

(146) PCC Exol SA, táirgeoir gníomhaithe dromchlacha don tionscal, […]. Cuireann sé i dtábhacht ann gur comhpháirtí gnó iontaofa agus trédhearcach é PCC a sholáthraíonn MCAA den cháilíocht agus den íonacht is airde, rud lena mbaineann tábhacht ar leith do […], toisc gur comhpháirteanna cosmaidí agus táirgí cúraim phearsanta iad.

(147) Chuir 26 fhostaí de chuid PCC teistiméireachtaí isteach, agus tábhacht an Tionscadail don réigiún á gcur i bhfios go láidir acu. Chuir siad i dtábhacht go soláthraíonn PCC fostaíocht chobhsaí a chuireann lena saol i limistéar a bhí thíos le heaspa fostaíochta. Bíonn daoine óga ardoilte éagsúla ag gabháil don obair agus cuireann PCC ar a gcumas deiseanna oiliúna a thapú agus a ngairm a fhorbairt, agus seasmhacht á soláthar do theaghlaigh sa limistéar an tráth céanna. Tá an Tionscadal ina chuid dhílis de chreatlach eacnamaíoch agus shóisialta an réigiúin, agus, dá dtarraingeofaí siar na bearta cabhrach, d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith i ndán don limistéar.

(148) Thug Bord chraobh NSZZ de cheardchumann na Siléise Íochtaraí, 'Solidarność', dá aire gur chuir PCC an Tionscadal i gcrích de réir mar ba ghá, agus go raibh méid mór acmhainní airgeadais i gceist. Ní bheadh sé sin indéanta gan na bearta cabhrach. Tá PCC agus an Tionscadal tábhachtach don phobal áitiúil, tá tuilleadh fostaíochta dírí agus indírí ann dá bharr chomh maith le níos mó ioncam cánach áitiúil is féidir a úsáid chun an réigiún a fhorbairt. Dá gcaillfí an Státchabhair, bheadh iarmhairtí tubaisteacha ann do PCC, do ghrúpa PCC, agus d'fhostaithe PCC agus dá dteaghlaigh.

(149) Luaigh SEDA Group Sp. z o. o., cuideachta tógála de chuid na Polainne a d'oibrigh le PCC ar an Tionscadal, go bhfuil PCC ina chustaiméir nua dá chuid anois agus is tairbheach an comhar a bhíonn aige leis. Chuir a chuid oibre le PCC ar a chumas méadú a dhéanamh ar an bhfostaíocht, agus trealamh agus oiliúint foirne a sholáthar.

(150) ARAPneumatik L.T.M. D'áitigh ARAPneumatik L.T.M. Kościelniak Sp. j, soláthróir de chuid PCC, gur chuir an Tionscadal ar a chumas méadú a dhéanamh ar dhíolacháin agus ar fhostaíocht araon, agus go raibh tionchar ag an Tionchar ar a chomhpháirtithe áitiúla chomh maith. Ba rímhór an rud dó dá gcaillfeadh sé PCC mar chustaiméir cobhsaí.

(151) Sholáthair an Institiúid Lárnach Mianadóireachta (Główny Instytut Górnictwa) seirbhísí anailíseacha agus taighde do PCC, rud a d'éascaigh aistriú an eolais, agus bhí taithí ag an Institiúid agus ag a gléasra monatóireachta comhshaoil araon (Zakład Monitoringu Środowiska GIG) air. Leagann an Institiúid béim ar nuálaíocht an Tionscadail, agus gur rannchuidigh sé le torthaí suntasacha ó thaobh T&F de.

(152) Luann Proton SC, soláthróir de chuid PCC, go raibh sé in ann a chuid gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a láimhdeachas a mhéadú trína chuid oibre cobhsaí le PCC.

(153) Sheachaid ABB Sp. z o. o. trealamh rialaithe agus tomhais do PCC agus thug sé le fios go soláthraítear custaiméir cobhsaí dó mar gheall ar a chomhoibriú le PCC, agus gur chuir sé ar a chumas táirgeadh a shaintrealaimh a fhorbairt, láimhdeachas na ndíolachán dá chuid a mhéadú, agus feabhas a chur ar eolas teicniúil a fhoirne.

(154) Sonraíonn Rinnen Polska Sp. z o. o. Spedycja Międzynarodowa, cuideachta iompair, go mbíonn na hoibríochtaí barrfheabhsaithe de bharr na n-orduithe iompair a dhámhann PCC air, agus dá thoradh sin go díreach, go bhfuil a bhrabúsacht méadaithe, agus laghdú déanta ar an ídiú breosla agus ar astaíochtaí. De réir a mheastachán, deir sé go bhfuil méadú de 3.5 post nua tagtha ar a fhostaíocht de thoradh na hoibre aige le PCC, agus go soláthraítear tairbhí indíreacha do mhórán earnálacha den tionscal gluaisteán chomh maith, soláthróirí páirteanna oibriúcháin, mar shampla.

(155) Luaigh VTU Engineering GmbH, atá ina chuid de Ghrúpa VTU a dhearann gléasraí don tionscal próiseála, go bhfuil comhar fadtéarmach bunaithe aige le PCC ó bunaíodh é, rud a d'fhág go rabhthas in ann forbairt fhrithpháirteach a dhéanamh i réimse na heolaíochta agus an taighde. Is san Ostair agus san Iodáil den chuid is mó atá foireann VTU lonnaithe, arb iad a láimhseálann tionscadail PCC agus rud a fhágann go mbíonn tionchar dearfach ar na réimsí eile sin dá ghnó. Déantar méadú ar an nuálaíocht leis an Tionscadal, agus aistrítear eolas chuig Brzeg Dolny dá bharr.

(156) Leag Líonra Taighde 'Łukasiewicz' – Lárionad na Polainne um Fhorbairt Teicneolaíochta, 'PORT', béim ar thionchar dearfach an Tionscadail ar fhorbairt an réigiúin, cuir i gcás tríd an margadh saothair a leathnú, comhar le cuideachtaí a fhorbairt, agus fiontraíocht a spreagadh. Tá gá leis na bearta cabhrach chun forbairt PCC a chur chun cinn, agus chun a nuálaíocht a aistriú chuig an margadh.

(157) Luann Bulk Tainer Logistics Limited, oibreoir tanc-charranna, go bhfuil cobhsaíocht níos fearr bainte amach aige sa réigiún, ó thosaigh sé ag obair le PCC in 2016, toisc go n-iompraíonn sé MCAA chuig an bPolainn agus ón bPolainn go tráthrialta, rud a fhágann gur féidir méadú suntasach a dhéanamh ar iomaíochas na mbeart dá chuid agus méadú ar an líon fochonraitheoirí áitiúla chomh maith. Tá aitheantas agus creidiúnacht níos fearr ag a bhranda sa mhargadh áitiúil. Chuir an obair le PCC ar a chumas méadú a dhéanamh ar an líon post, feabhas a chur ar an taithí, agus a theicneolaíochtaí iompair a fhorbairt.

(158) Luaigh Riarachán Áitiúil Cheantar Wołowski gur tháinig infheistíochtaí luachmhara isteach le bunú Chrios Eacnamaíoch Speisialta Wałbrzych, agus go raibh tionchar mór acu ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta an cheantair. Tá sé sásta gur fíoraíodh na tairbhí uile lena raibh coinne ón Tionscadal, go háirithe laghdú ar an dífhostaíocht, toisc gur cruthaíodh 170 post, a bhfuil 120 díobh ag cónaitheoirí Wołowskie. Is spreagadh í an infheistíocht freisin chun borradh a chur faoin bhfiontraíocht sa réigiún, agus tá tionchar díreach aici ar fhorbairt na dteicneolaíochtaí nuálacha i réimse na hinnealtóireachta ceimicí.

(159) Luann Údarás Bardasach Wołów go bhfuil fo-rannóg de Chrios Eacnamaíoch Speisialta Wałbrzych ina bhardas, agus go bhfuil sé rannpháirteach go gníomhach ina fhorbairt, rud a raibh tionchar dearfach aige ar an mbardas, ar an bhfostaíocht agus ar an bhfiontraíocht.

(160) Cuireann Marscal Chúige na Siléise Íochtaraí i dtábhacht go bhfuil an Tionscadal lonnaithe i limistéar ina bhfuil bochtaineacht leanúnach, agus go rannchuidíonn aon infheistíocht sa réigiún go feiceálach le feabhas a chur ar a dhálaí. Sainaithníodh earnáil na gceimiceán sa réigiún mar phríomhthionscal, agus go bhféadfaí nuálaíocht agus cur chun feidhme suntasach a dhéanamh tríd, agus feabhas a chur ar na naisc idir an earnáil phríobháideach agus an pobal taighde. Tá an Tionscadal ag teacht leis an straitéis réigiúnach agus náisiúnta agus le beartais an Aontais, soláthraíonn sé fostaíocht tharraingteach, agus aistrítear eolas chun na Polainne dá bharr.

(161) Deimhníonn Údarás Bardasach Miękinia, bardas comharsanach shuíomh an Tionscadail, an tionchar dearfach a bhí aige ar fhorbairt shocheacnamaíoch an réigiúin, trí níos mó ná 150 post nua a chruthú, rud a d'fhág go bhfuil soláthar na n-oibrithe níos ilghnéithí agus saibhrithe, agus gur gineadh poist indíreacha bhreise. Fágann áit oibre ar mórscála i réimse a bhraitheann go mór ar an teicneolaíocht go gcuirtear deiseanna forbartha ollmhóra ar fáil don mhargadh saothair áitiúil, agus go spreagtar infheistíocht in Miękinia. Trí dhálaí oibre níos fearr, cuirtear feabhas ar an gcáilíocht saoil sa phobal, agus cuidíonn siad le braistint na féiniúlachta sóisialta a chothú.

(162) Chuir Údarás Bardasach Brzeg Dolny in iúl go raibh imní air go bhféadfadh sé go gcaillfí éifeachtaí dearfacha an Tionscadail ar fhostaíocht, ar nuálaíocht agus ar ioncaim cánach áitiúil, ar an ngeilleagar agus ar an bhfiontraíocht.

(163) Áitíonn Politechnika Wrocławska go bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis an Tionscadal don tSiléis Íochtarach, tríd an rannchuidiú uaidh le forbairt T&F agus oideachais, tríd an tSiléis Íochtarach a chur chun cinn mar tháirgeoir táirgí ar ardcháilíocht sa mhargadh idirnáisiúnta, tríd an dífhostaíocht a laghdú, agus trí fheabhas a chur ar chomhar réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

(164) Leag Chomhlachas Thionscal na gCeimiceán sa Pholainn béim ar a thábhachtaí atá an Tionscadal don Pholainn, don Eoraip agus do thionscal na gceimiceán, toisc go dtáirgeann sé táirgí ar cháilíocht den scoth i suiteáil nuálach, ar díol spéise iad d'fhaighteoirí MCAA ar fud an domhain. Tugann sé cuideachta nua chuig margadh MCAA, agus cruthaíonn sé poist nua inbhuanaithe sa réigiún (agus sa Ghearmáin). Trí infheistíocht a dhéanamh sa Pholainn, seachnaítear aistriú infheistíochta amach as an Eoraip, chuig an tSín nó chuig an India. Leis an Tionscadal, tá deireadh curtha le hiompar an chlóirín ([80]), rud a chuireann feabhas ar chosaint an chomhshaoil. Is léir do thionscal na gceimiceán, toisc go raibh riosca ag baint leis an Tionscadal, gur dheacair é a chur chun feidhme, agus go raibh sé an-nuálach, nach bhféadfaí é a chur chun feidhme go hiomlán gan chabhair phoiblí. Ó tháinig PCC isteach i margadh MCAA, tháinig feabhas suntasach ar an staid ina leith, ó thaobh infhaighteacht agus shlándáil an tsoláthair de, agus ó thaobh cháilíocht na seirbhíse de. Is bagairt thromchúiseach ar an Tionscadal agus ar PCC é an chabhair a tharraingt siar.

([80]) Toisc go bhfuil an Tionscadal lonnaithe le taobh sholáthróir clóirín PCC, PCC Rokita SA, cuideachta eile ar le PCC Group é.

(165) Luann PC Logistic Sp. z o. o. go raibh sé ina chuidiú dó oibriú mar iompróir le PCC chun feabhas a chur ar, *inter alia*, a chuid próiseas, oiliúna foirne, agus trealaimh. Dá thoradh sin, tá méadú tagtha ar aitheantas branda agus feabhas tagtha ar a shuíomh ar an margadh.

(166) Déanann saoránach, a mhaíonn gur saineolaí i dteicneolaíocht na dtáirgí cosanta plandaí é, nuálaíocht obair PCC a chur i dtábhacht, agus luann sé gur chuir an Tionscadal ar a chumas pacáiste táirgí ceimiceacha nua-aimseartha a leathnú a mbeidh tionchar suntasach aige ar iomaíochas gheilleagar na hEorpa. Luann sé, de dheasca 'rialachán REACH' ([81]), go bhfuil méadú tagtha ar chostais do chuideachtaí, rud a fhágann go mbíonn Státchabhair riachtanach do chuideachtaí ar nós PCC chun táirgí nua a fhorbairt. […]. Leis na […] atá ann cheana sa Pholainn, chuirfí iallach air é a iompar achair fhada, rud a fhágann go mbíonn costais níos airde agus níos mó rioscaí don chomhshaol agus tuilleadh astaíochtaí ann. D'fhéadfadh sé sin cur isteach go mór ar fhorbairt thionsclaíoch mhíchothrom an Aontais freisin.

(167) Tugann na tríú páirtithe le fios go mbeadh iarmhairtí diúltacha suntasacha ann don gheilleagar agus don daonra áitiúil dá dtarraingeofaí siar na bearta cabhrach.

(168) I dteannta na dtríú páirtithe a chuir barúlacha faoi bhráid an Choimisiúin, curtha i gceangal le freagairt PCC ar an gCinneadh Tosaigh, bhí ráitis ó GEA Process Engineering Sp. z o. o. agus ó Ollscoil Maria Curie-Skłodowska in Lublin, inar mhol siad a gcomhar le PCC.

5. BARÚLACHA ÓN bPOLAINN

(169) Tugtar tuairisc sa roinn seo ar bharúlacha na Polainne maidir leis an gCinneadh Tosaigh. San áireamh leis na barúlacha sin tá ráitis na Polainne maidir le barúlacha na dtríú páirtithe a cuireadh faoi bhráid na Polainne i bhformáid neamhrúnda. Tá tuilleadh eolais sa roinn seo freisin a chuir an Pholainn isteach mar fhreagairt ar cheisteanna sonracha ón gCoimisiún.

5.1. Na himpleachtaí a bhaineann le cómhaoiniú CFRE a dheimhniú le haghaidh mórthionscadail

(170) Sula dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sa Chinneadh Tosaigh, leag an Pholainn amach a seasamh gur cheart an chuid is mó d'ábhair imní an Choimisiúin i ndáil leis an Tionscadal a bheith maolaithe cheana féin leis an anailís a rinne an Coimisiún sular eisíodh an Cinneadh maidir le Mórthionscadal. Ní féidir leis an gCoimisiún, a deir an Pholainn, neamhaird a thabhairt ar a mheasúnú féin faoin gCinneadh maidir le Mórthionscadal. Mar chuid den mheasúnú sin, scrúdaigh an Coimisiún cineál agus struchtúr an mhargaidh lena mbaineann. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 41(1) de Rialachán 1083/2006, ceanglaíodh an measúnú sin chun a dheimhniú go raibh an Tionscadal comhsheasmhach le beartais chomhtháthaithe agus le beartais eile, an beartas iomaíochta san áireamh ([82]). Cé go n-admhaíonn an Pholainn nach ionann an nós imeachta faoi Rialachán 1083/2006 agus an nós imeachta faoi Airteagal 108(3) den Chonradh, tá sé réasúnta, dar léi, talamh slán a dhéanamh de gur cheart go mbeadh feidhm ag conclúidí an Choimisiúin ar thángthas orthu sa Chinneadh maidir le Mórthionscadal i dtaca le nósanna imeachta eile, seiceálacha comhlíontachta ar rialacha maidir le Státchabhair san áireamh.

(171) Tugann an Pholainn dá haire freisin go raibh an scéim deontais leasaithe faoi réir iniúchadh, rud a bhain le comhlíonadh an bheartais Státchabhrach ag an scéim. An 4 Aibreán 2017, chuir an Coimisiún ([83]) údaráis na Polainne ar an eolas faoi thorthaí an iniúchta, agus ní dhearna sé agóidí a bhain le rialtacht na cabhrach a deonaíodh faoin scéim sin ([84]).

([81]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

([82]) Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 41(1) de Rialachán 1083/2006: 'Tabharfaidh an Coimisiún breithmheas ar an mórthionscadal, trí dhul i gcomhairle le saineolaithe seachtracha, lena n-áirítear an BEI, más gá sin, agus déanfaidh sé sin i bhfianaise na bhfachtóirí dá dtagraítear in Airteagal 40, a mhéad atá sé ag teacht le tosaíochtaí an chláir oibríochta nó na gclár oibríochta lena mbaineann, a mhéad a chuireann sé le baint amach spriocanna na dtosaíochtaí sin agus a mhéad atá sé ag teacht le beartais eile de chuid an Aontais.'

([83]) Ranna Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh.

([84]) Litir ón gCoimisiún (AS REGIO) an 4 Aibreán 2014 – Clár: Clár Oibriúcháin 'Geilleagar Nuálach' CCI: 2007PL161PO001, Conclúidí críochnaitheacha maidir le misean uimh. 2013/PL/REGIO/C4/1502/1 (Tuarascáil Iniúchóireachta Deiridh i gceangal leis).

(172) Sna cúinsí sin, measann an Pholainn go mbeadh cinneadh diúltach maidir leis an deontas contrártha le prionsabal an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla, a mhéid a bhaineann leis an bPolainn agus le PCC araon. Maidir leis an measúnú de chuid an Choimisiúin ar an margadh ábhartha agus ar an staid iomaíoch, a d'fhormheas an Coimisiún faoin nós imeachta as ar tháinig an Cinneadh maidir le Mórthionscadal, ba cheart é a bheith ina cheangal ar an gCoimisiún agus measúnú á dhéanamh ar an díolúine ó cháin freisin.

5.2. **Comhlíonadh Rialachán 800/2008 ó thaobh na cabhrach de**

(173) Sholáthar údaráis na Polainne barúlacha maidir le comhlíonadh Rialachán 800/2008 ag na bearta cabhrach.

5.2.1. *An scéim deontais leasaithe*

(174) Easaontaíonn an Pholainn le réamhchonclúid an Choimisiúin gur cuireadh an scéim deontais leasaithe i bhfeidhm go neamhdhleathach ón 2 Márta 2010, nuair a achtaíodh an Rialachán Leasaitheach maidir le Clár Oibriúcháin 'Geilleagar Nuálach' (IEOP), toisc go ndíospóideann an Pholainn gur cheart bileog eolais achomair nuashonraithe a bheith soláthraithe aici i leith na scéime sin, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán 800/2008. Tugann an Pholainn le fios ann gurb é an t-aon athrú a tugadh isteach le Rialachán Leasaitheach IEOP a bhí ábhartha do Rialachán 800/2008, ba é sin an méadú ar uasteorainn na cabhrach incheadaithe ó 25 % go 30 %, agus nár sháraigh sé sin an t-uasmhéid a leagtar amach i Mapa de chabhair réigiúnach na Polainne 2007-2013.

(175) Tugann an Pholainn dá haire, sa Chinneadh Tosaigh, go molann an Coimisiún gur cheart breathnú ar an leasú ar an scéim deontais ar an gcaoi a bheadh comhchosúil le hathrú ar chabhair atá ann cheana de réir bhrí Rialachán 659/1999. Sonraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ([85]) gurb é atá in athrú ar chabhair atá ann cheana, athrú murab ionann agus modhnuithe de chineál foirmiúil nó riaracháin amháin nach féidir leo difear a dhéanamh don mheastóireacht ar chomhoiriúnacht an bhirt cabhrach.

(176) Mar sin féin, meabhraíonn an Pholainn nach 'cabhair atá ann cheana' iad scéimeanna cabhrach a chumhdaítear le blocdhíolúine de réir bhrí Rialachán 659/1999, agus nach ndéantar measúnú orthu ar bhonn *ex ante* maidir le comhoiriúnacht. Dá réir sin, maidir leis an ngá atá leis an mbileog eolais achomair a sholáthar, agus an gcuspóir a bhaineann lena soláthar, níor cheart é a mheas ach amháin i dtéarmaí Rialachán 800/2008 a chomhlíonadh. Ní hionann é sin agus athrú ar chabhair atá ann cheana, i gcás ina ndearnadh measúnú ar chomhoiriúnacht roimhe sin, rud a d'fhágfadh gur ghá aon leasú a dheimhniú mar leasú atá fós laistigh de na critéir maidir le comhoiriúnacht.

(177) De réir údaráis na Polainne, níl cinneadh déanta ag Cúirteanna an Aontais faoin gceist maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 9(1) de Rialachán 800/2008. Mar sin féin, thug Abhcóide Ginearálta Wahl le fios gurbh é an cuspóir a bhí leis go gcuirfí ar chumas an Choimisiúin monatóireacht éifeachtach a dhéanamh, ar ghearrfhógra, ar chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le díolúine ag an mBallstát lena mbaineann ([86]). Cuireann an Pholainn i bhfios go láidir gur chomhlíon an scéim deontais leasaithe na coinníollacha maidir le díolúine, toisc nár sháraigh an méadú ar an déine cabhrach an t-uasmhéid a cheadaítear. Ina theannta sin, bhí an t-eolas a foilsíodh roimhe faoin scéim deontais in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh fós bailí. In aon chás, tugann an Pholainn dá haire go ndearna an Coimisiún monatóireacht ar an scéim deontais leasaithe, agus nár tarraingíodh aon ábhar imní anuas maidir lena comhlíontacht le Rialachán 800/2008 (aithris (33)).

5.2.2. *An deontas*

(178) I bhfianaise a seasaimh a leagtar amach in aithrisí (174) go (177), ní mheasann an Pholainn go bhfuil an deontas neamhdhleathach de bhua gur deonaíodh é faoi scéim neamhdhleathach. Áitíonn an Pholainn freisin go raibh na tagairtí éigeantacha a cheanglaítear le hAirteagal 3(2) sa ghníomh deonúcháin cabhrach, toisc go ndéantar tagairt in aithris 7 de bhrollach an Chomhaontaithe Deontais do Rialachán 800/2008 agus dá thagairt foilseacháin. Déantar tagairt sa Chomhaontú Deontais do Rialachán IEOP freisin, ina bhfuil tagairt shainráite do Rialachán 800/2008, go háirithe, Caibidil I agus Airteagal 13 de. Thairis sin, deir an Pholainn go bhfuil cóip den iarratas ar an deontas sa Chomhaontú Deontais, ina bhfuil tagairt do Rialachán 800/2008 agus d'Airteagal 13 de freisin.

([85]) Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 CFAE a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2004/794/oj).

([86]) Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wahl an 17 Márta 2016, *Dilly's Wellnesshotel GmbH*, C-493/14, EU:C:2016:174, míreanna 64 – 66.

(179) Maidir le heolas achomair a chur isteach i dtaca le cabhair aonair le haghaidh mórthionscadal infheistíochta, rud a cheanglaítear le hAirteagal 9(4) de Rialachán 800/2008, luann an Pholainn gur seoladh chuig an gCoimisiún é an 21 Meitheamh 2012. Tugann an Pholainn le tuiscint gur cheart aon locht, a bhaineann lena cur isteach déanach an eolais, a cheartú ón dáta a fuair an Coimisiún an t-eolas. Níor cuireadh aon chabhair ar fáil do PCC sular cuireadh an t-eolas isteach, go háirithe toisc go raibh a cheart críochnaitheach chun an chabhair a fháil ag brath ar an gCoimisiún cómhaoiniú CFRE a fhormheas.

5.2.3. *An díolúine ó cháin*

5.2.3.1. Difríocht sna costais incháilithe

(180) Séanann an Pholainn, agus costais incháilithe dhifriúla á gcur isteach le haghaidh an Tionscadail i gcomhthéacs na n-iarratas ar an deontas agus ar an díolúine ó cháin, gur chuir PCC na húdaráis deonúcháin ar míthreoir.

(181) Ar an gcéad dul síos, tugann an Pholainn le fios ó thaobh na rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais de faoi chláir oibríochtúla, ar nós IEOP, go bhfuil siad níos déine ná na rialacha maidir leis an Státchabhair i dtaca le costas incháilithe (rialacha a raibh feidhm acu maidir leis an díolúine ó cháin). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí cuid de na costais atá incháilithe do thacaíocht Státchabhrach a aicmiú mar chostais incháilithe le haghaidh maoiniú ón Aontas.

(182) Ar an dara dul síos, d'athluaigh an Pholainn an aighneacht ó PCC (aithrisí (86) agus (87)) go ndearnadh an t-iarratas ar an deontas ar bhonn réamh-mheastacháin a bhí ar fáil an dáta sin. Rinneadh athbhreithniú ar an meastachán tosaigh de thart ar PLN 223 mhilliún (EUR 54 mhilliún) (luach lascainithe) sna blianta ina dhiaidh sin tar éis do Siemens Group gnéithe teicneolaíochta agus airgeadais an Tionscadail a fhíorú. De thoradh a n-anailíse ([87]), ar sholáthair an Pholainn cóip di, méadaíodh costais an Tionscadail go dtí thart ar PLN 300 milliún (EUR 72 mhilliún) (luach ainmniúil), rud a d'fhágfadh go mbeadh toradh níos ísle ar infheistíocht ná mar a bhí de dhíth. Ós rud é gur fhág próisis chun cistí IEOP a eisíoc go raibh sé dodhéanta méadú a dhéanamh ar mhéid an mhaoinithe deontais le haghaidh an Tionscadail ([88]), ní raibh aon ghá ann leis na costais incháilithe a luadh i gcomhthéacs an deontais a thabhairt cothrom le dáta. Ina ionad sin, dearbhaíodh méid nuashonraithe na gcostas incháilithe san iarratas ar dhíolúine ó cháin.

(183) Thairis sin, sonraíonn an Pholainn gur cleachtas gnó sa tionscal é go dtagann forbairt ar na meastacháin ar chostais infheistíochta le himeacht ama. De réir an mholta ([89]) ón Association for the Advancement of Cost Engineering ('AACE International'), sa phróiseas meastacháin ar chostais infheistíochta, déantar idirdhealú idir cúig leibhéal cruinnis ar a laghad ó thaobh na meastachán de, ón gcúigiú haicme (an leibhéal cruinnis is ísle, ag tús na pleanála infheistíochta), go dtí an chéad aicme (an leibhéal cruinnis is airde, ag deireadh na pleanála infheistíochta). Luann an Pholainn gur bhain fíorú teicneolaíoch agus airgeadais an Tionscadail a rinne Siemens leis an aistriú ón gceathrú haicme (staidéir nó staidéir indéantachta), go dtí an tríú haicme (buiséadú, údarú, nó rialú). Bhí an méadú idir an ceathrú agus an tríú haicme go hiomlán i gcomhréir le caighdeáin an mhargaidh.

([87]) Maidir le costais an tionscadail, tugadh le fios sa tuarascáil chríochnaitheach ó Siemens gur dócha (is é sin, go bhfuil dóchúlacht 80 % i gceist) go mbeadh costais an tionscadail thart ar EUR 70 340 000 (EUR 77 290 000, agus soláthar le haghaidh teagmhas san áireamh, 'bunaithe ar chuaintíl 80 % de dháileadh dóchúlachta na gcostas infheistíochta foriomlán'). Soláthraíodh an tuarascáil chríochnaitheach do PCC i mí na Bealtaine 2013, ach thug an Pholainn le fios go raibh a chuid torthaí á gcur in iúl ag Siemens do PCC in 2012, agus an tuarascáil á tarraingt suas.

([88]) Tugann an Pholainn dá haire, i gcomhréir le Roinn 4(3) den Chomhaontú Deontais, maidir le haon chaiteachas de bhreis ar mhéid iomlán na gcostas incháilithe (is é sin, os cionn PLN 223 mhilliún (EUR 54 mhilliún) (i luach lascainithe)), chomh maith leis na costais sin de thoradh chostais mhéadaithe an tionscadail tar éis an chomhaontaithe, gur caiteachas neamh-incháilithe atá ann, lena méadaítear an ranníocaíocht ón tairbhí féin. Dá bhrí sin, ceadaíodh méadú ar chostais chun an tionscadal a chur chun feidhme sa chomhaontú, ach níor ceadaíodh méadú ar mhéid na cabhrach. Is é méid an deontais a luaitear sa Chomhaontú Deontais an t-uasmhéid, mar is léir ó Roinn 5(1) de, ach, dá mbeadh costais incháilithe an Tionscadail níos ísle ná na toimhdí bunaidh, laghdófaí méid an deontais dá réir.

([89]) Féach Cleachtas Molta Idirnáisiúnta Uimh. 18R-97 ó AACE, 'Cost estimate classification system – as applied in engineering, procurement, and construction for the process industries', TCM Framework: [Córas aicmithe um meastachán costais – mar a chuirtear i bhfeidhm é san innealtóireacht, sa soláthar agus sa tógáil i gcás na dtionscal próiseála, Creat TCM]: 7.3 – Cost Estimating and Budgeting 2005 [Meastachán a Thabhairt ar Chostais agus Buiséadú 2005]; 18R-97: Cost Estimate Classification System - As Applied in Engineering, Procurement, and Construction for the Process Industries [Córas Aicmithe um Meastachán Costais – Mar a Chuirtear i bhFeidhm san Innealtóireacht, sa Soláthar agus sa Tógáil i gcás na dTionscal Próiseála] (costengineering.eu) (Arna rochtain ar deireadh an 29 Iúil 2024).

(184) Leagann an Pholainn béim air nach ionann an ceart chun an deontais a bheith faighte ag PCC agus oibleagáid chinnte a bheith glactha air féin an Tionscadal a chur chun feidhme, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé dochúlaithe; dá mba rud é gur dhiúltaigh sé dul ar aghaidh, is é an t-aon iarmhairt amháin a bheadh ann go ndiúltófaí an cúnamh dó. Dá bhrí sin, bhí sé i dteideal tuilleadh cabhrach a lorg, i bhfianaise na meastachán costais méadaithe. Is léir ó na doiciméid a chuir sé isteach in éineacht lena iarratas ar an díolúine ó cháin nár leor an deontas, ina aonar, chun go rachadh PCC ar aghaidh leis an Tionscadal.

5.2.3.2. Éifeacht dreasachta

(185) Tugann an Pholainn dá haire go bhfuil breithiúnas na Cúirte Riaracháin Uachtaraí (aithris (49)) críochnaitheach, agus go réitítear an díospóid i bhfabhar PCC. Dá bhrí sin, tá an cead CES bailí agus i bhfeidhm.

(186) Tugann an Pholainn dá haire freisin, agus iarratas á dhéanamh ar an gcead CES, gur cuireadh de cheangal ar PCC a léiriú gur chomhlíon an díolúine ó cháin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 8(3) de Rialachán 800/2008.

5.2.3.3. Uasmhéid cabhrach agus carnadh

(187) Séanann an Pholainn gur ionann a rá, toisc nach luaitear an t-uasmhéid cabhrach a dheonaítear sa chead CES agus nach ndéantar tagairt don deontas ann, go ndeonófaí cabhair de bhreis ar na teorainneacha incheadaithe.

(188) Míníonn an Pholainn nach gníomh neamhspleách é an cead CES, agus go leagtar amach raon feidhme na cabhrach agus na coinníollacha lena rialaítear a húsáid san Acht maidir le CES agus sa Rialachán CES. Leis an Rialachán maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta, bunaíodh uasteorainneacha cabhrach ([90]), an t-uasmhéid cabhrach is incheadaithe le haghaidh mórthionscadail infheistíochta ([91]), agus ceanglais nach sáróidh an díolúine ó cháin, mar aon le haon chabhair eile, na huasleibhéil tacaíochta a cheadaítear faoi chabhair réigiúnach ([92]). Rinneadh foráil ann freisin maidir le srianta ar charnadh cabhrach.

(189) Ina theannta sin, míníonn an Pholainn go bhfuil an Tuarascáil Caibidlíochta ina cuid dhílis den ghníomh deonúcháin cabhrach freisin. Sainaithnítear sa tuarascáil sin an chabhair uasta a cheadaítear don Tionscadal, trí uasmhéid na gcostas tionscadail a léiriú agus trí thagairt a dhéanamh don Rialachán maidir leis an Mapa den chabhair réigiúnach. Cinntear méid na cabhrach atá ar fáil trí uasleibhéal na déine cabhrach agus méid na gcostas incháilithe a iolrú, rud a chuirfear i gcomparáid leis an Státchabhair a fuarthas cheana féin (an deontas), agus figiúirí lascainithe á n-úsáid. Teorainn uachtarach shuim na dtairbhí uile a fhaightear i bhfoirm cabhrach réigiúnaí don Tionscadal, sin é an méid atá ar fáil; má fhaightear cineálacha eile cúnaimh le haghaidh infheistíocht a chuirtear chun feidhme sa chrios eacnamaíoch speisialta, ba cheart cloí leis na rialacha maidir le carnadh i dtaca le cabhair ó fhoinsí difriúla.

([90]) Is mar a leanas atá an fhoclaíocht i Roinn 4(1) den Rialachán CES:
'1. Is é (…) 40 % - in (...) Dolnośląskie (…) uasteorainn na cabhrach faoi choinne infheistíocht réigiúnach, arna ríomh mar chóimheas choibhéis an deontais chomhláin leis na costais incháilithe (…)'.

([91]) Is mar a leanas atá an fhoclaíocht i Ranna 4(3) agus (4) den Rialachán CES:
'3. I gcás cabhair réigiúnach a dheonaítear d'fhiontraí chun mórthionscadal infheistíochta a chur chun feidhme, cinntear uasmhéid na cabhrach de réir na foirmle:
I = R × (EUR 50 milliún + 0.5 × B + 0.34 × C),
ina gciallaíonn na siombailí aonair:
I - uasluach na cabhrach le haghaidh mórthionscadal infheistíochta,
R - déine cabhrach don limistéar ina bhfuil an infheistíocht le lonnú, rud a chinntear i gcomhréir le mír 1,
B - méid na gcostas atá incháilithe do chabhair os cionn choibhéis EUR 50 milliún, nach mó ná coibhéis EUR 100 milliún,
C - méid na gcostas atá incháilithe do chabhair, ar mó é ná coibhéis EUR 100 milliún.
4. Ba cheart mórthionscadal infheistíochta a thuiscint mar infheistíocht nua a dhéanann fiontraí amháin nó níos mó in imeacht tréimhse 3 bliana, i gcás ina bhfuil sócmhainní seasta nasctha le chéile ar bhealach doroinnte go heacnamaíoch agus inar mó na costais atá incháilithe do chabhair ná coibhéis EUR 50 milliún agus ina ríomhadh iad de réir an ráta malairte a d'fhógair Banc Náisiúnta na Polainne ar bhonn praghsanna agus rátaí malairte an dáta a dheonaítear an cead.'

([92]) Is mar a leanas atá an fhoclaíocht i Roinn 3(8) den Rialachán CES:
'Féadfar an [chabhair i bhfoirm díolúine ó cháin] dá dtagraítear i mír 1 a dheonú in éineacht le cabhair eile le haghaidh infheistíochtaí nua nó chun poist nua a chruthú, gan beann ar a foinse ná ar a foirm, ar choinníoll nach mó luach iomlán na cabhrach sin ná an méid cabhrach incheadaithe a shonraítear i Roinn 4.'

(190) Ina theannta sin, tugann an Pholainn dá haire, agus iarratas á dhéanamh ar an díolúine ó cháin, gur ghlac PCC le téarmaí na caibidlíochta agus le sonraíochtaí théarmaí fíor-riachtanacha na caibidlíochta. Luaitear sna sonraíochtaí sin na bunúis dlí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcaibidlíocht, cuir i gcás an tAcht CES, an tAcht um Státchabhair, an Rialachán CES, Treoirlínte 2007, agus Rialachán 800/2008. Luadh sa Chuireadh chun Tairisceana, a foilsíodh roimh an iarratas, go mbeadh aon chead a dheonófaí faoi réir an Achta CES agus an Rialacháin CES.

(191) Sa chead CES, luaitear íosmhéid agus uasmhéid na gcostas incháilithe, a shonraítear i luachanna ainmniúla, mar PLN 200 milliún (thart ar EUR 48 milliún) agus PLN 300 milliún (thart ar EUR 72 mhilliún), faoi seach. De réir an Achta CES ([93]), ní mór raon na speansas incháilithe a shainiú i gcead, agus cuirtear teorainn leis an gcabhair trí uasmhéid na gcostas incháilithe a shonrú (mar chosaint ar athraitheacht praghsanna, rátaí malairte, nó fachtóirí eile a d'fhéadfadh rannchuidiú le méadú nó laghdú a dhéanamh ar an méid iomlán). Ba é PLN 271 513 408 (EUR 65 143 935) uasmhéid na gcostas incháilithe, i luach lascainithe ([94]). Agus an méid sin á chur san áireamh, mar aon leis an deontas, d'fhéadfaí teorainn uachtarach na Státchabhrach a d'fhéadfaí a fháil faoin gcead CES a shuíomh. Ní théann an méid sin thar na leibhéil déine cabhrach incheadaithe riamh.

(192) Thairis sin, tugann an Pholainn dá haire, ar bhonn an ioncaim a fuair PCC idir 2018-2022, go bhfuair sé cabhair i bhfoirm díolúine ó cháin dar méid PLN 18 386 294 (EUR 4 411 405) ([95]), méid atá i bhfad faoi bhun an uasmhéid a bheadh incheadaithe.

(193) Dá bhrí sin, measann an Pholainn go gcomhlíonann an díolúine ó cháin coinníollacha Airteagal 6(2) agus Airteagal 7(1) de Rialachán 800/2008.

5.2.3.4. Eolas agus tagairt shainráite

(194) Cé go n-aithníonn an Pholainn gur chuir sí eolas achomair isteach maidir leis an díolúine ó cháin go han-déanach (16 Iúil 2015), measann sí gur aon neamhrialtacht ina ceart leis an aighneacht, a mhéid go gcomhlíonann an díolúine ó cháin Airteagal 9(4) de Rialachán 800/2008. Luann an Pholainn, mar ní breise le cur san áireamh, gur foilsíodh an cinneadh an díolúine ó cháin a dhámhachtain do PCC ar shuíomh gréasáin Bhainisteoir CES díreach tar éis don chead CES a bheith eisithe.

(195) Maidir leis an gceist an raibh na tagairtí sainráite a cheanglaítear le hAirteagal 3(2) de Rialachán 800/2008 sa chead CES, mheabhraigh an Pholainn nach gníomh neamhspleách é an cead CES. Thug an Pholainn le fios go raibh tagairtí sa Tuarascáil Caibidlíochta don Acht CES, don Rialachán CES, agus do Rialachán 800/2008, chomh maith le sonraí ábhartha an fhoilsithe agus tagairt d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

5.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach**

(196) Sholáthair údaráis na Polainne barúlacha maidir le comhoiriúnacht na cabhrach faoi Threoirlínte 2007.

5.3.1. *An scéim deontais leasaithe*

(197) Easaontaíonn an Pholainn leis an tuairim ón gCoimisiún, a luaitear in aithris (103) den Chinneadh Tosaigh, nach ndearnadh tagairt shainráite sa scéim deontais leasaithe don dara coinníoll a leagtar síos i mír 38 de Threoirlínte 2007.

(198) Tugann an Pholainn dá haire gur deonaíodh cabhair do thionscadail a fuair an scór is airde de réir critéir réamhshainithe, agus gur foilsíodh rialacha an chomórtais in éineacht leis na fógraí ar ghlaonna ar thograí. Seiceáladh iarratais i dtosach báire chun féachaint ar comhlíonadh critéir fhoirmiúla, agus ansin rinneadh measúnú substainteach orthu. Cuireadh na hiarratasóirí ar an eolas cé acu a chomhlíon a dtionscadail na critéir fhoirmiúla nó nár chomhlíon, agus rinneadh measúnú substainteach ar na tionscadail a chomhlíon na critéir. Na tionscadail a fuair toradh dearfach, agus scór sách ard, roghnaíodh iad lena maoiniú. Tugadh treoracha i scríbhinn d'iarratasóirí. Sholáthair an Pholainn cóip de rialacha an chomórtais, agus léirigh sí na codanna de na rialacha sin ina dtugtar

([93]) Airteagal 16.
([94]) Ráta malairte an Bhainc Ceannais Eorpaigh an 19 Feabhra 2013: PLN/EUR 4.1679 (IO C 49, 20.2.2013, lch. 8).
([95]) Arna lascainiú tráth an údaraithe agus trí úsáid a bhaint as ráta malairte an Bhainc Ceannais Eorpaigh ab infheidhme tráth a deonaíodh an díolúine ó cháin an 19 Feabhra 2013 (EUR/PLN 4.1679).

tuairisc ar an bpróiseas sin. Maíonn an Pholainn, murab ionann agus leaganacha teanga eile de Threoirlínte 2007 ([96]), nach gceanglaítear leis an leagan Polainnise go gcaithfear deimhniú i scríbhinn a sholáthar sula gcuirfear tús le hoibreacha go gcomhlíonann tionscadal na critéir incháilitheachta, i bprionsabal.

(199) Easaontaíonn an Pholainn leis an tuairim ón gCoimisiún freisin, a luaitear in aithris (104) den Chinneadh Tosaigh, nach gcomhlíonann an scéim deontais leasaithe na coinníollacha i dtaca le rialú maidir le carnadh, a leagtar amach i mír 74 de Threoirlínte 2007.

(200) Maíonn an Pholainn go nglactar cur chuige cothrománach faoi dhlí na Polainne, agus go rialaítear na scéimeanna cabhrach uile le sraith aonfhoirmeach rialacha, a leagtar amach san Acht um Státchabhair, agus ina rialacha cur chun feidhme. Leis an Acht um Státchabhair, cuirtear de cheangal ar iarratasóirí ar chabhair eolas a sholáthar, ina n-iarratais ar chabhair, maidir leis an Státchabhair atá faighte. Maíonn an Pholainn go léiríonn Roinn 6 den Acht um Státchabhair go ndéanann na húdaráis deonúcháin an t-eolas a chuireann iarratasóirí isteach a fhíorú ina dhiaidh in aghaidh sonraí sa Chóras um Sceidealú, Clárú agus Monatóireacht le haghaidh Cabhair Phoiblí. Sainítear go haonarach faoi gach scéim cabhrach a mhéid is féidir cabhair a charnadh. Tugann an Pholainn dá haire go ndéantar tagairt sa Chomhaontú Deontais do Rialachán IEOP, chomh maith le Roinn 12 de, maidir le cabhair ó fhoinsí difriúla a charnadh.

5.3.2. *Na bearta cabhrach*

(201) Sholáthair an Pholainn a seasamh maidir le comhoiriúnacht na mbeart cabhrach le Treoirlínte 2007.

5.3.2.1. Éifeacht dreasachta

(202) In aithris (112) den Chinneadh Tosaigh, cheistigh an Coimisiún cé acu a chomhlíon an deontas, ar breathnaíodh air mar chabhair ad hoc lasmuigh de scéim, an ceanglas maidir le héifeacht dreasachta a leagtar amach i mír 38 de Threoirlínte 2007, nó nár chomhlíon. I ndáil leis sin, luaigh an Pholainn gur sholáthair sí litir intinne do PCC an 2 Márta 2011 go ndámhfaí an deontas dó, agus sholáthair sí cóip de.

(203) Maidir leis an díolúine ó cháin, tar éis bhreithiúnas na Cúirte Riaracháin Uachtaraí, níor áitigh an Pholainn a thuilleadh nach ndearna PCC iarratas ar an díolúine ó cháin sular cuireadh tús leis an obair ar an Tionscadal. Eisíodh an cead CES an 19 Feabhra 2013. Maíonn PCC gur chuir sé tús leis an obair ar an Tionscadal an 5 Aibreán 2013.

5.3.2.2. Déine cabhrach

(204) Maidir le hamhras an Choimisiúin go raibh na bearta cabhrach comhcheangailte fós laistigh de theorainneacha na déine cabhrach incheadaithe, i gcomhréir le mír 67 de Threoirlínte 2007 (féach aithrisí (113) go (123) den Chinneadh Tosaigh), thagair an Pholainn dá hargóintí a luadh in aithrisí (180) go (184), agus (187) go (191).

(205) A mhéid a bhaineann leis an díolúine ó cháin, thug an Pholainn dá haire go bhforáiltear leis an Rialachán maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta go bhfuil cabhair teoranta don uasmhéid is incheadaithe faoin mapa den chabhair réigiúnach ([97]), nach mbeidh feidhm ag an teidlíocht sin ar chabhair ach amháin go dtí go mbainfear na huasmhéideanna amach ([98]), agus nach mór fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chabhair de bhreis ar an tairseach 75 % ([99]). Tá srianta comhchosúla ann san Acht um Cháin Chorparáide ([100]). Tugann an Pholainn dá haire freisin gur dhearbhaigh PCC go bhfuair sé an deontas nuair a rinne sé iarratas ar an díolúine ó cháin, rud a chiallaíonn go mbeadh sé sin curtha san áireamh agus an t-uasmhéid cabhrach incheadaithe á ríomh.

(206) Dá bhrí sin, measann an Pholainn gurbh é EUR 23 086 560 (PLN 95 797 682 ([101])) i luach lascainithe, an t-uasmhéid cabhrach a deonaíodh do PCC trí na bearta cabhrach, ar méid é atá laistigh de theorainneacha na déine cabhrach incheadaithe.

([96]) Mar shampla, Béarla, Fraincis agus Spáinnis.
([97]) Roinn 3(8).
([98]) Roinn 5(1).
([99]) Roinn 4(5).
([100]) Roinn 17(1)(34).
([101]) Tugann an Pholainn ráta malairte EUR/PLN 4.1495 le fios san eolas achomair a cuireadh isteach i leith na díolúine ó cháin. Mar a luaitear i bhfonóta 28, measann an Coimisiún go bhfuil sé níos iomchuí ráta malairte EUR/PLN 4.1679 a úsáid, arbh é an ráta é a d'fhoilsigh an Banc Ceannais Eorpach don 19 Feabhra 2013, an dáta a eisíodh an cead CES.

5.3.2.3. Rialú maidir le carnadh

(207) Mhínigh an Pholainn go ndéanann na húdaráis fhioscacha inniúla monatóireacht agus rialú ar charnadh na cabhrach i bhfoirm díolúine ó cháin, in éineacht le cineálacha eile cabhrach. Ó bhí 2015 ann, tá tuairisceáin cánach bhliantúla á gcur isteach i bhformáid leictreonach ([102]). Ní mór do thairbhithe díolúine ó cháin a eisítear le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéantar i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Iarscríbhinn CIT/8S a chur isteach in éineacht lena dtuairisceán cánach. San Iarscríbhinn CIT/8S sin, tá eolas sonrach a bhaineann leis an díolúine ó cháin le haghaidh Criosanna Eacnamaíocha Speisialta, cuir i gcás na costais incháilithe a tabhaíodh i leith na hinfheistíochta ábhartha, an méid cabhrach a úsáideadh cheana féin faoin díolúine ó cháin, agus méid aon chabhrach eile a fuarthas le haghaidh na hinfheistíochta. Agus rochtain ag na húdaráis fhioscacha ar an eolas sin i bhformáid leictreonach, is féidir leo méid na Státchabhrach a bhfuil cáiníocóir ina teideal a chinneadh go héasca, ag féachaint do na costais incháilithe a tabhaíodh i ndáiríre agus don mhéid cabhrach a fuarthas cheana féin. Tá sé de cheangal ar cháiníocóirí taifid a choimeád ar feadh na tréimhse teorann chun Státchabhair a aisghabháil. Fíoraíonn na húdaráis Riaracháin Náisiúnta Ioncaim go tréimhsiúil go bhfuil an t-eolas a chuirtear isteach i roinnt Iarscríbhinní CIT/8S roghnaithe ceart, chun a chinntiú go gcomhlíontar an tAcht um Cháin Chorparáide. Féadfaidh feidhm a bheith ag smachtbhannaí mura gcomhlíontar é. Dá bhrí sin, áitíonn an Pholainn, , go bhfuil na hacmhainní ag na húdaráis um rialú cánach agus fioscach a fhíorú go héifeachtach nach n-éilítear cabhair de bhreis ar theidlíocht, agus go ndéanann siad seiceálacha chuige sin go tréimhsiúil.

5.3.2.4. Measúnú cuimsitheach

(208) Maidir leis an bhféidearthacht mír 68 de Threoirlínte 2007 a chur i bhfeidhm, thug an Pholainn dá haire, ar an gcéad dul síos, nach bhféadfadh feidhm a bheith ag an mír sin toisc gur mheas sí nár sháraigh na bearta cabhrach an tairseach 75 % (aithrisí (204) go (206)).

(209) Ar an dara dul síos, in aon chás, agus é á mheas cé acu a bhí feidhm ag míreanna 68(a) nó (b) maidir leis na bearta cabhrach nó nach raibh, bhí an Pholainn ar aon tuairim le PCC ina leith (aithrisí (105) go (112)), agus ba é a conclúid gurb é an margadh foriomlán le haghaidh MCAA atá sa mhargadh táirgí, gan beann ar an ngrád íonachta, agus gurb é LEE, agus Meiriceá Thuaidh agus Theas ar a laghad, atá sa mhargadh geografach ([103]). Bhí an Pholainn ar aon tuairim maidir le conclúid PCC freisin (aithrisí (113) go (118)) nach infheidhme míreanna 68(a) agus 68(b) maidir leis na bearta cabhrach.

5.3.2.5. Tástáil chothromúcháin

(210) Áitíonn an Pholainn gur mó éifeachtaí dearfacha na mbeart cabhrach ná a n-éifeachtaí diúltacha. Cosúil le PCC (aithris (124)), cuireann an Pholainn i dtábhacht gur fhíoraigh agus gur dheimhnigh an Coimisiún éifeachtaí dearfacha na cabhrach tríd an ranníocaíocht airgeadais uaidh leis an Tionscadal ó CFRE a fhormheas.

(211) Leagann an Pholainn béim ar an 160 post atá ann de bharr an Tionscadail go díreach, poist do ghairmithe ardoilte san áireamh, chomh maith le poist go indíreach, a tugadh isteach chuig limistéar atá faoi mhíbhuntáiste mór. Ní hamháin go bhfuil an limistéar incháilithe do chabhair réigiúnach faoi Airteagal 107(3)(a) den Chonradh, ach tá Poviat (Dúiche) Wołowski, áit a bhfuil an Tionscadal bunaithe, faoi mhíbhuntáiste chuid mhaith níos mó ná mar atá an limistéar ina iomláine. Tá dálaí oibre ag PCC cuid mhaith níos fearr ná na dálaí oibre caighdeánacha sa réigiún.

(212) De thoradh na hinfheistíochta, cuireadh próisis nua agus réitigh eagraíochtúla nua chun feidhme, chomh maith le taighde breise ar theicneolaíochtaí MCAA agus ar fheidhmeanna a d'fhéadfaí a bhaint as táirgeacht MCAA. Maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí T&F de chuid PCC, a dhéanfaí gan an chabhair, tá siad curtha ar fáil mar chuid dá dhianchomhar le hinstitiúidí oideachais áitiúla, le céimithe agus le mic léinn freisin.

(213) Tugann an Pholainn dá haire freisin gur cruthaíodh sineirgí de bharr an Tionscadail le gléasraí eile de chuid PCC Rokita agus le gníomhaíochtaí réigiúnacha, agus, go háirithe, go bhfuil an t-iompar clóirín níos sábháilte agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol dá thoradh freisin ([104]), mar gheall ar a ghaire atá an gléasra soláthair. Cuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh tríd an bpróiseas nuálach a úsáideann PCC, agus ní fhéadfaí é sin a dhéanamh gan an chabhair.

([102]) Airteagal 27(1c) den Acht um Cháin Chorparáide.

([103]) Tugann an Pholainn dá haire go bhfuil sé ráite go seasta ag PCC gurb é sin an margadh táirgí ábhartha, agus tugann sí dá haire, mar shampla, go raibh an plean gnó, a chuir sé isteach mar chuid den iarratas ar dhíolúine ó cháin, ar bhonn an mhargaidh sin.

([104]) Tugann an Pholainn dá haire gur fhormheas an Coimisiún Státchabhair do Akzo Nobel roimhe, ag tabhairt dá haire go raibh sé ina choinníoll chun an chabhair a dheonú go gcuirfí teorainn leis an iompar clóirín (fonóta 70).

(214) Thug an Pholainn dá haire go raibh claonadh ag na haighneachtaí a rinne tríú páirtithe chuig an gCoimisiún (aithrisí (142) go (167)) le tuairimí údaráis na Polainne a dheimhniú maidir le héifeachtaí an Tionscadail.

(215) Thairis sin, tá an Pholainn ar aon tuairim le PCC (aithrisí (125) agus (126)) go bhfuil feabhas curtha ar an iomaíocht agus ar shlándáil an tsoláthair de thoradh an Tionscadal, mar gheall go bhfuil iomaitheoir nua tagtha isteach i margadh dé-oplachta.

(216) Tugann an Pholainn le fios go bhfuil margadh MCAA ag fás, agus go raibh sé i mbun fáis. Sa chinneadh maidir le Cairtéil, thug an Coimisiún dá aire go raibh fás ag tarlú ó thaobh méid agus luach araon de idir 1996-1998, rud a chuir sé i láthair mar fhás a bhí ag tarlú ar mheánráta seasta. Cosúil le PCC (aithris (129)), maíonn an Pholainn go bhfuil an treocht sheasta sin in airde le feiceáil i dtionscal na gceimiceán ina iomláine, cé is moite de mheathlú in 2009, go háirithe i bhfianaise go bhfuil margadh na Stát Aontaithe ag fás, áit a bhfuil an soláthar áitiúil teoranta. Athluann an Pholainn barúlacha PCC freisin (aithris (131)) agus í ag tabhairt dá haire gur cosúil nach léiríonn gníomhaíochtaí an Ghearánaigh a mhaímh go bhfuil le ró-acmhainn sa mhargadh.

(217) Sholáthair an Pholainn roinnt tuarascálacha a bhí ar fáil tráth a deonaíodh an chabhair, chun dálaí an mhargaidh an tráth sin a léiriú. Soláthraíodh meascán de shonraí agus réamh-mheastacháin bhunaithe sna tuarascálacha sin.

(218) Ar an gcéad dul síos, i dTuarascáil SRI 2011, a bhí ar fáil don Choimisiún tráth an Chinnidh Tosaigh, soláthraíodh figiúirí tomhaltais do 2007 agus 2010, chomh maith le réamh-mheastacháin do 2015.

Tábla 1

Tuarascáil SRI 2011, figiúirí maidir le tomhaltas MCAA in kt/bliain (2007 – 2015) ([105])

Réigiún	2007	2010	2015 (réamh-mheastacháin)	Dearbh-mhéadú 2010-2015
SAM	61,1	56,4	[61-73]	+[5,5-6,5]
Iarthar na hEorpa	159,6	148	[150-180]	+[11-13]
Lár agus Oirthear na hEorpa	19	21	[24-28]	+[3-3,5]
IOMLÁN na hEorpa	*178,6*	*169*	*[180-210]*	*+[14-16,5]*
Iomlán na hEorpa + SAM	*239,7*	*225,4*	*[240-280]*	*+[18-22]*
Meiriceá Thuaidh (SAM, Ceanada, Meicsiceo)		67,4	[70-82]	+[7-8,5]
Iomlán na hEorpa + Meiriceá Thuaidh		*236,4*	*[230-280]*	*+[20-24]*
Meiriceá Láir agus Theas		22,5	[25-30]	+[3-3,5]
Iomlán na hEorpa + Críocha Mheiriceá		*258,9*	*[280-330]*	*+[22-27]*
An Domhan (An Eoraip + Críocha Mheiriceá + an Meánoirthear + an tSeapáin + Tíortha Eile na hÁise+ An Aigéine)		*716,4*	*[870-1 010]*	*+[150-180]*

([105]) Tugann an Coimisiún dá aire gur taifeadadh figiúirí áirithe ón tábla sin go mícheart in aighneacht na Polainne, ach is iad na figiúirí a luaitear i dTábla 1 na figiúirí a thugtar le fios i dTuarascáil SRI 2011.

(219) Tar éis an Chinnidh Tosaigh, sholáthair an Pholainn Tuarascáil Tecnon Orbichem don Choimisiún, ina raibh sonraí do 2007, chomh maith le réamh-mheastacháin do 2010, 2014 agus 2015.

Tábla 2

Tuarascáil Tecnon Orbichem, figiúirí maidir le tomhaltas MCAA in kt/bliain (2007 – 2015)

Réigiún	2007	2010	2014	2015	Dearbh-mhéadú 2010-2014	Dearbh-mhéadú 2010-2015
Meiriceá Thuaidh (SAM, Meicsiceo, Ceanada)	76,8	82,9	[90-108]	[90-108]	+[8,2-9,5]	+[11-12]
Meiriceá Theas	17,7	20,7	[24-28,2]	[24-28,2]	+[3-3,6]	+[4,2-4,7]
an Eoraip	183,9	185,4	[190-228]	[190-228]	+[11,2-12,5]	+[14-15,2]
An Eoraip + Meiriceá Thuaidh	260,7	268,3	[280-315]	[280-315]	+[17-21]	+[22-26]
An Eoraip + Críocha Mheiriceá	278,4	289	[300-360]	[300-360]	+[23-25]	+[30-33]
An Domhan	609	672	[750-880]	[750-880]	+[90-105]	+[110-132]

(220) Sholáthair an Pholainn tuarascáil freisin ó mhí na Bealtaine 2011 a d'ullmhaigh Roland Berger Strategy Consultants le haghaidh PCC, inar tuaradh go bhféadfadh sé go mbeadh an ráta fáis don éileamh ar MCAA idir 2010-2015 san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh le chéile idir [1.9-2.3] agus [3-3.6] % ([106]). Ina theannta sin, sholáthair an Pholainn tuarascáil a d'ullmhaigh KlineGroup le haghaidh PCC i mí an Mheithimh 2010, inar tuaradh go dtiocfadh fás bliantúil láidir ar mhéid an tomhaltais, agus fás [1.9-2.3] % ar an meán ann agus suas le [3-3.6] %, san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, i gcás na bpríomhtháirgí dá n-úsáidtear MCAA.

(221) Tugann an Pholainn dá haire go léiríonn na sonraí a soláthraíodh go raibh margadh MCAA ag fás sa tréimhse ábhartha, agus gur mhó a fhás ná an meánráta fáis bliantúil in LEE. Ní raibh meath ag teacht ar mhargadh iomlán MCAA (is é sin, ní raibh ráta fáis diúltach ag baint leis), agus áitíonn an Pholainn nach raibh meath coibhneasta ag teacht air, toisc go raibh fás an mhargaidh cuid mhaith níos mó ná Olltáirgeacht Intíre LEE don tréimhse 2010-2015.

(222) Thairis sin, tugann an Pholainn le fios, ós rud é gurb é 2016 an chéad bhliain ina mbeadh an Tionscadal i mbun oibríochta, gurbh iomchuí 2010-2016 a ghlacadh mar bhonn chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht margaidh MCAA (nó tréimhse níos faide fós). Tugann an Pholainn le fios, má ghlactar leis go raibh ráta fáis bliantúil [2-2.4] % ann i gcás mhargadh na hEorpa agus Mheiriceá don tréimhse sin, go mbeadh an fás beagnach coibhéiseach leis an acmhainneacht a chuir an Tionscadal leis an margadh.

(223) Thairis sin, tugann an Pholainn dá haire go ndearna an Gearánach agus Akzo Nobel (Nouryon anois) cinntí infheistíocht a dhéanamh i margadh MCAA ([107]), rud a dheimhníonn na réamhaisnéisí a rinne PCC maidir leis an méadú ar thomhaltas MCAA tar éis 2016. Dá bhrí sin, níl sé ceart a rá gur atreoraíodh infheistíocht phríobháideach ón margadh de thoradh na cabhrach do PCC, nó gur bhrúigh an acmhainneacht a cruthaíodh leis an Tionscadal eintitis eile amach as an margadh.

([106]) Níor sonraíodh sa tuarascáil cé acu de réir méid nó luacha a bheadh an fás céanna.

([107]) Thug an Pholainn dá haire go ndearna an Gearánach, trí chomhfhiontair, infheistíocht in 22 kt san India (2008) agus infheistíocht in 25 kt sa tSín (2013). Rinne Akzo Nobel infheistíocht in 45 kt san Ísiltír (2006-2014) agus 75 kt sa tSín 2002-2012).

(224) Thairis sin, aontaíonn an Pholainn leis an maíomh ó PCC (aithris (130)) go bhfuil cur chuige an Ghearánaigh mícheart, is é sin, gan ach hacmhainneachtaí ainmniúla a shuimiú chun a mhaíomh go bhfuil rósholáthar i margadh MCAA, agus gurb amhlaidh atá gannchion soláthair i margadh na hEorpa agus na Stát Aontaithe, ar gannchion é lena mbaineann thart ar an méid acmhainneachta a chruthaítear leis an Tionscadal. Shoiléirigh an Pholainn, cé gurbh é 42 kt/bliain acmhainneacht ainmniúil an Tionscadail, go mbeadh a acmhainneacht iarbhír idir [34 – 40] kt/bliain ar a mhéad ([108]), agus den mhéid sin, bheadh thart ar […].

6. MEASÚNÚ AR NA BEARTA CABHRACH

6.1. Measúnú ar chabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh

(225) Ba é conclúid an Choimisiúin, in aithris (62) den Chinneadh Tosaigh, gur Státchabhair iad na bearta cabhrach de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh (aithris (53)). Níor chuir údaráis na Polainne ina aghaidh sin.

(226) Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún gur Státchabhair iad na bearta cabhrach de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh.

6.2. Comhoiriúnacht na cabhrach

(227) Measann an Coimisiún gurb iomchuí tús a chur lena mheasúnú críochnaitheach le scrúdú ar chomhoiriúnacht na mbeart cabhrach ar bhonn Threoirlínte 2007.

(228) Sa Chinneadh Tosaigh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhoiriúnacht na mbeart cabhrach, a bhí ina mbearta cabhrach ad hoc dar leis, le míreanna 38, 67, agus 71 de Threoirlínte 2007 (aithrisí (74) go (78)). Chuir an Coimisiún amhras in iúl freisin maidir le cé acu a bhí sé ina cheanglas nó nach raibh na tástálacha a leagtar amach i mír 68 de na Treoirlínte a chur i bhfeidhm maidir leis na bearta cabhrach, nó cé acu ba ghá measúnú cuimsitheach a dhéanamh de bharr thorthaí na dtástálacha sin nó nár ghá (aithris (79)). Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire, fiú murar ghá dó na tástálacha sin a dhéanamh, nó murar ghá measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar thoradh na dtástálacha sin, nach bhféadfadh sé a shuí gur léir go raibh formhór na n-éifeachtaí a bhain leis na bearta cabhrach dearfach (aithris (80)).

(229) Measann an Coimisiún gurb iomchuí tús a chur lena mheasúnú críochnaitheach trí scrúdú ar chomhoiriúnacht na mbeart cabhrach ar bhonn na míreanna sin.

6.2.1. *Comhoiriúnacht na mbeart cabhrach le mír 38 de Threoirlínte 2007*

(230) Foráiltear le mír 38 ([109]) de Threoirlínte 2007 nach mór don údarás inniúil, i gcás cabhair ad hoc, litir intinne a bheith eisithe aige, ar choinníoll go bhformheasfaidh an Coimisiún an beart, chun cabhair a dhámhachtain sula gcuirfear tús leis an obair ar an tionscadal. Má chuirtear tús le hobair sula gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa mhír sin, ní bheidh an tionscadal iomlán incháilithe le haghaidh cabhrach.

6.2.1.1. Tús na n-oibreacha

(231) Chun a chinneadh cé acu a chomhlíon na bearta cabhrach mír 38 de Threoirlínte 2007 nó nár chomhlíon, ní mór a chinneadh, ar an gcéad dul síos, cathain a chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal.

([108]) Roimh an infheistíocht, mheas PCC go sroichfeadh sé an leibhéal táirgeachta sin ó 2016 ar aghaidh.

([109]) Is mar a leanas atá an fhoclaíocht i mír 38 'Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh fíoréifeacht dreasachta ann de bharr cabhair réigiúnach chun tabhairt faoi infheistíochtaí, ar infheistíochtaí iad nach ndéanfaí murach na cabhrach sna limistéir fóirithinte. Dá bhrí sin, ní fhéadfar cabhair a dheonú faoi scéimeanna cabhrach ach amháin má tá iarratas ar chabhair curtha isteach ag an tairbhí agus más rud é go mbeidh deimhniú i scríbhinn déanta ag an údarás atá freagrach as an scéim a riar ina dhiaidh sin, go gcomhlíonann an tionscadal i bprionsabal, faoi réir fíorú mionsonraithe, na coinníollacha incháilitheachta a leagtar síos leis an scéim, roimh thús na hoibre ar an tionscadal. Ní mór tagairt shainráite don dá choinníoll a bheith sna scéimeanna cabhrach uile freisin. I gcás cabhair ad hoc, ní mór don údarás inniúil litir intinne a bheith eisithe aige, ar choinníoll go bhformheasfaidh an Coimisiún an beart, chun cabhair a dhámhachtain sula gcuirfear tús le hobair ar an tionscadal. Má chuirtear tús le hobair sula gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa mhír sin, ní bheidh an tionscadal iomlán incháilithe do chabhair' (fonótaí fágtha ar lár).

(232) Tugann an Coimisiún dá aire an díospóid idir PCC agus an Pholainn a mhéid a bhaineann le tús na n-oibreacha (aithrisí (46) go (48)). Tugann an Coimisiún dá aire, thairis sin, an seasamh a chuirtear in iúl sa bhreithiúnas ón gCúirt Riaracháin Uachtarach (aithris (49)), a glacadh tar éis na n-imeachtaí a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (46) go (48). Meabhraíonn an Coimisiún, sa chomhthéacs sin, go bhfuil inniúlacht eisiach aige measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na mbeart cabhrach leis an margadh inmheánach ([110]), agus nach mór dó a mheasúnú féin a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún aird a thabhairt ar an seasamh a glacadh sa bhreithiúnas ón gCúirt Riaracháin Uachtarach.

(233) Le haghaidh mhír 38 de Threoirlínte 2007, ciallaíonn 'tús na hoibre' tús na hoibre tógála nó an chéad ghealltanas daingean trealamh a ordú, cé is moite de réamhstaidéir indéantachta ([111]).

(234) Maíonn PCC, sula ndearna sé iarratas ar an díolúine ó cháin, nach ndearna sé ach réamhstaidéir indéantachta. Tugann an Coimisiún dá aire gur mhínigh PCC, mar gheall ar thréithe nuálacha agus casta an Tionscadail, gur chinn sé suiteáil phíolótach a bhunú chun indéantacht an Tionscadail a thástáil, sular gheall sé é a ghabháil air féin (aithris (90)). Bhí an tsuiteáil phíolótach sin lonnaithe ar limistéar beag, ní raibh sí daingnithe go buan, d'fhéadfaí í a dhíchóimeáil go héasca, níor ghá tabhairt faoi oibreacha tógála ina leith, agus, go deimhin, aistríodh chuig Siemens í láithreach tar éis do PCC í a fháil (aithris (91)). Ba é EUR 150 000 costas iomlán an treoirthionscadail, ar tabhaíodh EUR 5 814 (PLN 23 854,19) de i mí Dheireadh Fómhair 2012 (aithris (92)). Dá mbeadh torthaí an treoirthionscadail míshásúil, bheadh PCC in ann tarraingt siar as an Tionscadal agus a chostais a fhorchúiteamh (aithris (93)). Le linn a imscrúdaithe, ní bhfuair an Coimisiún aon eolas a chaithfeadh amhras ar fhírinneacht na n-aighneachtaí ó PCC.

(235) Sna cúinsí sin, measann an Coimisiún nár cheart a mheas gur tús oibreacha í an obair ar an tsuiteáil phíolótach. Go háirithe, tugann an Coimisiún dá aire, cé go raibh gá leis an tsuiteáil phíolótach chun indéantacht an Tionscadail a thástáil agus chun catalaíoch oiriúnach a shainaithint, nach raibh sí ina cuid dhílis den Tionscadal. Bhí an tsuiteáil phíolótach lonnaithe ar limistéar beag, ní raibh sí daingnithe go buan, agus aistríodh í chuig áitreabh Siemens sa Ghearmáin, nuair a fuarthas í. Tugann an Coimisiún dá aire go raibh plean ag PCC chun an mhaoin intleachtúil a bhain leis an tsuiteáil phíolótach a dhiúscairt, dá mba rud é gur chinn sé gan dul ar aghaidh leis an Tionscadal (aithris (93)). Thairis sin, ní raibh costas na suiteála píolóta ach imeallach i gcomparáid le costais an Tionscadail fhoriomláin. Ní mheasann an Coimisiún gurbh ionann tabhairt faoin tsuiteáil phíolótach agus gealltanas a bheith á thabhairt ag PCC go rachadh sé ar aghaidh leis an infheistíocht iomlán. Dá bhrí sin, ba cheart an tsuiteáil phíolótach a mheas mar réamhstaidéar féidearthachta don Tionscadal, nach rud é a spreagann 'tús na hoibre' le haghaidh mhír 38 de Threoirlínte 2007.

(236) Tugann an Coimisiún dá aire gur sholáthair PCC fianaise gur chuir sé tús le hobair thógála an 5 Aibreán 2013, agus gur thug sé a chéad ghealltanas daingean trealamh a bhain leis an Tionscadal a ordú an 16 Lúnasa 2013 (aithris (89)). Ní léiríonn aon chuid den eolas a bailíodh mar chuid de na grinn-imscrúduithe gur ghabh PCC, seachas an tsuiteáil phíolótach, aon ghealltanas eile air féin a bhain leis an Tionscadal sular cuireadh isteach an t-iarratas ar chabhair. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur tharla 'tús oibre' don Tionscadal an 5 Aibreán 2013.

6.2.1.2. Mír 38: an deontas

(237) In aithris (112) den Chinneadh Tosaigh, thug an Coimisiún dá aire nár chosúil gur chomhlíon an deontas, ar cabhair ad hoc a bhí ann dar leis, an coinníoll a leagtar síos i mír 38 de Threoirlínte 2007.

(238) Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir PCC a iarratas ar an deontas isteach an 15 Nollaig 2010. Mar a suíodh le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, an 2 Márta 2011, scríobh údaráis na Polainne chuig PCC, á chur in iúl dó go raibh sé beartaithe acu an deontas a dhámhachtain dó (aithris (202)). Sa litir sin, d'iarr údaráis na Polainne ar PCC doiciméid a sholáthar chun 'go ndeimhneodh an Coimisiún Eorpach an chabhair' (aithris (30)). An 12 Aibreán 2012, thug údaráis na Polainne an Comhaontú Deontais i gcrích le PCC, inar tugadh le fios, i gcás 'mórthionscadal', go mbeadh íocaíocht an deontais faoi réir formheasa ón gCoimisiún, nó é a bheith measta go bhformheasfadh an Coimisiún é, de bhun Rialachán 659/1999 (aithris (31)). Rinneadh tagairt sa Chomhaontú Deontais freisin, *inter alia*, don Rialachán Leasaitheach maidir le Clár Oibriúcháin 'Geilleagar Nuálach' (IEOP) (arna leasú) agus Rialachán 800/2008 (aithris (31)).

([110]) Féach, mar shampla, breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Deireadh Fómhair 2006, *Transalpine Ölleitung in Österreich*, C-368/04, EU:C:2006:644, mír 68.

([111]) Fonóta 40 de Threoirlínte 2007.

(239) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún ní hamháin gur eisigh údaráis na Polainne litir intinne chun an deontas a dhámhachtain do PCC, roimh thús na n-oibreacha ar an Tionscadal, ach gur eisíodh an gníomh deonúcháin féin.

(240) I litir an 2 Márta 2011, thug údaráis na Polainne le fios gur ghá don Choimisiún an chabhair a dheimhniú. Sa Chomhaontú Deontais, meabhraíodh Rialachán IEOP (arna leasú), inar tugadh le fios dá mba rud é go bhfaigheadh Tionscadal cabhair níos mó ná EUR 30 milliún, gur cheart fógra a thabhairt don Choimisiún fúithi (aithris (31)). Thug sé sin le tuiscint, dá mba rud é go bhfaigheadh an Tionscadal níos lú ná an méid cabhrach sin, nár ghá fógra a thabhairt fúithi. Comhfhreagraíonn sé sin do cheanglais Airteagal 6(2) de Rialachán 800/2008, dá ndearnadh tagairt sa Chomhaontú Deontais freisin (aithris (31)). Sna cúinsí sin, measann an Coimisiún gur thug údaráis na Polainne le fios do PCC gur dámhadh an deontas faoi réir formheasa ón gCoimisiún, a mhéid a ceanglaíodh é sin le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, chomhlíon údaráis na Polainne mír 38 de Threoirlínte 2007 i ndáil leis sin.

(241) In aon chás, tugann an Coimisiún dá aire, de réir chásdlí an Aontais, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá litir intinne ann nó nach bhfuil de réir bhrí mhír 38 de Threoirlínte 2007, gur faoin gCoimisiún atá sé measúnú a dhéanamh ar chúinsí gach cáis aonair chun a chinneadh an raibh an dóchúlacht go ndeonófaí an chabhair sách láidir chun an critéar a bhaineann leis an dreasacht a chomhlíonadh. Go háirithe, ní mór don Choimisiún foirm agus cineál beacht na ngníomhartha a tháinig ó na húdaráis náisiúnta inniúla agus cúinsí ábhartha eile a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá eilimint dreasachta ann nó nach bhfuil ([112]).

(242) Agus an réasúnaíocht sin á cur i bhfeidhm, measann an Coimisiún, maidir leis an bpríomh-shaincheist chun a chinneadh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar ceanglais mhír 38 de Threoirlínte 2007 sa chás seo, is é sin an féidir an tátal a bhaint as nár chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal go dtí gur chreid sé go raibh sé réasúnta dóchúil go bhfaigheadh sé an deontas. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal an 5 Aibreán 2013 (aithris (236)), beagnach bliain iomlán tar éis dó, ní hamháin litir intinne, ach an ionstraim deonúcháin cabhrach iarbhír, a fháil ó údaráis na Polainne (aithris (239)).

(243) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin, gur eisigh údaráis na Polainne litir intinne chun an deontas a dhámhachtain do PCC, mar a cheanglaítear le mír 38, roimh thús na n-oibreacha an 5 Aibreán 2013.

(244) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann an deontas coinníollacha mhír 38 de Threoirlínte 2007.

6.2.1.3. Mír 38: an díolúine ó cháin

(245) In aithrisí (109) go (111) den Chinneadh Tosaigh, thug an Coimisiún dá aire nár chosúil gur chomhlíon an díolúine ó cháin, ar cabhair ad hoc a bhí ann dar leis, an coinníoll a leagtar síos i mír 38 de Threoirlínte 2007.

(246) Meabhraíonn an Coimisiún gur mheas an Pholainn, tráth an Chinnidh Tosaigh, gur chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal roimh iarratas a dhéanamh ar an díolúine ó cháin (aithrisí (46) agus (47)), agus gur aontaigh an Coimisiún roimh ré leis an gconclúid sin (aithris (57)).

(247) Is é conclúid an Coimisiún, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an eolas a soláthraíodh, gur cuireadh tús leis na hoibreacha ar an Tionscadal an 5 Aibreán 2013 (aithris (236)).

(248) Rinne PCC iarratas ar chead chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh sa Chrios Eacnamaíoch Speisialta, chun an díolúine ó cháin a fháil, an 11 Feabhra 2013 (aithris (40)). An 12 Feabhra 2013, thoiligh an Bainisteoir CES leis an gcead CES a dheonú do PCC, mar a fheictear sa Tuarascáil Caibidlíochta (aithris (41)). An 19 Feabhra 2013, d'eisigh an Bainisteoir CES an cead CES, lenar deonaíodh an díolúine ó cháin do PCC (aithris (42)).

([112]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Meán Fómhair 2013, *Fri-El Acerra Srl* v *an Coimisiún*, EU:T:2013:430, míreanna 82 agus 83.

(249) Sna cúinsí sin, ní hamháin gur eisigh údaráis na Polainne litir intinne (agus gur dheimhnigh siad incháilitheacht PCC don chabhair) an díolúine ó cháin a dhámhachtain do PCC sular chuir sé tús leis an obair ar an Tionscadal, ach d'eisigh siad an gníomh deonúcháin féin.

(250) Tugann an Coimisiún dá aire nár tugadh le fios sa Tuarascáil Caibidlíochta ná sa Chead CES go raibh rún údaráis na Polainne an chabhair a dhámhachtain coinníollach ar fhormheas ón gCoimisiún don chabhair. Mar sin féin, tugann an Coimisiún seasamh údaráis na Polainne dá aire, is é sin nach gníomh neamhspleách é an cead CES, agus go bhfuil bunúis dlí éagsúla ionchorpraithe ann trí thagairt a dhéantar dóibh (aithrisí (188) go (190)).

(251) I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún gur tugadh le fios leis an gCuireadh chun Tairisceana ar ar fhreagair PCC, trí iarratas a dhéanamh ar an díolúine ó cháin, go n-eiseofaí an cead CES ar bhonn an Achta maidir le Criosanna Eacnamaíoch Speisialta agus an Rialacháin CES. Nuair a chuir sé a iarratas isteach, ghlac PCC le téarmaí na caibidlíochta agus leis na Sonraíochtaí Tairisceana, gan forchoimeádas (aithris (40)). Luadh sna Sonraíochtaí Tairisceana go seolfaí an chaibidlíocht ar bhonn, *inter alia*, an Achta CES agus an Rialacháin CES. Thairis sin, deimhnítear sa Tuarascáil Caibidlíochta gur cuireadh PCC ar an eolas go n-eiseofaí an cead CES faoi réir, *inter alia*, an Rialacháin CES agus Rialachán 800/2008 (aithris (41)).

(252) Dá bhrí sin, aontaíonn an Coimisiún nach gníomh neamhspleách a bhí sa chead CES, agus gur ionchorpraíodh ann na hachtanna dlí a luadh – go háirithe, an tAcht CES agus an Rialachán CES, trí thagairt a dhéantar dóibh. Dá bhrí sin, bhí feidhm ag forálacha na n-achtanna sin maidir leis an díolúine ó cháin a deonaíodh do PCC.

(253) I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire go sonraítear i Roinn 4(5) den Rialachán CES, i gcás inar mó cabhair do mhórthionscadal infheistíochta ná 75 % den uasmhéid cabhrach is féidir a dheonú le haghaidh infheistíochtaí lena ngabhann costais incháilithe atá coibhéiseach le EUR 100 milliún, agus na huasteorainneacha caighdeánacha cabhrach is infheidhme maidir le fiontair mhóra sa mhapa formheasta den chabhair réigiúnach á gcur i bhfeidhm, an dáta a dheonaítear an chabhair, nach mór fógra a thabhairt don Choimisiún fúithi. Thug sé sin le tuiscint, dá mba rud é go bhfaigheadh an Tionscadal níos lú ná an méid cabhrach sin, nár ghá fógra a thabhairt fúithi. Comhfhreagraíonn sé sin don cheanglas maidir le fógra a thabhairt faoi chabhair do mhórthionscadail infheistíochta a leagtar amach in Airteagal 6(2) de Rialachán 800/2008. Sna cúinsí sin, measann an Coimisiún gur eisíodh an cead CES faoi réir formheasa ón gCoimisiún, a mhéid a ceanglaíodh formheas den sórt sin le dlí an Aontais.

(254) Meabhraíonn an Coimisiún, thairis sin, maidir leis an bpríomh-shaincheist lena gcinntear cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar ceanglais mhír 38 de Threoirlínte 2007, is é sin an féidir an tátal a bhaint as nár chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal go dtí gur chreid sé go raibh sé réasúnta dóchúil go bhfaigheadh sé an díolúine ó cháin (aithris (242)). I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire, nuair a chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal an 5 Aibreán 2013 (aithris (236)), ní hamháin go raibh litir intinne faighte aige chun an chabhair a dheonú, ach an ionstraim deonúcháin cabhrach iarbhír faighte aige, ó údaráis na Polainne (aithris (249)).

(255) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin gur eisigh údaráis na Polainne litir intinne chun an díolúine ó cháin a dhámhachtain do PCC, mar a cheanglaítear le mír 38, roimh thús na n-oibreacha an 5 Aibreán 2013.

(256) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann an díolúine ó cháin na coinníollacha a cheanglaítear faoi mhír 38 de Threoirlínte 2007.

6.2.1.4. Mír 38: na bearta cabhrach

(257) Mar fhocal scoir, measann an Coimisiún go gcomhlíonann na bearta cabhrach (idir an deontas agus an díolúine ó cháin) a dámhadh do PCC na coinníollacha a cheanglaítear faoi mhír 38 de Threoirlínte 2007 (aithrisí (244) agus (256)).

6.2.2. *Comhoiriúnacht na mbeart cabhrach le mír 67 de Threoirlínte 2007*

(258) Déantar foráil le mír 67 ([113]) de Threoirlínte 2007 maidir le huasteorainn choigeartaithe cabhrach réigiúnaí do mhórthionscadail infheistíochta. Chun a chinneadh an gcomhlíonann na bearta cabhrach an uasteorainn sin, is gá, ar an gcéad dul síos, méid na gcostas incháilithe a shuí ba cheart a chur san áireamh chun an déine cabhrach a ríomh, ansin, ar an dara dul síos, a fhíorú cé acu a chloíonn na bearta cabhrach leis an uasteorainn sin nó nach gcloíonn.

6.2.2.1. Costais incháilithe

(259) Sa Chinneadh Tosaigh, luaigh an Coimisiún nár léir cén fáth ar sholáthair PCC costais incháilithe dhifriúla don Tionscadal san iarratas ar dheontas agus san iarratas ar dhíolúine ó cháin, agus mheas sé go raibh an méid a tugadh le fios san iarratas ar dheontas iomchuí (aithris (76)).

(260) Tugann an Coimisiún dá aire na mínithe a sholáthair an Pholainn (aithrisí (180) go (184)) agus PCC (aithrisí (85) go (88)) maidir leis an bhfáth nárbh ionann na costais incháilithe, ar ar a mbonn sin a rinne PCC iarratas ar an deontas, agus na costais a luadh san iarratas ar an díolúine ó cháin. Go bunúsach, áitíonn an Pholainn agus PCC, idir iarratas a dhéanamh ar an deontas agus iarratas a dhéanamh ar an díolúine ó cháin, go bhfuair PCC comhairle ó thríú páirtí a d'fhág go ndearna sé méadú ar a chostais mheasta. Ós rud é nach mbeadh an Tionscadal sách brabúsach go dtabharfaí faoi i bhfianaise an mhéadaithe sin, d'iarr PCC tuilleadh cabhrach, i bhfoirm na díolúine ó cháin.

(261) Meabhraíonn an Coimisiún gur chuir PCC tús le hoibreacha ar an Tionscadal an 5 Aibreán 2013 (aithris (236)), agus go ndearna sé iarratas ar an díolúine ó cháin an 11 Feabhra 2013 (aithris (40)). Ós rud é nach raibh tús curtha ag PCC le hoibreacha nuair a rinne sé iarratas ar an díolúine ó cháin, bhí deis ar fáil dó tuilleadh cabhrach a iarraidh don Tionscadal.

(262) Aithníonn an Coimisiún, nuair a rinne PCC iarratas ar an deontas, gur shonraigh sé go mbeadh an deontas leormhaith chun an Tionscadal a dhéanamh sa Pholainn (aithris (30)). Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire, nuair a shínigh sé an Comhaontú Deontais an 4 Aibreán 2012, gur ghlac PCC leis go mbeadh aon mhéadú ar chostas an Tionscadail neamh-incháilithe le haghaidh tacaíochta agus gur PCC a sheasfadh na costais bhreise sin (aithris (31)).

(263) I ndáil leis sin, aontaíonn an Coimisiún leis an bPolainn (aithris (184)), nár cuireadh PCC faoi oibleagáid an Tionscadal a dhéanamh agus an ceart chun an deontais faighte aige. Thairis sin, ní mheasann an Coimisiún gur chuir an Comhaontú Deontais cosc ar PCC aon Státchabhair eile a lorg ar chor ar bith i gcás ina mbeadh na costais méadaithe, ach, ina ionad sin, gur tugadh le fios ann, faoi théarmaí an Chomhaontaithe Deontais, nach mbeadh aon chabhair bhreise le teacht ó Chlár Oibriúcháin 'Geilleagar Nuálach' (IEOP), i gcás den sórt sin.

(264) Chuir an Pholainn cóip isteach den tuarascáil a sholáthair Siemens do PCC (aithris (182)), inar tugadh le fios gur cheart méadú a dhéanamh ar costas an Tionscadail go [EUR 66 340 000-80 340 000] ([EUR 72 290 000-87 500 000], dá gcuirfí soláthar le haghaidh teagmhas san áireamh) ([114]). Tugann an Coimisiún

([113]) Is mar a leanas atá an fhoclaíocht i mír 67: 'Tá cabhair faoi choinne infheistíocht réigiúnach do mhórthionscadail infheistíochta faoi réir uasteorainn choigeartaithe cabhrach réigiúnaí (61), ar bhonn an scála seo a leanas:

Caiteachas incháilithe	Uasteorainn choigeartaithe na cabhrach
Suas le EUR 50 milliún	100 % den uasteorainn réigiúnach
Don chuid idir EUR 50 milliún agus EUR 100 milliún	50 % den uasteorainn réigiúnach
Don chuid is mó ná EUR 100 milliún	34 % den uasteorainn réigiúnach

Dá bhrí sin, ríomhfar an méid cabhrach incheadaithe le haghaidh mórthionscadal infheistíochta de réir na foirmle seo a leanas: uasmhéid cabhrach = R × (50 + 0.50 × B + 0.34 × C), i gcás inarb é R uasteorainn na cabhrach réigiúnaí gan choigeartú, inarb é B an caiteachas incháilithe idir EUR 50 milliún agus EUR 100 milliún, agus inarb é C an caiteachas incháilithe os cionn EUR 100 milliún. Ríomhtar é sin ar bhonn na rátaí malairte oifigiúla atá i réim dáta deonaithe na cabhrach, nó i gcás cabhair atá faoi réir fógra aonair, dáta an fhógra.'

Fonóta (61): 'Is í uasteorainn na cabhrach a cheadaítear i gcás fiontar mór i gcomhréir le roinn 4.1.2 thuas an túsphointe i gcónaí chun uasteorainn choigeartaithe na cabhrach a ríomh. Ní fhéadfar aon bhónas FBM a dheonú do mhórthionscadail infheistíochta.'

([114]) Soláthraítear an figiúr in EUR i dtuarascáil Siemens, leathanach 15.

dá aire, i ndáil leis sin, gur mhínigh an Pholainn gur cleachtas an tionscail é athbhreithniú a dhéanamh, le himeacht ama, ar mheastacháin na gcostas i gcás tionscadal den sórt sin (aithris (183)). Tugann an Coimisiún faoi deara, san anailís airgeadais a chuir PCC isteach in éineacht leis an iarratas ar an díolúine ó cháin, gur tugadh le fios go mbeadh PLN 301 478 910 i gceist leis na costais infheistíochta (aithris (40)). San iarratas sin, agus sa phlean gnó tacaíochta a ghabh leis, tugadh le fios go mbeadh PLN 300 000 000 ar a mhéad i gceist leis na costais incháilithe (aithris (40)). Cé nach ionann na méideanna sin go baileach, tá an t-ord méadaíochta céanna i gceist leo (má thugtar neamhaird ar an soláthar le haghaidh teagmhas i dtuarascáil Siemens ([115])); tugann an Coimisiún dá aire freisin gur sloinneadh iad in airgeadraí difriúla, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le neamhréitigh, ag brath ar na rátaí malairte a úsáidtear. Dá bhrí sin, an t-uasmhéid a ndearnadh iarratas air agus a dámhadh sa chead CES ([116]), tá sé réasúnaithe le tuarascáil Siemens agus leis an anailís airgeadais a cuireadh isteach leis an iarratas ar an díolúine ó cháin.

(265) Measann an Coimisiún, dá réir sin, gurb é an méid a thugtar le fios sa chead CES ba cheart a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon uasmhéid comhcheangailte na cabhrach a dámhadh do PCC an uasteorainn is infheidhme.

6.2.2.2. Uasmhéid cabhrach

(266) Tar éis na costais incháilithe a shuíomh, ní mór an t-uasmhéid cabhrach atá ar fáil don Tionscadal a chinneadh, agus úsáid á baint as an bhfoirmle a leagtar síos i mír 67 de Threoirlínte 2007: uasmhéid cabhrach = R × (50 + 0.50 × B + 0.34 × C), i gcás inarb é R uasteorainn na cabhrach réigiúnaí gan choigeartú, inarb é B an caiteachas incháilithe idir EUR 50 milliún agus EUR 100 milliún, agus inarb é C an caiteachas incháilithe os cionn EUR 100 milliún.

(267) Agus uasmhéid na gcostas incháilithe PLN 271 513 408 (EUR 65 143 935) (agus é lascainithe) á chur san áireamh, ní mór an fhoirmle a chur i bhfeidhm mar a leanas: 40 % x (50 milliún + 0.5 x 15 143 935 + 0.34 x 0) .Is é an toradh atá air sin uasmhéid cabhrach dar méid EUR 23 028 787 (PLN 95 981 681) ([117]). Arna sloinneadh mar dhéine cabhrach, is é sin 35 % de na costais incháilithe.

(268) Ní mór don Choimisiún a shuí cé acu a chloígh na bearta cabhrach leis an uasteorainn sin nó nár chloígh. A mhéid a bhaineann leis an deontas, is léir go bhfuil sé fós faoi bhun na huasteorann sin. Leis an gcead CES, ann féin, ní luaitear an beart cabhrach roimhe, agus níl aon fhoráil ann lena gcuirfí cosc ar mhéid iomlán na cabhrach faoi choinne infheistíocht réigiúnach le haghaidh an Tionscadail (i bhfoirm na díolúine ó cháin agus an deontais) an uasteorainn atá i gceist a shárú.

(269) Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire, gur dhearbhaigh PCC go bhfuair sé an deontas nuair a rinne sé iarratas ar an díolúine ó cháin (aithris (40)). Dá thoradh sin, bhí údaráis na Polainne ar an eolas gur thairbhigh PCC den deontas cheana féin nuair a chinn siad an díolúine ó cháin a dhámhachtain dó.

(270) Thairis sin, ní gníomh neamhspleách é an cead CES, agus tá forálacha dlíthiúla éagsúla eile ionchorpraithe ann trí thagairt a dhéantar dóibh, go háirithe, an Rialachán maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta (aithris (252)). I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur bunaíodh leis an Rialachán CES uasteorainneacha cabhrach, an t-uasmhéid cabhrach incheadaithe le haghaidh mórthionscadail infheistíochta, agus ceanglais nach rachaidh an díolúine ó cháin, mar aon le haon chabhair eile, thar na huasleibhéil tacaíochta faoi chabhair réigiúnach (aithris (188)). Tá na teorainneacha ar chabhair sna forálacha sin den Rialachán CES ag teacht leis na teorainneacha ar chabhair a leagtar amach i dTreoirlínte 2007. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart go n-oibreodh na forálacha sin, atá ionchorpraithe sa chead CES, chun a chinntiú nach sáraíonn an t-uasmhéid cabhrach a dheonaítear faoin gcead CES an t-uasmhéid a cheadaítear le Treoirlínte 2007.

([115]) Mar a luaitear i bhfonóta 87, mheas Siemens go raibh […] [EUR 66 340 000-80 340 000] – méid teagmhasach […] – ag baint le costais an Tionscadail, i bhfianaise na lamhála earráide a d'fhéadfadh a bheith ann.

([116]) Is é sin, PLN 300 000 000 (EUR 71 978 694) (i luach ainmniúil) nó PLN 271 513 408 (EUR 65 143 935) (i luach lascainithe) (aithris (42)).

([117]) Arna ríomh trí ráta malairte EUR/PLN 4.1679 de chuid an Bhainc Ceannais Eorpaigh, arbh infheidhme an 19 Feabhra 2013, a chur i bhfeidhm (IO C 49, 20.2.2013, lch. 8).

(271) Sna cúinsí sin, is é cinneadh an Choimisiúin gur cheart an méid cabhrach a fhéadfaidh PCC a fháil i bhfoirm na díolúine ó cháin a thuiscint mar an t-uasmhéid cabhrach atá ar fáil don Tionscadal ar bhonn na gcostas incháilithe a leagtar amach sa chead CES (aithris (267)), lúide an méid a fuarthas i bhfoirm an deontais (aithris (31)).

(272) I bhfianaise an toraidh sin, a gcomhthacaíonn údaráis na Polainne leis, i gcás mhéid iomlán na cabhrach faoi choinne infheistíocht réigiúnach a dheonaítear le haghaidh an Tionscadail trí bhíthin an deontais agus na díolúine ó cháin, ní sháraítear an t-uasmhéid cabhrach incheadaithe faoi Threoirlínte 2007.

6.2.2.3. Conclúid: Mír 67

(273) I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (259) go (272), is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann an beart cabhrach coinníollacha mhír 67 de Threoirlínte 2007.

6.2.3. *Comhoiriúnacht na mbeart cabhrach le mír 71 de Threoirlínte 2007*

(274) Sonraítear i mír 71 ([118]) de Threoirlínte 2007, i gcás ina ndeonaítear cabhair i gcomhthráth faoi roinnt scéimeanna réigiúnacha nó in éineacht le cabhair *ad hoc*, go bhfuil feidhm ag uasteorainneacha na déine cabhrach maidir leis an gcabhair iomlán.

(275) I bhfianaise na dtorthaí in aithrisí (271) agus (272), tugann an Coimisiún dá aire nár dámhadh an deontas agus an díolúine ó cháin, in éineacht le chéile, do PCC ach amháin a mhéid nár sháraigh siad uasteorainneacha na cabhrach incheadaithe faoi Threoirlínte 2007. Déanann na húdaráis fhioscacha inniúla monatóireacht agus rialú ar charnadh na cabhrach i bhfoirm díolúine ó cháin, in éineacht le cineálacha eile cabhrach, agus tá sé d'acmhainn acu a fhíorú go héifeachtach nach n-éilítear cabhair iomarcach agus smachtbhannaí a fhorchur i gcás neamhchomhlíonadh (aithris (207)). Mar ráiteas tánaisteach, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuair PCC, go dtí seo, i bhfad níos lú ná an t-uasmhéid cabhrach a d'fhéadfaí a fháil i bhfoirm díolúine ó cháin (aithris (192)), rud a thugann le fios nach bhfuil aon ábhar imní ar leith ann a mhéid a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar charnadh na cabhrach do PCC.

(276) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin, go gcomhlíonann na bearta cabhrach coinníollacha mhír 71 de Threoirlínte 2007.

6.2.4. *Comhoiriúnacht le Treoirlínte 2007*

(277) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin, go gcomhlíonann na bearta cabhrach coinníollacha mhíreanna 38, 67 agus 71 de Threoirlínte 2007 (aithrisí (257), (273), agus (276)). Meabhraíonn an Coimisiún, sa Chinneadh Tosaigh, gur chuir sé amhras in iúl maidir le cé acu a chomhlíon na bearta cabhrach na míreanna sin, agus iad sin amháin, nó nár chomhlíon (aithris (228)). Ós rud é nár chuir sé amhras in iúl maidir le comhlíontacht na mbeart cabhrach le forálacha eile na dtreoirlínte sin, bhí sé intuigthe gur admhaigh sé nach raibh aon amhras air i ndáil leis sin ([119]). Mar sin féin, chun amhras a sheachaint, tugann an Coimisiún dá aire go measann sé go gcomhlíonann na bearta cabhrach ceanglais eile Threoirlínte 2007, mar a leanas:

(a) i gcomhréir le mír 9, ní dheonaítear na bearta cabhrach do ghnóthas atá i gcruachás (aithrisí (30) agus (40));

(b) i gcomhréir le mír 10, rannchuidigh na bearta cabhrach le straitéis réigiúnach chomhleanúnach. Go háirithe, dámhadh an deontas de bhun IEOP (aithris (31)), agus dámhadh an díolúine ó cháin de bhun an bheartais maidir leis an gCrios Eacnamaíoch Speisialta a úsáid chun dlús a chur le forbairt (aithris (36)). Thairis sin, ní bheadh saobhadh iomaíochta do-ghlactha ann de dheasca na mbeart cabhrach (aithris (311));

([118]) Is mar a leanas atá an fhoclaíocht i mír 71: 'Tá feidhm ag uasteorainneacha na déine cabhrach a leagtar síos i ranna 4.1 agus 4.3 thuas maidir leis an gcabhair iomlán:
— i gcás ina ndeonaítear cúnamh i gcomhthráth faoi roinnt scéimeanna réigiúnacha nó in éineacht le cabhair ad hoc;
— cibé acu a thagann an chabhair ó fhoinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó ó fhoinsí de chuid an Chomhphobail.'

([119]) Ina theannta sin, ní bhfuarthas aon bharúil ó thríú páirtithe le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil a thug le fios gur cheart amhras a bheith ar an gCoimisiún maidir le forálacha eile de Threoirlínte 2007 a bheith á gcomhlíonadh ag na bearta cabhrach.

(c) i gcomhréir le mír 34, baineann na bearta cabhrach le hinfheistíocht tosaigh (aithris (18));

(d) i gcomhréir le mír 36, ríomhtar méid na cabhrach faoi threoir costais infheistíochta ábhartha (aithrisí (18) agus (267));

(e) i gcomhréir le mír 37, is i bhfoirm deontais agus díolúine ó cháin atá an chabhair (aithrisí (23) agus (35));

(f) i gcomhréir le mír 39, sholáthair PCC ranníocaíocht airgeadais de bhreis agus 25 % de chostais incháilithe an Tionscadail, i bhfoirm atá saor ó aon tacaíocht phoiblí (aithris (40));

(g) i gcomhréir le mír 40, ríomhtar déine cabhrach na mbeart cabhrach i dtéarmaí choibhéis an deontais chomhláin (aithrisí (267) agus (272)); agus

(h) i gcomhréir le mír 54, is sócmhainní nua a bheadh na sócmhainní a gheofaí (aithris (18)).

(278) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann na bearta cabhrach na ceanglais chomhoiriúnachta, per se, de Threoirlínte 2007.

6.2.5. *Mír 68 de Threoirlínte 2007 a chur i bhfeidhm*

(279) Agus é de chonclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann na bearta cabhrach na ceanglais, per se, de Threoirlínte 2007 (aithris (278)), ní mór dó measúnú a dhéanamh anois ar cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na bearta cabhrach faoi mhír 68 de na treoirlínte sin.

(280) Foráiltear le mír 68 ([120]) de Threoirlínte 2007, i gcás inar mó méid iomlán na cabhrach ó na foinsí uile ná an tairseach 75 % (aithris (97)), nach mór don Choimisiún na tástálacha a leagtar amach i míreanna 68(a) agus (b) a chur i bhfeidhm. Dá gcomhlíonfadh an chabhair na coinníollacha a leagtar amach i mír 68(a) nó (b), ní féidir an chabhair a fhormheas ach amháin tar éis do mheasúnú cuimsitheach a bheith déanta.

(281) Is é EUR 30 milliún an tairseach 75 % is infheidhme sa chás sin. Mar a thug PCC faoi deara, níl sé sin faoi dhíospóid (aithris (97)). Ba é EUR 23 028 787 (PLN 95 981 681) (aithrisí (267) go (272)) an t-uasmhéid cabhrach a dámhadh do PCC i leith an Tionscadail. Dá bhrí sin, ní sháraíonn méid iomlán na cabhrach ó na foinsí uile don Tionscadal an tairseach 75 %.

(282) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nach bhfuil feidhm ag mír 68, agus nach bhfuil sé riachtanach na tástálacha a leagtar amach i míreanna 68(a) agus (b) de Threoirlínte 2007 a dhéanamh. Dá bhrí sin, ní gá measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcabhair do PCC, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 68.

6.2.6. *Tástáil chothromúcháin*

(283) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann na bearta cabhrach coinníollacha mhíreanna 38 (aithris (257)), 67 (aithris (273)), agus 71 (aithris (276)) de Threoirlínte 2007. Dá bhrí sin, comhlíonann siad na ceanglais, per se, na dtreoirlínte sin maidir le comhoiriúnacht. Thairis sin, is é conclúid an Choimisiúin nach spreagann na bearta cabhrach an gá le measúnú cuimsitheach a dhéanamh de bhun mhír 68 de Threoirlínte 2007 (aithris (282)).

([120]) Is mar a leanas atá an fhoclaíocht i mír 68:

'I gcás inar mó méid iomlán na cabhrach ó na foinsí uile ná 75 % den uasmhéid cabhrach a d'fhéadfadh infheistíocht lena ngabhann caiteachas incháilithe EUR 100 milliún a fháil, agus an uasteorainn chaighdeánach cabhrach atá i bhfeidhm i gcás fiontar mór sa mhapa formheasta den chabhair réigiúnach á cur i bhfeidhm an dáta a bhfuil an chabhair le deonú, agus i gcás

(a) ina dtagann níos mó ná 25 % de dhíolacháin an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann ar an margadh nó ar na margaí lena mbaineann ó thairbhí na cabhrach, roimh an infheistíocht nó i gcas ina dtiocfaidh níos mó ná 25 % de na díolacháin sin uaidh tar éis na hinfheistíochta, nó

(b) i gcás ina bhfuil an acmhainneacht táirgeachta a chruthaítear leis an tionscadal níos mó ná 5 % den mhargadh arna tomhas trí úsáid a bhaint as sonraí maidir le tomhaltas dealraitheach … i gcás an táirge lena mbaineann, mura rud é go bhfuil meánráta fáis bliantúil an tomhaltais dhealraithigh sin le 5 bliana anuas os cionn mheánráta fáis bliantúil olltáirgeacht intíre ('OTI') an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch,

ní fhormheasfaidh an Coimisiún cabhair faoi choinne infheistíocht réigiúnach ach amháin tar éis dó fíorú mionsonraithe a dhéanamh, tar éis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 88(2) den Chonradh a thionscnamh, go bhfuil an chabhair riachtanach chun éifeacht dreasachta don infheistíocht a sholáthar, agus gur mó tairbhí na cabhrach ná an saobhadh iomaíochta agus an éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit a bheadh ann de dheasca na cabhrach (fonótaí fágtha ar lár).

(284) Gan beann ar thoradh na dtástálacha faoi mhír 68, chun teacht ar chonclúid maidir le comhoiriúnacht na mbeart cabhrach faoi Threoirlínte 2007, ní mór don Choimisiún a chinneadh cé acu is mó nó nach mó éifeachtaí dearfacha na cabhrach ná a héifeachtaí diúltacha, i gcás ina bhfuil amhras air ina leith sin ([121]).

(285) Tugann an Coimisiún dá aire gur dhámh an Pholainn an deontas i mí Aibreáin 2012 agus an díolúine ó cháin i mí Feabhra 2013. Dá bhrí sin, is iomchuí anailís a dhéanamh ar na cúinsí fíorasacha agus ar na sonraí atá ar fáil, mar a bhí siad an tráth sin.

6.2.6.1. Sochair réigiúnacha

(286) Tugann an Coimisiún dá aire go dtugann an Tionscadal rannchuidiú dearfach substaintiúil leis an bhforbairt réigiúnach, arb é sin is cuspóir do Státchabhair réigiúnach ar nós na mbeart cabhrach atá faoi scrúdú. Go háirithe, tugann an Coimisiún dá aire na tairbhí seo a leanas a bhaineann leis an Tionscadal, a d'fhéadfaí a thuar tráth a dámhadh na bearta cabhrach:

(a) tá an Tionscadal suite i limistéar 'a', nach raibh OTI per capita aige, le haghaidh 2007-2013, ach 47.52 % de mheán AE-25. Thairis sin, tá an limistéar sonrach ina bhfuil an tionscadal lonnaithe faoi mhíbhuntáiste níos mó fós ná an limistéar ina iomláine, agus, sa tréimhse roimh an infheistíocht, bhí ráta dífhostaíochta 21.6 % ann, a raibh 46 % den líon sin dífhostaithe go fadtéarmach (aithris (135));

(b) cruthaítear thart ar 150 post atá ann de thoradh an Tionscadail go díreach, poist do ghairmithe ardoilte san áireamh, chomh maith le poist a cruthaíodh go hindíreach agus deiseanna gnó do sholáthróirí agus do chomhoibrithe (aithrisí (148) go (157), (165), (168), agus (211)). Is díol suntais é go bhfuil deiseanna oiliúna don fhoireann san áireamh le dálaí oibre PCC (aithris (147)). Oibríonn PCC i gcomhar le hollscoileanna agus le pobail mac léinn (aithris (137));

(c) Tugann gníomhaíochtaí taighde agus forbartha PCC nuálaíocht isteach sa limistéar agus sa tionscal, torthaí iarmhartacha ó thaobh an eolais de, agus tá próisis nua agus réitigh eagraíochtúla nua á gcur chun feidhme, i dteicneolaíocht MCAA chomh maith. Cuireadh torthaí ghníomhaíochtaí taighde PCC ar fáil mar chuid de dhianchomhar le hinstitiúidí oideachais áitiúla, céimithe agus mic léinn (aithrisí (138), (151), (155), (158), (160), (163), (164), (166), agus (212));

(d) dreasaíonn an infheistíocht sa Tionscadal infheistíochtaí comhthaobhachta agus fiontraíocht sa réigiún ó ghnólachtaí eile (aithrisí (138), (158), (159), (161), agus (162));

(e) cruthaíonn an infheistíocht sineirgí suntasacha le gléasraí eile i nGrúpa PCC, rud a chuidíonn le laghdú a dhéanamh ar an ídiú leictreachais agus ar astaíochtaí CO_2, agus le hiompar na n-ábhar guaiseach de bhóthar a sheachaint (aithrisí (139), (154), (164), (166), agus (213)); agus

(f) de thoradh an Tionscadail, aistrítear méideanna suntasacha cánach chuig an mbuiséad poiblí, agus cuirtear feabhas ar an mbonneagar tionsclaíoch sa limistéar, tá tairbhe ann do ghnólachtaí áitiúla, tá laghdú déanta ar dhífhostaíocht, agus cuirtear feabhas ar an gcomhar réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta (aithrisí (141), (148), (159), (162), agus (163)).

6.2.6.2. Éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann: ró-acmhainn

(287) Tugann an Coimisiún dá aire go maíonn an Gearánach gur dhírigh an Tionscadal ar mhargadh a raibh ró-acmhainn ann (aithris (51)).

(288) Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhírigh nó nár dhírigh an Tionscadal ar mhargadh a raibh ró-acmhainn ann, agus, más ea, ar an tionchar a bheadh ann ar an tástáil chothromúcháin, ní mór an margadh táirgí ábhartha agus na margaí geografacha ábhartha a shuíomh, ar an gcéad dul síos.

6.2.6.2.1. Margadh táirgí ábhartha

(289) Tugann an Coimisiún dá aire go maíonn an Gearánach gurb é an margadh le haghaidh MCAA ultra-íon ('UP MCAA') atá i gceist leis an margadh táirgí ábhartha (aithris (51), agus aithrisí (135) agus (136) den Chinneadh Tosaigh), agus go maíonn an Pholainn agus PCC gurb é an margadh le haghaidh MCAA, ina iomláine, an margadh táirgí ábhartha (aithrisí (105) go (108), agus (209)).

([121]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 10 Iúil 2012, *Smurfit Kappa Group plc* v *an Coimisiún*, T-304/08, EU:T:2012:351, míreanna 89 go 91.

(290) Meabhraíonn an Coimisiún go sonraítear i mír 69 de Threoirlínte 2007 go gcuimsítear sa mhargadh táirgí ábhartha ‘an táirge lena mbaineann agus na táirgí atá ann ina ionad, arb é an táirge sin nó táirgí ina ionad atá ann dar leis an tomhaltóir (mar gheall ar shaintréithe, praghsanna agus úsáid bheartaithe an táirge) nó dar leis an táirgeoir (trí sholúbthacht na suiteálacha táirgthe)’ (béim curtha leis). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún, más ea go bhfuil aicmí íonachta éagsúla MCAA inionadaithe dar leis an tomhaltóir nó leis an táirgeoir, gur cheart iad a mheas mar chuid den mhargadh táirgí céanna.

(291) Tugann an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, nach ndéantar idirdhealú idir aicmí íonachta sna tuarascálacha éagsúla margaidh a sholáthair an Pholainn (aithrisí (217) go (219)), ach, ina ionad sin, go láimhseáiltear margadh MCAA ina iomláine. Thairis sin, ní dhéantar idirdhealú idir aicmí íonachta san eolas mhargaidh a sholáthair an Gearánach le linn chéim an réamhscrúdaithe (féach aithris (26) den Chinneadh Tosaigh), ach déantar tagairt ann do mhargadh MCAA, ina iomláine. Ina chás-chleachtas roimhe seo, chinn an Coimisiún nach cosúil go bhfuil comharthaí leormhaithe ann go bhfuil aicmí íonachta difriúla ina n-údar cuí leis an margadh táirgí a dheighilt, agus mheas an Coimisiún margadh MCAA ina iomláine ([122]).

(292) Maidir le taobh an éilimh, tugann an Coimisiún dá aire go n-áitíonn an Gearánach go bhfuil dhá mhargadh ar leith ar a laghad ann le haghaidh táirgí MCAA: margadh amháin le haghaidh an dá leibhéal íonachta is airde, agus margadh amháin le haghaidh an dá leibhéal íonachta is ísle (aithris (136) den Chinneadh Tosaigh), cé go maíonn PCC go mbraitheann úsáid ghrád íonachta MCAA ar roghanna a dhéanann na cliaint, seachas ar theorainneacha a bhaineann lena shaintréithe, lena phraghas, agus leis an úsáid a bheartaítear a bhaint as (aithris (105)). Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil úsáidí ginearálta MCAA (aithris (21)) mórán mar an gcéanna, gan beann ar an íonacht. I gcás roinnt úsáidí sonracha MCAA, d’fhéadfadh sé gur fearr le custaiméirí grád íonachta níos airde.

(293) In aon chás, maidir le taobh an tsoláthair, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil solúbthacht iomlán ag an nGearánach, Nouryon (ar a dtugtaí Akzo Nobel roimhe seo), agus ag PCC chomh maith trína suiteálacha táirgthe MCAA de na haicmí íonachta uile a tháirgeadh (aithris (106)). Dá bhrí sin, is cosúil, ó thaobh an tsoláthair de, gur cheart gráid íonachta difriúla MCAA a mheas mar tháirgí ionadacha. Dá thoradh sin, is é conclúid an Choimisiúin, i bhfianaise leibhéal ard na hinionadaitheachta ó thaobh an tsoláthair de, agus in éagmais táscairí suntasacha go bhfuil easpa inionadaitheachta ann ar thaobh an éilimh, nach iomchuí an margadh le haghaidh MCAA a roinnt a thuilleadh, agus gurb é margadh MCAA atá i gceist leis an margadh táirgí ábhartha, gan beann ar an ngrád íonachta.

6.2.6.2.2. Margadh geografach ábhartha

(294) Tugann an Coimisiún dá aire go maíonn an Gearánach gurb é LEE an margadh geografach ábhartha (aithris (51)), ach go maíonn an Pholainn agus PCC gurb é atá i gceist ar a laghad leis an limistéar lena gcumhdaítear LEE, Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Theas (aithrisí (109) go (112), agus (209)).

(295) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an cás-chleachtas a bhí aige roimhe seo neamhchonclúideach i ndáil leis sin. Cé gur chinn an Coimisiún, ina chinneadh maidir le cumasc idir Akzo agus Nobel Industries in 1994 ([123]), gurbh iomchuí scrúdú a dhéanamh ar mhargadh Iarthar na hEorpa le haghaidh MCAA, in 2020, thug an Coimisiún dá aire go bhféadfadh sé nach mbeadh an margadh sin ábhartha a thuilleadh agus d’fhág sé an sainmhíniú ar mhargadh geografach MCAA gan teorainn ([124]).

(296) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire gur cosúil go bhfuil an Gearánach, é féin, atá bunaithe san Aontas, ina easpórtálaí mór chuig margaí Mheiriceá Thuaidh agus Mheiriceá Theas ar a laghad (aithris (111)). Is cosúil go dtagann sé sin salach ar a mhaíomh go bhfuil an margadh teoranta do LEE.

([122]) Cinneadh ón gCoimisiún C(2004) 4876 final ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2005 maidir le himeacht de bhun Airteagal 81 de Chonradh CE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE, Cás Uimh. COMP/E-1/.37.773 – MCAA (IO L 353, 13.12.2006, lch. 12, http://data.europa.eu/eli/dec/2006/897/oj); Cinneadh ón gCoimisiún an 10.01.1994 i gCás Uimh. IV/M.390 – AKZO/Nobel Industries, mír 12; Cinneadh ón gCoimisiún C(2020) 4294 final ón gCoimisiún, an 23.6.2020, i gCás M.9756 – Nouryon/CP Kelco, mír 42.

([123]) Cinneadh ón gCoimisiún an 10.01.1994 i gCás Uimh. IV/M.390 – AKZO/Nobel Industries, mír 13.

([124]) Cinneadh ón gCoimisiún C(2020) 4294 final ón gCoimisiún, an 23.6.2020, i gCás M.9756 – Nouryon/CP Kelco, míreanna 50 – 52.

(297) Tugann an Coimisiún dá aire gur cosúil sé go bhfuil trádáil láidir in MCAA idir an Eoraip agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Luaitear i dTuarascáil SRI 2011 ([125]), gur ó earraí iompórtála a tháinig 43 % de thomhaltas MCAA na Stát Aontaithe in 2010, agus gur sholáthair an Ghearmáin 69 % de na hearraí sin agus gur sholáthair an Ísiltír 24 % díobh ([126]). Tá fianaise ann freisin go bhfuil trádáil shuntasach ann idir an Eoraip agus an chuid eile de Mheiriceá Thuaidh. Tugtar le fios i dTuarascáil SRI 2011 maidir le Ceanada – nach raibh aon táirgeoir intíre MCAA ann – go n-iompórtáiltear MCAA chuige ón tSualainn, ón Ísiltír agus ón nGearmáin ([127]), agus gur iompórtáil Meicsiceo ón nGearmáin go traidisiúnta freisin ([128]). Ina theannta sin, is cosúil freisin go n-iompórtálann tíortha Mheiriceá Láir agus Mheiriceá Theas méideanna suntasacha MCAA ón Eoraip. Mar shampla, is ón nGearmáin a tháinig 34 % d'earraí iompórtála na hAirgintíne in 2010, agus d'iompórtáil an Bhrasaíl agus an Cholóim MCAA freisin ([129]).

(298) Mar a thugann an Pholainn agus PCC le fios (aithrisí (112) agus (209)), d'fhéadfadh fiúntas áirithe a bheith i gceist lena áitiú go bhfuil an margadh geografach níos leithne fós ná an Eoraip agus Críocha Mheiriceá. Mar shampla, luaitear i dTuarascáil SRI 2011 gur ón tSeapáin (41 %) agus ón India (39 %) a tháinig formhór na n-earraí iompórtála chuig Iarthar na hEorpa in 2006, cé gur ón India a tháinig beagnach na n-earraí iompórtála uile ó bhí 2008 ann; is mionmhéideanna atá i gceist le hearraí iompórtála den sórt sin chuig Iarthar na hEorpa fós, áfach. In 2010, díríodh cuid mhór d'earraí easpórtála Iarthar na hEorpa chuig SAM, chuig an Airgintín agus chuig an Afraic Theas ([130]). Idir an dá linn, is cosúil go dtugtar le tuiscint i dtuarascáil Tecnon Orbichem gur margadh domhanda é margadh MCAA ([131]). Mar a thug PCC agus an Pholainn faoi deara (aithrisí (112) agus (209)), féadfaidh monaróirí na hÁise a n-aird a dhíriú ar spriocanna lasmuigh de mhargaí na hEorpa agus Mheiriceá. Is léir, áfach, gur cosúil go bhfuil trádáil chobhsaí ann idir an Eoraip agus Críocha Mheiriceá ar a laghad in MCAA.

(299) Is é conclúid an Choimisiúin nach bhfuil an margadh le haghaidh MCAA teoranta do EEA. Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire nach gá dó teacht ar chonclúid maidir leis an margadh geografach ábhartha beacht (de bhreis ar an margadh ábhartha sin a bheith níos leithne ná LEE), chun a mheasúnú a dhéanamh, toisc, maidir lena mhéid atá an margadh geografach ábhartha suite lasmuigh de LEE, nach bhfuil tionchar ábhartha aige sin ar thorthaí anailís an Choimisiúin ar threochtaí an mhargaidh ábhartha (aithrisí (301) go (305)).

6.2.6.2.3. Treochtaí sa mhargadh

(300) Ina ghearán, d'áitigh an Gearánach go bhfuil margadh MCAA thíos le ró-acmhainn, agus go gcuirfeadh an Tionscadal leis an ró-acmhainn sin.

(301) Tugann an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, nach dtacaíonn na sonraí a sholáthair an Gearánach (féach Cinneadh Tosaigh, aithris (26)) leis an maíomh go raibh ró-acmhainn struchtúrach i margadh MCAA sna blianta roimh an gcinneadh infheistíochta ó PCC. Ina áit sin, leis na figiúirí a cuireadh i láthair, taispeántar margadh ina bhfuil an t-éileamh réasúnta cobhsaí (faoi réir na n-éifeachtaí a tháinig láithreach le géarchéim airgeadais 2008), leibhéal réasúnta ard cobhsaí d'earraí easpórtála ón Aontas chuig tríú tíortha, agus ina bhfuil earraí iompórtála ar leibhéil an-íseal. D'fhan na leibhéil táirgeachta san Eoraip cobhsaí i gcomhréir leis an acmhainneacht fhoriomlán. Tugann an Coimisiún dá aire, nach léiriú ann féin ar ró-acmhainn struchtúrach an t-éileamh a bheith fós faoi bhun na dearbh-acmhainneachta táirgeachta, go háirithe i bhfianaise an fhíorais, mar a d'áitigh PCC agus an Pholainn, go bhfuil an acmhainneacht éifeachtach níos ísle ná an acmhainneacht ainmniúil (aithrisí (130) agus (224)) ([132]). Ar an gcaoi chéanna, an cúinse go raibh an t-éileamh Eorpach, mar a bhí, níos ísle ná an táirgeacht éifeachtach nó an acmhainneacht éifeachtach, ní comhartha é sin de ró-acmhainn struchtúrach, i bhfianaise gur easpórtáladh cuid mhór de tháirgeacht na hEorpa go bliantúil, ar leibhéal réasúnta cobhsaí. Dá bhrí sin, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil na sonraí a sholáthair an Gearánach ina bhfianaise ar mhargadh a raibh ró-acmhainn ann tráth a thug PCC faoina infheistíocht.

(302) Maidir leis an maíomh go gcuirfeadh an Tionscadal leis an ró-acmhainn, tugann an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, mar a luaitear thuas, nach raibh ró-acmhainn struchtúrach le sonrú ar phríomh-shaintréithe an mhargaidh roimh an infheistíocht. Mar sin féin, rinne an Coimisiún measúnú chun féachaint an bhféadfadh an infheistíocht ró-acmhainn a chruthú.

([125]) Leathanach 16.
([126]) Tá an Gearánach lonnaithe sa Ghearmáin, agus tá Nouryon (ar a dtugtaí Akzo Nobel roimhe seo) lonnaithe san Ísiltír.
([127]) Leathanach 18.
([128]) Leathanach 20. Don tréimhse 2001-2006, tháinig 70 % d'earraí iompórtála Mheicsiceo ón nGearmáin, cé gur tháinig 58 % d'earraí iompórtála ón India faoi 2010.
([129]) Tuarascáil 2011 SRI, lch. 21.
([130]) Leathanach 25.
([131]) Leathanach 59.
([132]) Comhthacaíonn Tuarascáil Tecnon Orbichem leis sin, ina dtugtar le fios go bhféadfaí talamh slán a dhéanamh de go bhfuil 90-95 % de acmhainneacht ainmniúil, nó níos lú, i gceist leis an acmhainneacht éifeachtach.

(303) Meabhraíonn an Coimisiún gur dearadh an Tionscadal chun go mbeadh acmhainneacht táirgeachta bhliantúil ainmniúil dar méid 42 kt ag an Tionscadal (aithris (18)). Mar sin féin, meastar go bhfuil a acmhainneacht táirgeachta iarbhír idir [34 – 40] kt in aghaidh na bliana (aithrisí (130) agus (224)). Tá sé ceart, dá mba rud go mbeadh an t-éileamh áitiúil agus na hearraí easpórtála comhionann fós, go gcuirfeadh sé sin acmhainneacht shubstaintiúil leis an margadh. Mar sin féin, mar a chuir PCC agus an Pholainn i dtábhacht, ní mór measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht a chuirtear leis an margadh i bhfianaise éileamh ionchasach an mhargaidh tráth na hinfheistíochta ([133]).

(304) Leis na tuarascálacha neamhspleácha a sholáthair an Pholainn, a bhí ar fáil tráth a deonaíodh na bearta cabhrach, soláthraítear réamhaisnéisí le haghaidh 2015. Tugtar le fios i dTuarascáil SRI 2011 go dtiocfadh, idir 2010 agus 2015, dearbh-mhéadú ar thomhaltas bliantúil MCAA sna príomh-mhargaí uile, mar atá, méadú [14-16.5] kt san Eoraip amháin, [18-22] kt san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe in éineacht le chéile, [20-24] kt san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh in éineacht le chéile, [22-27] kt san Eoraip agus i gCríocha Mheiriceá, san iomlán, agus [150-180] kt ar fud an domhain (aithris (218)). Is éard atá i gceist leis sin go raibh coinne le CAGR dearfach (ráta fáis iolraithe bliantúil) do 2010-2015, bunaithe ar mhéid, dar méid [1.4-1.6] % don Eoraip, [1.4-1.6] % don Eoraip agus do SAM, [1.4-1.6] % don Eoraip agus do Mheiriceá Thuaidh, [1.4-1.6] % don Eoraip agus do Chríocha Mheiriceá, agus [3.2-3.7] % don domhan.

(305) Idir an dá linn, taispeántar i dTuarascáil Tecnon Orbichem sonraí réamhaisnéise do na blianta 2010 go 2015, lena dtugtar le fios go dtiocfadh méadú ar thomhaltas MCAA, de réir méid, in aghaidh na bliana, dar méid [14-15.2] kt san Eoraip, [22-26] kt san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, [30-33] kt san Eoraip agus i gCríocha Mheiriceá, agus [90-105] kt ar domhan (aithris (219)). Is éard atá i gceist leis sin go raibh coinne le CAGR dearfach le haghaidh 2010-2015 dar méid [1.3-1.5] % don Eoraip, [1.4-1.6] % don Eoraip agus Meiriceá Thuaidh, [1.7-1.9] % don Eoraip agus do Chríocha Mheiriceá, agus [2.6-2.8] % don domhan. Sa tuarascáil chéanna sin, tugtar le fios go mbeadh CAGR dearfach ann i gcaitheamh na gcúig bliana 2010-2014 dar méid [1.2-1.4] % don Eoraip, [1.4-1.6] % don Eoraip agus do Mheiriceá Thuaidh, [1.6-1.9] % don Eoraip agus do Chríocha Mheiriceá, agus [2.7-3] % don domhan.

(306) Tugann an Coimisiún dá aire gur ghá na réamh-mheastacháin maidir le fás an mhargaidh tráth a dámhadh na bearta cabhrach a bhunú ar mheastacháin. Meabhraíonn an Coimisiún, cé go raibh fás tuartha don mhargadh cheana féin sna tuarascálacha a luaitear in aithrisí (304) agus (305), go raibh tuarascálacha eile níos dóchasaí fós, i ndáil leis sin. I dtuarascálacha a ullmhaíodh le haghaidh PCC an tráth a rinneadh an cinneadh infheistíochta, mar shampla, tugadh le fios go raibh coinne le leibhéal fáis níos airde fiú, dar méid [1.9-2.3]-[3-3.6] % i gcás mhargadh MCAA san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh do 2010-2015, chomh maith le rátaí fáis comhchosúla i gcás na margaí dá tháirgí iartheachtacha (aithris (220)).

(307) Tugann an Coimisiún dá aire freisin, tráth a thug PCC faoin Tionscadal, go raibh margadh MCAA ina mhargadh tarraingteach don infheistíocht, ós rud é gur fhógair an Gearánach agus Akzo Nobel araon infheistíochtaí chun a n-acmhainneacht táirgeachta a mhéadú sna blianta roimh thús na n-oibreacha ar an Tionscadal agus ina dhiaidh sin (aithrisí (132) agus (223)). Dá bhrí sin, deimhnítear leis sin go raibh coinne leis go bhfásfadh na margaí le haghaidh MCAA agus a tháirgí iartheachtacha agus go nglacfaidís isteach an acmhainneacht táirgeachta a cuireadh leis an margadh (aithrisí (129), (131), (133), (133), agus (217) go (220)).

(308) Dá réir sin, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (301) go (307), measann an Coimisiún, cibé margadh geografach a ndéantar measúnú air, go raibh coinne leis go dtiocfadh fás ar an éileamh ar MCAA sna blianta tar éis na hinfheistíochta. Dá bhrí sin, nuair a dámhadh na bearta cabhrach do PCC, ní raibh meath ag teacht ar mhargadh iomlán MCAA ná ní raibh ró-acmhainn struchtúrach ann, agus, i bhfianaise na réamhaisnéise faoin bhfás ar an margadh, agus fianaise ag tacú leis sin, ní raibh coinne leis go dtiocfadh meath ar an margadh iomlán ná go mbeadh ró-acmhainn struchtúrach sa todhchaí, agus an acmhainneacht a cruthaíodh leis an Tionscadal á cur san áireamh freisin.

(309) Ar deireadh, agus éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na cabhrach á gcothromú le chéile, tugann an Coimisiún dá aire go raibh sciartha suntasacha den mhargadh ag an nGearánach agus ag Akzo Nobel, gan beann ar an réigiún lena mbaineann. Léirítear i dTuarascáil SRI 2011 go raibh na sciartha seo a leanas ag an nGearánach agus ag Akzo Nobel den acmhainneacht táirgeachta in 2010: thart ar 97 % den acmhainneacht táirgeachta san Eoraip, 74 % di san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, agus 73 % di san Eoraip agus i gCríocha Mheiriceá. Aithníodh ceannasacht an dá chuideachta sin sa mhargadh i dtuarascáil Tecnon Orbichem freisin, inar tugadh tuairisc ar Akzo Nobel mar

([133]) Tugann an Coimisiún dá aire, i dtuarascáil Chemdata International 2018 ón gComhairle Eorpach um Thionscal na gCeimiceán ('CEFIC') (Facts & Figures of the European chemical industry) (fonóta 73), go sonraítear '[i]n 2009, ó thaobh an ioncaim ó dhíolacháin [i dtionscal na gceimiceán] gur cailleadh níos mó ná an cúigiú cuid dá luach bunaidh in 2008. Ba í an bhliain 2010 bliain an téarnaimh, agus tá earnáil na gceimiceán ag cur cor chun feabhais de diaidh ar ndiaidh...'.

'chuideachta cheannródaíoch domhanda', agus ar an nGearánach mar an 'dara cuideachta is mó'. Tugadh le fios sa tuarascáil sin, don tréimhse 2012-2013 (nuair a dámhadh na bearta cabhrach don Tionscadal), gur tuaradh go mbeadh sciartha 92 % de mhargadh na hEorpa, 73 % de mhargadh na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh, agus 71 % den mhargadh don Eoraip, do Mheiriceá Thuaidh agus do Mheiriceá Theas ag an nGearánach agus ag Akzo Nobel in éineacht le chéile. Tugann an Coimisiún dá aire gur oibrigh an Gearánach agus Akzo Nobel cairtéal go stairiúil ([134]) i margadh MCAA (aithris (125)). Chuir an Tionscadal ar chumas PCC dul isteach i margadh MCAA, a bhí faoi cheannas dhé-oplacht an Ghearánaigh agus Akzo Nobel roimhe sin. Dá bhrí sin, bhí poitéinseal ann i ndáiríre go gcuirfí feabhas ar na dálaí iomaíochta do chustaiméirí MCAA dá dtiocfadh PCC isteach sa mhargadh (aithrisí (125), (126) agus (215)).

6.2.6.3. Torthaí na tástála cothromúcháin

(310) Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire, an tráth a thug PCC faoin Tionscadal agus a deonaíodh cabhair dó lena aghaidh, nach raibh meath ag teacht ar mhargadh iomlán MCAA, agus gur tuaradh go dtiocfadh fás air sa ghearrthéarma. Léirítear é sin i dtuarascálacha neamhspleácha atá comhaimseartha leis an tréimhse nuair a deonaíodh na bearta cabhrach, agus rud atá ina fhianaise air sin is ea go raibh cuideachtaí eile sa mhargadh ag déanamh infheistíochta in acmhainneacht táirgeachta bhreise an tráth sin. Ní hamháin gur tháinig tairbhí suntasacha isteach sa réigiún de thoradh an Tionscadail, ach cuireadh feabhas ar dhálaí margaidh dá bharr freisin toisc go raibh iontrálaí nua in ann teacht isteach i margadh dé-oplachta MCAA. Tugann an Coimisiún dá aire go raibh cairtéal á oibriú i margadh MCAA roimhe sin ag cuideachtaí na dé-oplachta atá ann faoi láthair.

(311) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin, gur mó éifeachtaí dearfacha na mbeart cabhrach ná na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta sin ar iomaíocht agus ar thrádáil, agus nach mbeadh saobhadh iomaíochta do-ghlactha ann de dheasca na mbeart cabhrach.

6.2.7. *Conclúid maidir le comhoiriúnacht le Treoirlínte 2007*

(312) Is conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann na bearta cabhrach na critéir chomhoiriúnachta, per se, de Threoirlínte 2007 agus nach spreagann siad an gá le measúnú cuimsitheach de bhun mhír 68 de na treoirlínte sin (aithris (283). Is é conclúid an Choimisiúin freisin gur mó éifeachtaí dearfacha na cabhrach ná na héifeachtaí diúltacha (aithris (311)). Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin, go bhfuil na bearta cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (a), den Chonradh, mar a léirmhínítear le Treoirlínte 2007.

(313) Ós rud é gurb é conclúid an Choimisiúin go bhfuil na bearta cabhrach comhoiriúnach faoi Threoirlínte 2007, níl aon ghá le measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann siad na critéir a leagtar síos i mbunúis comhoiriúnachta eile, cuir i gcás Rialachán 800/2008, nó nach gcomhlíonann.

7. **CONCLÚID**

(314) Is é cinneadh an Choimisiúin go bhfuil an deontas agus an díolúine ó cháin a dheonaigh an Pholainn do PCC i leith an Tionscadail comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (a), den Chonradh, mar a léirmhínítear le Treoirlínte 2007.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Státchabhair atá curtha chun feidhme ag an bPolainn i gcás PCC, arb é atá inti uasmhéid PLN 95 981 681 (EUR 23 028 787), i luach lascainithe, tá sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([134]) Tugtar le fios in Airteagal 1 den chinneadh Cairtéil gur ghlac cuideachtaí i ngrúpa Akzo Nobel páirt sa chairtéal idir an 1 Eanáir 1984 agus an 7 Bealtaine 1999, gur ghlac Hoescht AG páirt ann idir an 1 Eanáir 1984 agus an 31 Meitheamh 1997, agus gur ghlac Clariant AG páirt ann idir an 1 Iúil 1997 agus an 7 Bealtaine 1999 (ba réamhtheachtaithe an Ghearánaigh iad cuideachtaí Hoescht agus Clariant).

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2025

Thar ceann an Choimisiúin
Teresa RIBERA
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin